Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Márta 2025
(OR. en)

15941/2/24
REV 2

COSI 214
ENFOPOL 463
IXIM 234
CATS 109
COPEN 500
CYBER 342
DATAPROTECT 332

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11281/24 |
| Ábhar: | Tuarascáil chríochnaitheach ón nGrúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí |

Thar ceann chomhchathaoirligh an Ghrúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí, tá tuarascáil chríochnaitheach an Ghrúpa Ardleibhéil curtha ar fáil ag an Uachtaránacht do na toscaireachtaí san Iarscríbhinn.

Léiríonn an leagan athbhreithnithe seo na hathruithe eagarthóireachta a rinneadh le linn an athbhreithnithe teanga.

# *Tuarascáil chríochnaitheach ón nGrúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí*

***an 15 Samhain 2024***

**Is iad tuairimí shaineolaithe an Ghrúpa Ardleibhéil, agus iadsan amháin, iad na tuairimí a léirítear anseo agus ní ceart a mheas gur léiriú iad ar sheasamh oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh ná na Comhairle.**

*Na moltaí a chuir an Grúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí, tá siad le cur chun feidhme agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú go hiomlán. Níl siad infheidhme ach amháin maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí agus uirlisí tráchtála a úsáidtear chun críoch breithiúnach agus ní dochar iad do fhreagracht eisiach na mBallstát i ndáil leis an tslándáil náisiúnta. Eisiatar, dá bhrí sin, ó raon feidhme na moltaí sin, uirlisí ceannasacha agus uirlisí a úsáidtear agus/nó a fhorbraítear go heisiach chun críocha slándála náisiúnta.*

# Clár

**Achoimre feidhmiúcháin** .......... **4**

**Rochtain dhleathach: na príomhdhúshláin** .......... **9**

**Caibidil I: Fóiréinsic dhigiteach** .......... **17**

CAD IAD NA SAINCHEISTEANNA? .......... 17

RÉITIGH FHÉIDEARTHA .......... 20

I. Iarrachtaí a mhéadú agus a chuíchóiriú chun feabhas a chur ar acmhainneacht i réimse uirlisí na fóiréinsice digití 20

II. Acmhainneachtaí a mhalartú agus uirlisí íogaire a chomhroinnt 30

III. Infheistíochtaí comhchoiteanna chun scileanna a fhorbairt agus saineolas a fheabhsú i réimse na fóiréinsice digití 32

IV. Rochtain dhleathach a éascú 35

**Caibidil II: Coinneáil sonraí** .......... **38**

CAD IAD NA SAINCHEISTEANNA? .......... 38

I. Saincheisteanna laistigh de dhlínse na mBallstát 40

II. Saincheisteanna trasteorann san Aontas Eorpach 41

III. Saincheisteanna a bhaineann le OTT agus soláthraithe eile 45

RÉITIGH FHÉIDEARTHA .......... 46

I. An comhar idir soláthraithe cumarsáide agus cleachtóirí cumarsáide a threisiú 46

II. Rialacha íosta maidir le soláthraithe cumarsáide a bheith ag coinneáil meiteashonraí agus rochtain ag údaráis inniúla ar na meiteashonraí sin a chomhchuibhiú 53

**Caibidil III: Idircheapadh dleathach** .......... **57**

CAD IAD NA SAINCHEISTEANNA? .......... 57

I. Idircheapadh dleathach cumarsáide a dhéantar trí sholáthraithe cumarsáide neamhthraidisiúnta 60

II. Iarrataí trasteorann 62

III. Teicneolaíocht 64

IV. Soláthraithe cumarsáide de chineál coiriúil 67

RÉITIGH FHÉIDEARTHA .......... 69

I. Iarrataí dleathacha idircheaptha a dhéanamh infhorfheidhmithe do gach cineál soláthraí seirbhísí cumarsáide leictreonaí 69

II. Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin theicneolaíocha 77

# Achoimre feidhmiúcháin

Is éard atá san Aontas Eorpach limistéar saoirse, slándála agus ceartais ina n-urramaítear cearta bunúsacha agus córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát. Féachann sé le hardleibhéal slándála[1] a áirithiú trí bhearta chun an choireacht a chosc agus a chomhrac agus chun comhordú agus comhar a éascú idir na húdaráis forfheidhmithe dlí, na húdaráis bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile.

Mar thoradh ar fhorbairtí teicneolaíochta agus ar dhigiteáil ár sochaithe, tá athruithe suntasacha tagtha ar shaol laethúil na saoránach agus tá dúshláin nua roimh na húdaráis forfheidhmithe dlí agus na húdaráis bhreithiúnacha maidir le hardleibhéal slándála a áirithiú, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. I ré dhigiteach an lae inniu, tá gné dhigiteach ag baint le beagnach gach imscrúdú coiriúil. Tugadh aird air sin i mí Aibreáin 2023 sa chreatnóta don Ghrúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí:

> Baintear mí-úsáid as teicneolaíochtaí agus uirlisí […] chun críoch coiriúil freisin. Leis an bhforbairt sin, tá sé ag éirí níos dúshlánaí forfheidhmiú éifeachtach an dlí a choinneáil ar bun ar fud an Aontais chun an tslándáil phoiblí a chosaint agus coireacht a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus chun ionchais dhlisteanacha na n-íospartach i dtaca le ceartas agus cúiteamh a shásamh. Mura dtabharfar aghaidh mar is ceart ar an méid sin, tá an baol ann go mbeidh coirpigh in ann, de dheasca na treochta reatha sin, iad féin a cheilt […]. Is bagairt thromchúiseach an méid sin ar shlándáil an duine aonair agus na sochaí agus d'fhéadfadh sé bac a chur, ar deireadh, ar oibleagáid dhearfach an stáit leanúint den smacht reatha agus de shochaí dhaonlathach a áirithiú[2].

[1] Chun críoch an doiciméid seo, ciallaíonn an téarma 'slándáil' coireacht a chomhrac nó bagairtí ar an tslándáil phoiblí a chosc.

[2] 8281/23 an 13 Aibreán 2023.

Ráthaítear an ceart go ndéanfar saol príobháideach agus saol teaghlaigh, cónaí agus cumarsáid an duine a urramú, agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Éacht mór i sochaithe daonlathacha is ea rúndacht na cumarsáide, bíodh sin i scríbhinn nó ar an nguthán, lena n-áirithítear nach bhféadfaidh an Stát ná gníomhaithe príobháideacha cur isteach ar shaoirse cainte daoine agus lena n-éascaítear bunú sochaí sibhialta rathúla. Is féidir teachtadh na gceart sin a bheith faoi réir teorainneacha faoin dlí, go háirithe maidir le bearta atá beartaithe chun an tslándáil náisiúnta, an chosaint náisiúnta nó an tslándáil phoiblí a choimirciú agus maidir le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh nó maidir le húsáid neamhúdaraithe córas cumarsáide leictreonaí, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin riachtanach, iomchuí agus comhréireach i sochaí dhaonlathach. Dá bhrí sin, féadfaidh na húdaráis forfheidhmithe dlí agus na húdaráis bhreithiúnacha cumarsáid i scríbhinn a oscailt agus a léamh, glaonna teileafóin a idircheapadh agus éisteacht le comhráite, má mheastar gur gá sin, go bhfuil sé comhréireach agus go bhfuil údar cuí leis, má tá na bearta sin i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla is infheidhme agus má dhéantar iad agus urraim chuí á tabhairt do chearta bunúsacha. Ba cheart an fhéidearthacht sin a bheith ar fáil do na húdaráis inniúla uile, gan beann ar fhorbairtí teicneolaíochta. Le hiomadú na gcineálacha nua cumarsáide idirphearsanta le blianta beaga anuas, tá ar an tsochaí go léir oiriúnú do réaltachtaí nua. Ní mór dúinn a áirithiú go leanfar de chosaint na cumarsáide idir saoránaigh, agus ag an am céanna go mbeidh na húdaráis forfheidhmithe dlí agus na húdaráis bhreithiúnacha in ann a ndualgas a chomhlíonadh i gcónaí maidir le saoránaigh a chosaint tríd an gcoireacht thromchúiseach eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac. Tá géarghá leis an oiriúnú, agus iarrann na saineolaithe ar lucht ceaptha beartas gníomhú go pras toisc go bhfuil na húdaráis forfheidhmithe dlí chun deiridh cheana féin ar luas na bhforbairtí teicneolaíochta, rud a théann i bhfeidhm go díreach ar a gcumas cearta na saoránach a chosaint.

Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag na hairí ceartais agus gnóthaí baile an 26 Eanáir 2023, rinne na hairí gnóthaí baile a machnamh ar na dúshláin a bhaineann le forbairtí teicneolaíocha d'fhorfheidhmiú an dlí sa ré dhigiteach. Chuir siad in iúl freisin gur cúis imní dóibh go bhfuil sé ag éirí níos dúshlánaí, de bharr na rialacha is infheidhme agus a léirmhíniú trí chásdlí, agus na mbac praiticiúil agus oibríochtúil, do na húdaráis forfheidhmithe dlí a gcuid oibre a dhéanamh, go háirithe i ndáil leis na sonraí is gá a choinneáil agus rochtain a fháil orthu chun coireacht a imscrúdú agus a ionchúiseamh[3].

---

[3] <u>Féach</u> tiomsú barúlacha ó na Ballstáit in 7184/1/23 REV 1 an 23 Márta 2023.

Tar éis an phlé sin, d'fhormhuinigh an Chomhairle bunú grúpa chun fís straitéiseach réamhbhreathnaitheach a fhorbairt maidir le rochtain éifeachtach dhleathach a bheith ag na húdaráis bhreithiúnacha agus ag na húdaráis forfheidhmithe dlí ar shonraí, fianaise leictreonach agus faisnéis sa ré dhigiteach: an **Grúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí**[4].

Ba é an sprioc a bhí ag an nGrúpa Ardleibhéil teacht ar réitigh ar an dúshlán sonrach a bhaineann le rochtain dhleathach ar shonraí a cheadú chun ardleibhéal slándála a chaomhnú do gach duine atá ina chónaí san Aontas, agus comhlíonadh na gceart bunúsach á áirithiú ag an am céanna, lena n-áirítear na cearta chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí, chomh maith le hardleibhéal cibearshlándála, trí réitigh éifeachtúla a sheasfaidh an aimsir.

Tá an **42 mholadh**[5], an príomhthoradh a d'eascair as obair an Ghrúpa Ardleibhéil, tagtha ag tráth a bhfuil méadú ag teacht ar ghlaonna ar chuntasacht ar líne. Tugtar aghaidh sna moltaí ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus ar na dúshláin a bhfuil coinne leo i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha, arb é is aidhm dóibh go nglacfaidh an tAontas cur chuige cuimsitheach i leith imscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla éifeachtacha a áirithiú. Tá na moltaí cnuasaithe ina dtrí bhloc: **fothú acmhainneachta; comhar a dhéanamh le hearnáil na tionsclaíochta agus le heagraíochtaí um chaighdeánú; agus bearta reachtacha.** Leagtar béim iontu ar na dúshláin atá roimh an lucht forfheidhmithe dlí maidir le rochtain a fháil ar shonraí i bhformáid inléite le haghaidh imscrúduithe coiriúla mar gheall ar easpa oibleagáidí comhchuibhithe maidir le coinneáil sonraí agus ceanglais dhiana chásdlí an Aontais, an méadú atá ag teacht ar úsáid criptiúcháin ó cheann go ceann agus an easpa comhair ó sheirbhísí teileachumarsáide neamhthraidisiúnta áirithe. Cé gur díol sásaimh iad na rialacha maidir le r-fhianaise, cuirtear i bhfios go láidir sna moltaí na teorainneacha maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le criptiú agus iarrtar comhar níos láidre idir na húdaráis forfheidhmithe dlí agus na húdaráis bhreithiúnacha agus soláthraithe seirbhíse chun idirphlé buan agus tuiscint fhrithpháirteach ar riachtanais oibríochtúla, theicniúla agus ghnó a chothú agus chun deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar shonraí criptithe a shárú. Dar le saineolaithe, le comhar níos láidre idir an lucht forfheidhmithe dlí agus soláthraithe seirbhíse, tiocfaidh feabhas áirithe ar an staid, ach chun teacht ar réiteach a sheasfaidh an aimsir, is gá freisin go bhforfheidhmeofar le reachtaíocht na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe seirbhíse comhoibriú, gan criptiú a lagú ar bhealach ginearálaithe nó córasach d'úsáideoirí seirbhíse.

---

4 Grúpa ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí chun an dlí a fhorfheidhmiú go héifeachtach - an Coimisiún Eorpach (europa.eu).

5 Moltaí ón nGrúpa Ardleibhéil.

An 13 Meitheamh 2024, **bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle** maidir le moltaí an Ghrúpa Ardleibhéil, chuir sí in iúl gur dhíol sásaimh di i gcoitinne an obair a rinne saineolaithe an Ghrúpa Ardleibhéil agus leag sí béim ar an ngá atá le dul ar aghaidh go pras leis an obair ar rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí[6]. Shainaithin na hairí gnóthaí baile na tosaíochtaí seo a leanas: (1) creat dlíthiúil comhchuibhithe de chuid an Aontais a bhunú chun sonraí a choinneáil chun críocha fhorfheidhmiú an dlí; (2) rialacha a bhunú maidir le rochtain éifeachtach ar shonraí a bhaineann le cumarsáid leictreonach idirphearsanta; agus (3) réitigh atá fónta ó thaobh an dlí agus na teicneolaíochta de a bhunú chun rochtain a fháil ar chumarsáid leictreonach chriptithe i gcásanna aonair agus faoi réir ordú breithiúnach chun coireacht thromchúiseach eagraithe agus sceimhlitheoireacht a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Thairis sin, mhol na hairí go neartófaí tionchar an Aontais ar chaighdeánú prótacal agus teicneolaíochtaí agus go mbeadh cur chuige comhordaithe ann maidir le deimhniú uirlisí agus nósanna imeachta na fóiréinsice digití. Ar deireadh, d'áitigh siad gur ghá, ar mhaithe leis na moltaí a chur chun feidhme, treochlár a fhorbairt a mbeadh amlíne bheacht, measúnú ar indéantacht agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais ag gabháil leis. Measadh freisin go raibh sé tábhachtach comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí aonair.

Is é is aidhm don tuarascáil chríochnaitheach seo tuairisc mhionsonraithe a thabhairt ar na dúshláin a shainaithin na saineolaithe agus roghanna a leagan amach chun leanúint den obair agus **na moltaí a oibríochtú**. Leagtar amach inti roinnt príomh-shaincheisteanna a shainaithin na saineolaithe a threoraigh trí shruth oibre i gcomhréir le sainordú an Ghrúpa Ardleibhéil.

Ar an gcéad dul síos, tá rochtain ar shonraí ríthábhachtach don **fhóiréinsic dhigiteach** chun cur ar chumas an lucht forfheidhmithe dlí fianaise ó ghléasanna leictreonacha a bhailiú agus a anailísiú. Soláthraítear leis na sonraí sin faisnéis iontaofa faoi ghníomhaíochtaí coiriúla agus iad siúd atá freagrach as gníomhartha coiriúla a aithint. Chun teicneolaíochtaí áirithe, mar shampla cripitiú, a chur chun cinn go tapa agus a úsáid go forleathan, ní mór do na húdaráis forfheidhmithe dlí borradh a chur faoina n-acmhainní, a scileanna agus a réitigh theicniúla i ndáil le rochtain a fháil ar shonraí criptithe. I ndáil leis sin, agus maidir le réitigh thráchtála a úsáid, d'fhéadfadh comhar éifeachtach trasteorann a bheith ina thacaíocht, trí chomhroinnt saineolais, forbairt uirlisí agus nósanna imeachta caighdeánaithe, agus comhthiomsú acmhainní. Mar sin féin, chomhaontaigh na saineolaithe nach leor fothú acmhainneachta ann féin le feabhas a chur ar chumais forfheidhmithe dlí. Mheas roinnt saineolaithe gur réiteach fadtéarmach níos inbhuanaithe a bheadh i gceist le rochtain ar shonraí a thabhairt i bhformáid inléite faoi imthosca a rialaítear go soiléir.

[6] 11281/24 an 21 Meitheamh 2024.

Ar an dara dul síos, tá gá le reachtaíocht chomhchuibhithe chomhsheasmhach maidir le **coinneáil sonraí** a chomhlíonann na cearta bunúsacha go hiomlán chun go mbeidh an lucht forfheidhmithe dlí in ann coireanna a imscrúdú agus a ionchúiseamh ar bhealach éifeachtach. Mar gheall ar dhul chun cinn tapa na dteicneolaíochtaí, tá rochtain thráthúil na n-údarás forfheidhmithe dlí ar shonraí ábhartha atá á stóráil ag soláthraithe ag éirí níos luachmhaire. Go háirithe, tá rochtain ar mheiteashonraí cumarsáide arna stóráil ag soláthraithe seirbhíse fíor-riachtanach chun daoine atá faoi dhrochamhras a shainaithint agus cur amach a fháil ar a gcuid gníomhaíochtaí, agus léiríodh a thábhachtaí atá sé maidir le himscrúduithe a thabhairt ar aghaidh.

Ar an tríú dul síos, tá **idircheapadh dleathach** riachtanach chun coireacht eagraithe agus grúpaí sceimhlitheoireachta a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach. Leis sin, bíonn cead ag údaráis, faoi orduithe breithiúnacha agus i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha, a iarraidh ar sholáthraithe seirbhíse ábhar cumarsáide a sholáthar, agus tugann an t-ábhar sin léargas luachmhar ar ghníomhaíochtaí coiriúla. I bhfianaise an aistrithe ó sholáthraithe cumarsáide traidisiúnta go seirbhísí ar líne (OTT), mar a shainmhínítear sa Chód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach Eorpach[7], agus ós rud é go bhfuil coirpigh ag iompú ar ardáin atá criptithe ó cheann go ceann[8], ní mór measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le rialacha soiléire maidir le comhar idir na húdaráis forfheidhmithe dlí agus cuideachtaí teicneolaíochta chun rochtain dhleathach ar chumarsáid i bhfíor-am a éascú, chomh maith le comhar feabhsaithe ar leibhéal an Aontais chun iarrataí trasteorann a éascú.

Ní léirítear le moltaí agus ábhar na tuarascála críochnaithí seo ach **ionchais agus iarrataí shaineolaithe an ghrúpa ardleibhéil amháin**.

Ó chuir sé an tuarascáil sin ar fáil, tá **a chuid oibre tugtha chun críche ag an nGrúpa Ardleibhéil**, agus iarrann sé ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit, ar Pharlaimint na hEorpa agus ar na páirtithe leasmhara ábhartha uile na moltaí agus an tuarascáil a úsáid mar ábhar inspioráide agus bearta á bhforbairt acu chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na rochtana ar shonraí ar mhaithe le forfheidhmiú éifeachtach an dlí. Ba cheart insint láidir a bheith ag gabháil leis na bearta sin lena léirítear a phráinní atá sé gníomhaíocht shuntasach a dhéanamh chun rochtain dhleathach éifeachtach ar shonraí a áirithiú. Molann na saineolaithe d'institiúidí agus do chomhlachtaí uile an Aontais an obair sin a thabhairt ar aghaidh céim amháin eile gan mhoill, trí thionscnaimh nithiúla a chur chun feidhme i dtreochlár tiomnaithe.

---

7 Le Treoir (AE) 2018/1972 an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach, leathnaítear cuid den chreat dlí a bhaineann leis an teileachumarsáid thraidisiúnta chuig cuideachtaí a thairgeann seirbhísí idirlíon-bhunaithe thar bonneagar teileachumarsáide nach leo é nó nach ndéanann siad bainistiú air, lena n-áirítear seirbhísí cumarsáide idirphearsanta uimhir-neamhspleách.

8 Measúnú Europol ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe ar Líne (IOCTA), 2024.

## Rochtain dhleathach: na príomhdhúshláin

Tá feabhas tagtha ar ár gcumas an choireacht a chomhrac agus an tAontas a choinneáil slán in go leor réimsí le blianta beaga anuas. Tá forfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach níos éifeachtaí anois, tá reachtaíocht agus uirlisí nua curtha i bhfeidhm chun an choireacht thromchúiseach eagraithe a chomhrac, agus tá iarrachtaí déanta comhpháirteacha a neartú chun an smuigleáil imirceach, an gháinneáil ar dhaoine, airm thine agus drugaí, an t-éilliú agus coireanna tromchúiseacha eile a chomhrac.

***Gach lá, áfach, bíonn dúshláin nua roimh na húdaráis forfheidhmithe dlí maidir lenár saoránaigh a choinneáil slán, go háirithe iad siúd a eascraíonn as digiteáil ár sochaí.***

Tá ár saol á athrú ag teicneolaíochtaí digiteacha — ón gcaoi a mbímid i dteagmháil go dtí an chaoi a mairimid agus a n-oibrímid — agus is mór iad gnéithe sochaíocha an aistrithe sin. D’fhéadfadh an digiteáil réitigh a chur ar fáil ar go leor de na dúshláin atá roimh an Eoraip agus roimh mhuintir na hEorpa, agus cuireann sí go leor deiseanna ar fáil — deiseanna chun poist a chruthú, oideachas a chur chun cinn, borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin nuálaíocht, an t-athrú aeráide a chomhrac, an t-aistriú glas a éascú agus tuilleadh nach iad.

Mar sin féin, cuirtear na dálaí ar fáil leis an digiteáil freisin chun go mbeidh coirpigh in ann leas a bhaint as an dul chun cinn teicneolaíoch chun coireanna a dhéanamh ar líne agus as líne araon. Tá gléasanna criptithe agus aipeanna, oibreoirí cumarsáide nua, Líonraí Príobháideacha Fíorúla (VPNanna), srl. deartha chun príobháideacht úsáideoirí dlisteanacha a chosaint. Ach is modhanna éifeachtacha iad freisin lenar féidir le coirpigh a gcéannachtaí a cheilt, a dtáirgí agus a seirbhísí coiriúla a chur ar an margadh, íocaíochtaí a chainéalú agus a ngníomhaíochtaí agus a gcumarsáid a cheilt, rud a sheachnaíonn brath, imscrúdú agus ionchúiseamh ar bhealach éifeachtach. Cé go bhfuil uirlisí agus seirbhísí ann a tógadh d’aon ghnó agus a úsáidtear go príomha chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a dhéanamh, tá fianaise ann go bhfuil coirpigh ag baint leas níos mó agus níos mó as bearta cosanta príobháideachais a chuirtear ar fáil le seirbhísí cumarsáide leictreonaí dlisteanacha. ***Is minic a bhíonn na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí chun deiridh ar choirpigh ina leith sin, ós rud é nach bhfuil an fhoireann, na huirlisí agus na modhanna iomchuí acu chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin ar bhealach éifeachtach.*** Mar thoradh ar na forbairtí sin, is phríomhdhúshlán d’imscrúduithe agus d’ionchúisimh choiriúla le blianta beaga anuas í an rochtain ar shonraí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Ach baineadh go leor amach mar sin féin: mar shampla d’éirigh leis na húdaráis forfheidhmithe dlí gréasáin chumarsáide chriptithe choiriúla, mar shampla EncroChat agus SkyECC, a dhíchur agus tá siad ag leanúint d’oibríochtaí mar shampla ‘Desert Light’ a shaothrú ar lena linn a cuireadh deireadh le ‘ollchairtéal’ de gháinneálaithe cócaoin i mí na Samhna 2022. Tá an tArdán Díchriptiúcháin de chuid Europol ag tacú le roinnt imscrúduithe ardleibhéil le blianta beaga anuas, rud a chuireann le gníomhaíochtaí rathúla forfheidhmithe dlí in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúisí eagraithe.

Cé gur éirigh leis na gníomhaíochtaí sin, áfach, tá go leor imscrúduithe ann a bhfuil moill leo nó nár éirigh leo, ós rud é gur thuairiscigh na cleachtóirí dúshláin leanúnacha maidir le riachtanais oibríochtúla a chomhlíonadh go tráthúil.

Trína chur ar chumas na n-údarás faireachán a dhéanamh ar an gcumarsáid choiriúil agus í a idircheapadh ar bhealach spriocdhírithe, agus cur isteach ar ghníomhaíochtaí coirpeach, mar gheall ar rochtain dhleathach is deacra atá sé an teicneolaíocht a úsáid chun críoch coiriúil. Os a choinne sin, gan creat dlíthiúil fónta agus acmhainní leordhóthanacha, leanfaidh na húdaráis forfheidhmithe dlí de bheith ag streachailt le deacrachtaí dosháraithe, agus tá an baol ann nach mbeidh fianaise chriticiúil ar fáil ar chúiseanna éagsúla.

- **Ní bhíonn sonraí ar fáil i gcónaí**, go háirithe nuair a scriostar iad, mar gheall ar rialacha neamhréireacha neamhleora maidir le coinneáil sonraí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Cuireann an bhearna sin isteach go mór ar imscrúduithe ar an gcoireacht thromchúiseach eagraithe. Go deimhin, sa suirbhé a rinneadh faoi chuimsiú thionscadal SIRIUS in 2023[9], luaigh beagnach leath de na himscrúdaitheoirí a ndeachthas i gcomhairle leo nach raibh córas comhchuibhithe coinneála sonraí ann mar a bpríomhchonstaic. Gan rialacha comhchuibhithe, tá baol ann nach mbeifear in ann teacht ar shonraí ríthábhachtacha, rud a bhainfeadh an bonn de na hiarrachtaí chun an choireacht a chomhrac go héifeachtach.

- **Ní féidir sonraí a aisghabháil**, go háirithe nuair a theipeann ar asbhaint ó ghléas. In éagmais na scileanna riachtanacha, na n-uirlisí iomchuí agus an chomhair leordhóthanaigh le monaróirí feistí agus uathu, tá an fhóiréinsic dhigiteach dian, costasach agus fadálach, mura bhfuil sé go hiomlán dodhéanta. Cuireann an t-easnamh suntasach sin bac ar imscrúduithe éifeachtacha. Gan ardchumais agus ardscileanna fóiréinseacha agus comhar feabhsaithe leis an tionscal agus idir na húdaráis náisiúnta, níl rochtain ar fhianaise dhigiteach ríthábhachtach fós, rud a bhfuil tionchar mór aige ar iarrachtaí forfheidhmithe dlí.

- **Ní féidir sonraí a léamh i gcónaí** mar gheall ar an gcriptiú. Úsáideann go leor seirbhísí an criptiú ó cheann go ceann anois chun rúndacht na cumarsáide, an phríobháideachais agus na cibearshlándála a chosaint, ach mar gheall air sin d'fhéadfadh sé a bheith thar a bheith deacair do na húdaráis forfheidhmithe dlí rochtain a fháil ar shonraí cumarsáide. Ciallaíonn sé sin gur minic nach féidir sonraí a dhíchódú, fiú má dhéantar iad a idircheapadh go dlíthiúil. Gan an cumas na sonraí seo a léamh, ní bhíonn teacht ar fhianaise thábhachtach fós, rud a fhágann go mbíonn sé i bhfad níos deacra coireanna a imscrúdú.

---

[9] Rochtain Trasteorann SIRIUS ar Fhianaise Leictreonach (tionscadal SIRIUS), https://www.europol.europa.eu/operations-services-innovation/sirius-project

- **Ní féidir anailís a dhéanamh i gcónaí ar shonraí**, e.g. ní bhíonn an teicneolaíocht agus/nó na hacmhainní daonna ar fáil i gcónaí chun scagadh a dhéanamh ar chainníochtaí móra sonraí nó chun sonraí urghafa a scagadh agus anailís a dhéanamh orthu ar bhealach éifeachtach atá comhoiriúnach le bunluachanna an Aontais agus le creataí dlíthiúla an Aontais agus na mBallstát.

- **Ní féidir sonraí a fháil** mar gheall ar easaontachtaí dlí idir dlínsí. Is minic a thrasnaíonn sonraí teorainneacha idirnáisiúnta, rud a chruthaíonn dúshláin chasta ó thaobh na dlínse de. Tá dlíthe agus rialacháin éagsúla ag tíortha éagsúla maidir le rochtain ar shonraí, rud a fhágann go bhfuil sé deacair sonraí a stóráiltear thar lear a fháil. Is céimeanna tábhachtacha iad Rialachán agus Treoir nua an Aontais maidir le r-fhianaise chun é sin a dhéanamh níos éasca, ach is gá go leor oibre a dhéanamh fós chun na bearta sin a chur chun feidhme go hiomlán; gan iad a chur chun feidhme ina n-iomláine, beidh sé ina dhúshlán suntasach do na húdaráis forfheidhmithe dlí i gcónaí rochtain a fháil ar shonraí ríthábhachtacha ó thíortha eile.

Sin iad cuid de na dúshláin a bhíonn le sárú ag na údaráis forfheidhmithe dlí gach aon lá.

Déanann coirpigh a n-iompraíochtaí a oiriúnú i gcónaí chun a sheachaint go mbraithfear iad. Léiríonn an staidreamh[10] atá ar fáil go bhfuil na coirpigh ag bogadh níos mó agus níos mó chuig ardáin dhlisteanacha chriptithe ó cheann go ceann. Mar sin féin, a luaithe a aimseofar frithbhearta éifeachtacha, is dócha go mbogfaidh siad arís chuig bealaí cumarsáide éagsúla. Ar an gcúis sin, tá sé ríthábhachtach go mbeidh an lucht forfheidhmithe dlí in ann faireachán a dhéanamh, le cúnamh ó shaineolaithe na bpobal ábhartha uile, ar fhorbairtí teicneolaíochta agus athruithe in iompar coirpeach a réamh-mheas, mar shampla iad siúd a bhaineann le 6G, Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus an chumarsáid satailíte. Thairis sin, ní mór na hacmhainneachtaí lena rabhthas in ann oibríochtaí rathúla a dhéanamh i gcoinne seirbhísí tiomnaithe cumarsáide coiriúla (e.g. EncroChat, Ghost ECC) a choinneáil agus a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhchosúla amach anseo.

[10] Measúnú 2024 de chuid Europol ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe ar Líne.

***Níos mó agus níos mó, ní mór do na húdaráis forfheidhmithe dlí rochtain dhleathach a bheith acu ar fhaisnéis dhigiteach.*** De réir mar a bhíonn coirpigh ag brath níos mó agus níos mó ar sheirbhísí ar líne, tá méadú ag teacht ar na hiarrataí ar shonraí ó sholáthraithe seirbhíse ar líne; go deimhin, tháinig méadú faoi thrí ar iarrataí den chineál sin idir 2017 agus 2022[11]. Tá sonraí cumarsáide (meiteashonraí agus sonraí inneachair araon) ríthábhachtach le haghaidh go leor imscrúduithe coiriúla. Meastar go bhfuil ról lárnach ag rochtain ar fhianaise dhigiteach in 85 % d'imscrúduithe[12]. Leis an tacar nua rialacha maidir le rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach, méadófar cumas na n-údarás inniúil rochtain a fháil ar na sonraí sin. Mar sin féin, ní féidir leis na rialacha sin oibriú ach amháin nuair a bhíonn na sonraí ar fáil i bhformáid inléite. Ar an gcaoi chéanna, tá sé thar a bheith dúshlánach, ó thaobh an dlí agus na praiticiúlachta de araon, rochtain a fháil ar shonraí atá stóráilte i ngléasanna urghafa agus cumarsáid a idircheapadh go dleathach. A mhéid a bhaineann le sonraí faoi bhealach a idircheapadh go héifeachtach i gcásanna trasteorann, is féidir leis na Ballstáit comhar breithiúnach a iarraidh tríd an gCoinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach Dlí[13] agus tríd an Ordú Imscrúdaithe Eorpach[14]; ceapadh na hionstraimí sin den chuid is mó agus malartú fianaise fisicí san áireamh, áfach, agus d'fhéadfaí a éifeachtaí atá siad a bheith teoranta i gcomhthéacs forbairtí teicneolaíochta.

***Ní mór go mbeidh rochtain dhleathach faoi réir coinníollacha dochta***, a chumhdaítear sa dlí náisiúnta, i ndlí an Aontais agus sa dlí idirnáisiúnta, agus ní mór próisis thrédhearcacha chuntasacha a bheith i bhfeidhm chun an rochtain sin a rialáil, lena n-áirítear trí chosc a chur ar aon nochtadh neamhdhleathach rún trádála agus, i gcás nochtadh dleathach, trína áirithiú go ndéanfar bearta iomchuí chun a rúndacht a choinneáil.

Le rochtain dhleathach, ní mór prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta a urramú go hiomlán agus ní mór di a bheith faoi réir formheas a fháil ó chúirt nó ó údarás neamhspleách nuair is gá. Caithfear rochtain ar shonraí a chothromú le cosaintí láidre príobháideachais agus bearta cibearshlándála (e.g. criptiú, ballaí dóiteáin agus bogearraí frithvíreas agus bogearraí frithmhailíseacha). Cuidítear le príobháideachas úsáideoirí aonair a chosaint trína áirithiú go bhfuil rochtain ar shonraí teoranta don mhéid is gá chun críche imscrúdaithe.

---

11 Tionscadal SIRIUS.

12 Measúnú Tionchair ón gCoimisiún ar na Tograí le haghaidh Rialachán maidir le r-fhianaise agus Treoir maidir le r-fhianaise (an 17 Aibreán 2018).

13 [MLA - Caighdeáin Chomhairle na hEorpa - PC-OC (coe.int).](#)

14 [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex:32014L0041.](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex:32014L0041)

Cé go bhfuil rochtain dhleathach ar shonraí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí i gcroílár an leibhéil slándála is airde is féidir a chur ar fáil dár saoránaigh, níor cheart é sin a bheith chun dochair do chearta bunúsacha ná do chibearshlándáil córas agus táirgí. Níor cheart aon chomhbhabhtáil a bheith ann idir cosaint shláine phearsanta agus shlándáil an duine, ar thaobh amháin, agus a gcearta, ar an taobh eile; is gá cothromaíocht a aimsiú a chinntíonn nach gcuireann ceann amháin isteach ar an gceann eile. Tá sé de dhualgas ar an Aontas agus ar na Ballstáit araon a áirithiú gur féidir le saoránaigh leas a bhaint as ardleibhéal cosanta dá gcearta bunúsacha agus go mothaíonn siad go bhfuil siad sábháilte ina saol laethúil. Níor cheart d'fhorbairtí teicneolaíochta tearmainn a chur ar fáil do choirpigh: i gcás ina bhfuil amhras réasúnta ann go ndearnadh cion nó go bhfuiltear ar tí cion a dhéanamh, caithfidh na húdaráis forfheidhmithe dlí rochtain a bheith acu ar na huirlisí a ligean dóibh rochtain a fháil ar na sonraí.

Aithnítear sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, sna bunreachtanna náisiúnta agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go bhfuil an ceart chun saol príobháideach ag gach duine, agus go n-áirítear leis sin cumarsáid an duine. Leagtar síos i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh freisin an ceart go gcosnófaí sonraí pearsanta. Ní cearta iomlána iad an ceart chun príobháideachais ná an ceart go gcosnófaí sonraí pearsanta ach ní mór iad a chur san áireamh i ndáil lena bhfeidhm sa tsochaí[15]. Ní fhéadfaidh na húdaráis phoiblí cur isteach ar fheidhmiú na gceart sin ***ach amháin i gcás ina bhfuil an cur isteach sin i gcomhréir leis an dlí, ina n-urramaíonn sé bunbhrí na gceart agus ina bhfuil sé riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach***. Faoi réir na gcoinníollacha sin, is féidir teorainn a chur leis an gceart chun príobháideachais agus leis an gceart go gcosnófaí sonraí pearsanta, lena n-áirítear ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta agus leis an tslándáil phoiblí agus chun an choireacht a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

***Tá an chuntasacht láidir ríthábhachtach.*** Inár sochaithe daonlathacha, tá sé de fhreagracht ar reachtóirí na coinníollacha a leagan síos don chuntasacht sin, lena n-áiritheofar ardleibhéal príobháideachais agus slándála. ***Níl an príobháideachas agus an tslándáil comheisiach.***

Ní mór réitigh a cheapadh i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear an tionscal, chun an nuálaíocht agus an chibearshlándáil láidir a chur chun cinn agus chun rochtain dhleathach a áirithiú i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. ***Ní mór na réitigh sin a dhearadh agus aird chuí á tabhairt ar na riachtanais agus na ceanglais ábhartha uile agus ní féidir iad a fhágáil faoi lánrogha na gcuideachtaí teicneolaíochta amháin.***

---

[15] Breithiúnas an 30 Aibreán 2024, *La Quadrature du Net agus Páirtithe Eile*, Cás C-470/21, EU:C:2024:370 mír 70.

Ní mór measúnuithe teicniúla a dhéanamh sular féidir bearta breise a dhéanamh, chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá ag roinnt saineolaithe cibearshlándála maidir lena chasta atá sé rochtain dhleathach a áirithiú agus an chibearshlándáil láidir a choinneáil ag an am céanna. ***Eascraíonn cibearshlándáil táirgí agus seirbhísí agus rochtain dhleathach ar shonraí as oibleagáidí dlíthiúla araon agus ní mór dóibh a bheith in ann a bheith ann ag an am céanna.*** Ní mór ceanglais maidir le rochtain dhleathach a chur chun feidhme ar bhonn caighdeáin shoiléire arna bhforbairt ag na páirtithe leasmhara ábhartha uile (lena n-áirítear ionadaithe ón tionscal, saineolaithe na cosanta sonraí agus na cibearshlándála, agus cleachtóirí forfheidhmithe dlí), lena léirítear na ceanglais dhlíthiúla ábhartha agus ar bhonn réitigh fhéideartha a ndearnadh measúnú cuí orthu, agus ar an gcaoi sin a áirithiú nach gcuirfidh rochtain dhleathach isteach ar shlándáil táirgí agus seirbhísí.

***Bíonn drogall ar go leor cuideachtaí agus soláthraithe seirbhíse comhoibriú leis na húdaráis forfheidhmithe dlí*** mar gheall ar an éiginnteacht dhlíthiúil a bhaineann le bearta deonacha agus an baol go bhféadfadh a n-úsáideoirí frithfhreagairt a thabhairt. Cuireann an drogall sin bac ar imscrúduithe. Thairis sin, mar gheall ar an dearcadh go dtugann úsáideoirí tús áite don phríobháideachas thar an tslándáil phoiblí, d’fhéadfadh drogall a bheith ar ghníomhaithe an tionscail bealaí cumarsáide a oscailt leis na húdaráis forfheidhmithe dlí agus sásraí oiriúnaithe a chruthú lena ráthaítear rochtain dhleathach. Tá gá le creat dlíthiúil soiléir le haghaidh rochtain dhleathach ar shonraí chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin. Faoin reachtaíocht atá ann cheana, tá bacainní suntasacha ann a dhéanann soláthar na rochtana sin, go háirithe ar bhonn deonach, níos casta.

Tá an comhar idir cuideachtaí agus na húdaráis forfheidhmithe dlí neamhleor, tá easnamh ann agus ní mór é a fhorlíonadh le rialacha soiléire. ***Gan oibleagáidí dlíthiúla soiléire infhorfheidhmithe, is minic nach mbíonn cuideachtaí in ann cabhrú leis na húdaráis forfheidhmithe dlí rochtain a fháil ar shonraí.***

In éagmais réitigh éifeachtacha chun rochtain dhleathach a áirithiú, ***is minic a mheastar gurb é an t-aon rogha atá ann réitigh atá bunaithe ar leochaileacht***.

Nuair a dhéantar sonraí idircheaptha (agus sonraí eile ar féidir baint as gléas) a phróiseáil le huirlisí arna gceapadh ag cuideachtaí príobháideacha, níl aon fhíorléargas ag na húdaráis náisiúnta ar na sonraí a ndéantar scagadh orthu agus conas a dhéantar iad a scagadh, cibé dearbhuithe a d'fhéadfadh na cuideachtaí sin a chur ar fáil, agus ní mór dóibh brath go hiomlán ar dheimhnithe a sholáthraíonn rialtas na tíre ina bhfuil na cuideachtaí a sholáthraíonn an tseirbhís idircheaptha bunaithe. Cuirtear leis an bhfadhb seo mar gur gá an leochaileacht sin a cheilt chun go leanfaidh na huirlisí/na seirbhísí de bheith éifeachtach. Baineann an tsaincheist sin go háirithe le cásanna ina bhfuil an soláthraí bunaithe lasmuigh den Aontas.

Agus ar deireadh, tá dreasacht ann do chuideachtaí príobháideacha a sholáthraíonn seirbhísí le haghaidh teicnící imscrúdaitheacha cunóracha chun a mbrabús a uasmhéadú agus, dá bhrí sin, féadfaidh siad a chinneadh a n-uirlisí a dhíol le réimis nach bhfuil daonlathach (mar a tharla sa scannal a bhain le Hacking Team[16]).

De rogha air sin, d'fhéadfadh na dúshláin atá ann maidir le rochtain a fháil ar shonraí ***údaráis forfheidhmithe dlí a spreagadh chun bearta imscrúdaitheacha níos cunóraí a ghlacadh***. I gcásanna mar sin, cuirtear iallach ar na húdaráis forfheidhmithe dlí dul i muinín bearta a chuireann isteach níos mó ar phríobháideachas, cuir i gcás faireachas fisiceach in ionad rochtain ar shonraí geoshuímh, agus cuardaigh tí in ionad idircheapadh dleathach.

***D'fhéadfaí go gcaillfeadh an pobal cuid mhór muiníne as an gcóras ceartais mura féidir leis na húdaráis forfheidhmithe dlí rochtain a fháil ar shonraí.*** B'fhéidir go gceapfadh na saoránaigh nach bhfuil an córas éifeachtach má chuirtear moill ar imscrúduithe nó má chuirtear i mbaol iad. Is féidir leis an gcreimeadh muiníne sin an bonn a bhaint den ord poiblí agus b'fhéidir nach mbeadh an fonn céanna ar an bpobal cuidiú le hiarrachtaí forfheidhmithe dlí.

I ndeireadh na dála, ***a bhuí le rochtain dhleathach, beidh na húdaráis forfheidhmithe dlí in ann fianaise a bhailiú chun a bheith cothrom le híospartaigh agus iad a chosaint ar thuilleadh díobhála***. Féadfaidh sonraí treoir thábhachtach a thabhairt chun gach cineál coireanna a nochtadh agus a ionchúiseamh, as líne agus ar líne araon. Is féidir le daoine aonair a bheith gan chosaint ar chineálacha tromchúiseacha cibearbhulaíochta, goid aitheantais, calaois, etc. a tharlaíonn mar go mbaintear mí-úsáid choiriúil as teicneolaíochtaí agus seirbhísí digiteacha agus as cumarsáid dhigiteach. D'fhéadfadh an taithí sin lorg tromchúiseach mothúchánach agus meabhrach a fhágáil ar na híospartaigh, rud a chuirfeadh le neamhionannais agus leochaileachtaí arb ann dóibh cheana.

[16] Féach https://www.cbsnews.com/news/italy-hacking-team-breach-suggest-spy-software-sold-fbi-russia-vatican/.

In aon imscrúdú coiriúil, teastaíonn fianaise chun déantóir na coire a shainaithint nó chun a léiriú go bhfuil siad freagrach os comhair breithimh. Ina theannta sin, is féidir le fianaise cabhrú le saoránach a shaoradh ó mhilleán más rud é gur cúisíodh go mícheart é nó í. Mura mbeidh imscrúdaitheoirí agus ionchúisitheoirí in ann rochtain a fháil ar an bhfaisnéis is gá, d'fhéadfadh sé nach mbeidís in ann a n-imscrúduithe a chur chun cinn ná déantóir na coire a shainaithint, agus chiallódh sin go mbeadh anacair bhreise agus caillteanais airgeadais bhreise i gceist don íospartach agus laghdófaí muinín sa chóras ceartais. Ní leor fianaise fhisiceach thraidisiúnta amháin i gcónaí chun naisc a bhunú agus chun leideanna a aimsiú. ***Ní mór córas forfheidhmithe an dlí agus córas na mbreithiúna a chur in oiriúint don ré dhigiteach. Is ansin amháin a bheidh siad in ann ár sochaithe agus ár ngeilleagair a chosaint go hiomlán*** ar na bagairtí méadaitheacha a eascraíonn as cibirionsaithe agus bagairtí hibrideacha, agus as gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe.

Mar fhocal scoir, mura féidir leis na húdaráis forfheidhmithe dlí rochtain a fháil ar shonraí ar bhealach éifeachtach, laghdaítear go mór a gcumas an tslándáil a áirithiú agus déantóirí na gcionta is tromchúisí a ghabháil. ***Ba cheart rochtain dhleathach dianrialaithe éifeachtach ar shonraí a thabhairt do na húdaráis forfheidhmithe dlí, lena ngabhfaidh cosaint láidir i dtaca le cúrsaí príobháideachais agus ráthaíochtaí cibearshlándála, chun coireanna a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus ar an gcaoi sin, cuirfear ar chumas na n-údarás sin an tslándáil a áirithiú agus ligean do shaoránaigh an Aontais maireachtáil go sábháilte agus ceartas a fháil i leith coireanna a dhéantar ina gcoinne.***

# Caibidil I: Fóiréinsic dhigiteach

## CAD IAD NA SAINCHEISTEANNA?

Tagraíonn fóiréinsic dhigiteach d’fhianaise dhigiteach (meiteashonraí cumarsáide agus sonraí inneachair araon) a stóráiltear in aon fhoirm dhigiteach ar ghléas leictreonach a bhailítear, a anailísítear agus a chaomhnaítear, lena n-áirítear faisnéis ó thiomántáin chrua ríomhaire, ó fhóin phóca, ó fhearais chliste, ó chórais loingseoireachta feithicle, ó ghlais leictreonacha dorais, ó shonraí a stóráiltear sa néal agus ó ghléasanna digiteacha eile.

De réir mar a mhéadaíonn na deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar shonraí cumarsáide, tá níos mó tábhachta ag baint le faisnéis a bhaint as gléasanna urghafa (nó as líonraí gléasanna nasctha) a mhéid a bhaineann le himscrúduithe coiriúla. Trí rochtain a fháil ar na sonraí atá ar fos i bhfeistí, is féidir faisnéis níos fearr a chur ar fáil do na húdaráis forfheidhmithe dlí maidir le, mar shampla, céannachtaí ball de ghrúpaí coireachta eagraithe seachas teicnící eile, cuir i gcás, idircheapadh dleathach. Deir saineolaithe áirithe nach féidir a bheith eolach roimh ré faoi na sonraí a mbeidh tábhacht ag baint leo i dtaca le himscrúdú sonrach: fiú faisnéis a bhfuil an chuma uirthi nach bhfuil sí ábhartha i dtosach báire, d’fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith ríthábhachtach de réir mar a leantar leis an imscrúdú. D’fhéadfadh rochtain ar na sonraí uile atá i ngléas a bheith tábhachtach freisin chun neamhchiontacht duine atá faoi dhrochamhras a dhearbhú agus chun cearta cosantóra a chosaint[17]. Thairis sin, ní mór modhanna imscrúdaitheacha a bheith comhréireach i gcónaí.

Cuireann úsáid teicneolaíochtaí nua (e.g. cineálacha nua gléasanna, Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus néalríomhaireacht), a n-éilítear scileanna agus uirlisí nua leo, leis an **easpa** seasta **acmhainní** agus cumas atá ag na húdaráis forfheidhmithe dlí sa réimse seo. Fiú má tá saineolas suntasach ar an bhfóiréinsic dhigiteach ar fáil i ngníomhaireachtaí agus institiúidí na mBallstát cheana féin, níl an t-eolas sin san áit amháin, agus níl aon sásraí soiléire ann chun cumais a chomhroinnt agus a scaipeadh, rud a chiallaíonn nach mbeidh siad comhtháite.

---

17 Luaigh saineolaí cás ina raibh an anailís a rinneadh ar ghníomhaíocht gléis ríthábhachtach chun a chruthú nach bhféadfadh baint a bheith ag an duine a bhí faoi dhrochamhras i ndúnmharú.

Tá an baol ann go gcuirfear bac ar chomhar trasteorann ós rud é **nach féidir comparáid a dhéanamh idir mórán de na hacmhainneachtaí atá ag saotharlanna fóiréinsice digití** agus nach bhfuil go leor **nósanna imeachta** ná sásraí **fóiréinsice caighdeánaithe ann** lena féidir **scileanna agus saineolas na saineolaithe fóiréinsice digití** a aithint.

Bhí saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil an-soiléir: is é **criptiú** de réir réamhshocrú sonraí ar ghléasanna an príomhdhúshlán atá os comhair na n-údarás forfheidhmithe dlí. Ní féidir leis na húdaráis forfheidhmithe dlí rochtain a fháil ar shonraí a stóráiltear ar chineálacha áirithe gléasanna nua-aimseartha atá cosanta ag sliseanna criptithe[18] na ag algartaim criptithe láidre agus pasfhocail chasta, fiú agus úsáid á baint as na hardáin díchriptiúcháin is cumhachtaí. Tá gá le criptiú agus bearta cibearshlándála agus príobháideachais eile chun córais faisnéise agus cumarsáid agus sonraí pearsanta a chosaint, ach leis na bearta sin – agus go háirithe an úsáid mhéadaitheach a bhaintear as criptiú mar réamhshocrú – laghdaítear cumas na n-údarás forfheidhmithe dlí fianaise a bhailiú.

Níl ach **saineolas agus cumais** theoranta ag na Ballstáit sa réimse seo: chuir siad ar fad, geall leis, in iúl nach bhfuil na réitigh theicniúla acu chun freastal ar riachtanais na gcleachtóirí, agus mheas a bhformhór mór nach leor a scileanna ná a n-acmhainní airgeadais. Tá éagsúlacht mhór idir na Ballstáit i ndáil le cumais na n-údarás forfheidhmithe dlí faisnéis a stóráiltear ar ghléasanna a urghabhadh a dhíchriptiú, agus ráta ratha 15-20 % ann i gcásanna áirithe agus ag éirigh le mó ná dhá thrian i gcásanna eile. I gcás inarb ann do chumais, is gnách nach mbíonn siad éifeachtach a mhéid a bhaineann le sonraí atá daingnithe le pasfhocail a dhíchriptiú agus comhaid a choinnítear i gcoimeádáin chriptithe speisialta. Fiú i gcásanna ina n-éiríonn le díchriptiú, is minic nach ndéantar ar bhealach tráthúil é. Tá trealamh díchriptiúcháin costasach agus an-speisialaithe, agus bíonn na crua-earraí trom ar acmhainneachtaí.

Braitheann an chuid is mó de ranna fóiréinsice digití na n-údarás forfheidhmithe dlí ar réitigh thráchtála chun rochtain a fháil ar shonraí ar ghléasanna agus cruthaíonn sin dúshláin bhreise: bíonn deacrachtaí ag na réitigh sin coinneáil suas le forbairtí teicneolaíocha agus téann siad as feidhm go tapa; laghdaítear líon na n-úsáideoirí údaraithe go mór de bharr costas ard na gceadúnas; agus is minic a fhorbraítear réitigh mar sin lasmuigh den Eoraip agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh siad oiriúnach do riachtanais údaráis forfheidhmithe dlí an Aontais nó nach gcomhlíonann siad caighdeáin chuntasachta an Aontais maidir leis an bhfóiréinsic dhigiteach.

[18] Mar shampla, an tslis slándála T2 ar ríomhairí glúine a tháinig ó Apple le déanaí.

Go minic, ní bhíonn aon rogha ag na h**údaráis forfheidhmithe dlí** ach leochaileachtaí a shaothrú chun rochtain a fháil ar eochracha díchriptiúcháin ar ghléasanna. Mar sin féin, ní mór teicnící imscrúdaitheacha atá bunaithe ar an gcur chuige sin a chur in oiriúint don chuspóir atá ann maidir le crua-earraí agus bogearraí níos sábháilte a áirithiú, mar a chumhdaítear sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht; dhéanfaí iarmhairtí neamhbheartaithe na dteicnící sin a laghdú le scéimeanna bainistíochta agus nochta i dtaca le leochaileachtaí. D'fhéach na saineolaithe ar réitigh eile, cuir i gcás iallach a chur ar dhaoine atá faoi dhrochamhras na heilimintí sin is gá chun rochtain a fháil ar ghléasanna ábhartha (e.g. pasfhocail) a thabhairt do na húdaráis imscrúdúcháin. Tá cuid mhór éagsúlachta idir na creataí náisiúnta dlíthiúla is infheidhme i gcásanna mar sin, agus níor chuir ach trí Bhallstát in iúl go bhfuil forálacha reachtacha sonracha acu lena gcuirtear iallach ar dhuine atá faoi dhrochamhras rochtain a thabhairt ar eochracha criptiúcháin nó ar na sonraí díchriptithe[19]. Forchuireann roinnt Ballstát oibleagáidí ar dhaoine atá faoi dhrochamhras sonraí bithmhéadracha áirithe (e.g. méarlorg) a chur ar fáil, agus ar an gcaoi sin tugtar rochtain ar ghléas; i gcásanna eile, ní mór do dhaoine atá faoi dhrochamhras a bpasfhocal a nochtadh. Go ginearálta, is réimse é seo ar gá tuilleadh meastóireachta a dhéanamh air.

Féadfar cuid de na saincheisteanna a shainaithnítear thuas a mhaolú trí **acmhainneachtaí na mBallstát a fhrithpháirtiú** agus a n-inniúlacht eisiach i gcúrsaí slándála náisiúnta á hurramú ag an am céanna. Mar sin féin, tá faillí á déanamh fós sa réiteach sin, uaireanta mar gheall ar shrianta dlíthiúla (tá teorainneacha ar uirlisí a chomhroinnt i seacht mBallstát, agus shainaithin cúig cinn díobh teorainneacha maidir le húsáid a bhaint as uirlisí atá á gcomhroinnt le Ballstáit eile), ach ar bhonn níos leithne mar gheall ar an easpa sásraí seanbhunaithe chun uirlisí a chomhroinnt nó chun ceadúnais a cheannach go comhpháirteach.

San am a chuaigh thart, bhíodh **bealaí** soiléire **cumarsáide** ag na húdaráis forfheidhmithe dlí **le monaróirí, soláthraithe agus soláthróirí**. Chuir sé sin ar a gcumas prótacail chomhair a bhunú a thug tuiscint níos fearr dóibh ar fhorbairtí teicneolaíocha a cuireadh chun feidhme le déanaí agus, mar thoradh air sin, éascaíodh gníomhaíocht forfheidhmithe dlí agus rinneadh an chibearshlándáil a áirithiú ag an am céanna. Toisc a thapa a úsáidtear teicneolaíochtaí nua agus a thagann cuideachtaí nua isteach sa mhargadh, tá athrú tagtha ar dhálaí agus ní dhéantar comhar leis an earnáil tionsclaíoch a thuilleadh.

Trí chaighdeáin iomchuí a ghlacadh, d’fhéadfaí prótacail táirgí agus ailtireacht theicniúil a mhúnlú ar bhealach lena n-áiritheofar go gcuirfear ábhair imní agus ceanglais theicniúla na n-údarás forfheidhmithe dlí san áireamh go luath. Mar sin féin, ní leor **rannpháirtíocht na-údarás forfheidhmithe dlí i gcomhlachtaí ábhartha um chaighdeánú**, rud a bhfuil tionchar aige ar a gcumas páirt éifeachtach a ghlacadh i bhforbairt caighdeán teicneolaíoch amach anseo.

---

[19] *Eurojust Cybercrime Judicial Monitor* (Eagrán 4), Nollaig 2018, lch. 34, https://www.eurojust.europa.eu/sites/default/files/assets/eurojust_cybercime_judicial_monitor_4_2018.pdf.

**RÉITIGH FHÉIDEARTHA**

## I. Iarrachtaí a mhéadú agus a chuíchóiriú chun feabhas a chur ar acmhainneacht i réimse uirlisí na fóiréinsice digití

Tá an saineolas agus an acmhainneacht ag na Ballstáit cheana féin fóiréinsic dhigiteach a dhéanamh; mar sin féin, trína réitigh theicniúla a chomhroinnt agus a fhrithphháirtiú, is féidir le hinstitiúidí agus údaráis náisiúnta ábhartha tairbhe a bhaint as an taithí atá ag gníomhaireachtaí eile agus barainneachtaí scála suntasacha a bhaint amach, agus ar an gcaoi sin na hacmhainní airgeadais is gá a laghdú. Is féidir leis na Ballstáit féachaint ar réitigh chuige sin arís, i réimse uirlisí na fóiréinsice digití agus a mhéid a bhaineann le hoiliúint agus forbairt scileanna araon.

***Cnuasach moltaí 1***

*Chun feabhas a chur ar an gcomhar agus chun acmhainneacht chomhchoiteann níos láidre a fhorbairt i réimse na fóiréinsice digití, molann na saineolaithe an méid seo a leanas:*

1. *líonraí fóiréinsice digití atá ann cheana a mhapáil agus a nascadh agus rúnaíocht a bhunú [moladh 1];*
2. *rochtain níos éasca a thabhairt ar eolas agus an t-eolas sin a scaipeadh i measc saineolaithe [moladh 1];*
3. *féachaint ar shásraí chun eolas a chomhthiomsú [moladh 2];*
4. *cistiú don taighde agus don fhorbairt a mhéadú, agus cuspóirí soiléire ann [moladh 4];*
5. *Stóras Uirlisí (Europol) a chur chun cinn mar mhol lárnach chun uirlisí a chomhroinnt [moladh 4];*
6. *comhroinnt réiteach agus uirlisí fóiréinsice digití a éascú i measc na mBallstát i dtimpeallacht iontaoibhe (agus rialacha náisiúnta á gcur san áireamh ag an am céanna) [moladh 2];*
7. *sásra a fhorbairt ar leibhéal an Aontais chun ceadúnais um uirlisí fóiréinsice digití a cheannach go comhpháirteach, agus iad a chomhroinnt idir na Ballstáit [moladh 3];*
8. *an comhar a chothú le táirgeoirí agus forbróirí uirlisí fóiréinsice digití chun struchtúr agus formáid na sonraí a fhaigheann údaráis forfheidhmithe dlí a chuíchóiriú trí úsáid a bhaint as na huirlisí sin, agus na caighdeáin a comhaontaíodh á leanúint, más féidir [moladh 12];*
9. *sásra/scéim a chruthú chun meastóireacht a dhéanamh agus, i gcás inarb ábhartha, chun uirlisí fóiréinsice digití tráchtála a dheimhniú ar leibhéal an Aontais, agus aird á tabhairt ar aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar na himscrúduithe agus ar ionchúisimh, cuir i gcás, an ró-ualach breise [moladh 5].*

A bhuí le roinnt eagraíochtaí, líonraí, comhlachas agus tionscadal, tugtar cleachtóirí agus catagóirí éagsúla comhpháirtithe le chéile chun feabhas a chur ar acmhainneacht forfheidhmithe dlí an Aontais i réimse na n-imscrúduithe digiteacha:

- is é *Líonra Eorpach na nInstitiúidí Eolaíochta Fóiréinsí* (ENFSI)[20] an príomhlíonra Eorpach a chumhdaíonn fóiréinsic dhigiteach (i measc ábhair eile); tá 73 chomhalta aige ó 39 dtír, agus bíonn na comhaltaí sin rannpháirteach i meithleacha maidir le, cuir i gcás, teicneolaíocht na faisnéise fóiréinsí agus íomháú digiteach;

- tugann an *Comhlachas Eorpach um Fhorbairt Teicneolaíochtaí i gcoinne na Cibearchoireachta* (EACTDA)[21] údaráis forfheidhmithe dlí, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, comhpháirtithe tionscail agus lucht acadúil ó go leor Ballstát le chéile, chun gur féidir glacadh le torthaí tionscadal taighde slándála agus uirlisí bogearraí a ndéantar tástáil iomlán orthu agus atá faoi réir lena n-oibriú a sheachadadh, gan aon chostais ar cheadúnais agus tugtar rochtain d'eagraíochtaí slándála poiblí an Aontais ar an gcód foinseach;

- tá oiliúint atá dírithe ar Fhóiréinsic Dhigiteach agus Anailísithe Digiteacha á cur ar fáil ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) do na húdaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí ó 2007 i leith, agus béim ar leith á leagan ar chalaois, ar éilliú agus ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a bhfuil tionchar acu ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh; cuirtear oiliúint ar thart ar 175 shaineolaí fóiréinsice digití gach bliain, rud a chruthaíonn pobal láidir sa réimse coireachta seo;

- ní struchtúir bhuana iad na tionscadail eile, cuir i gcás *CYCLOPES*[22] agus *I-LEAD*[23], ach mar sin féin tugann siad saineolaithe le chéile agus cuireann siad anailís ábhartha ar bhearnaí ar fáil.

Mar sin féin, ní éiríonn le líonraí buana atá ann cheana aonaid fóiréinsice digití a thabhairt le chéile as measc údaráis forfheidhmithe dlí an Aontais, ná eagraíochtaí a oibríonn i ndlúthchomhar leo (mar shampla an Lárionad um Chibearshlándáil agus Imscrúdú Cibearchoireachta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), nó Lárionad Barr Feabhais um Chibearchoireacht na Liotuáine le haghaidh Oiliúna, Taighde agus Oideachais).

---

[20] https://enfsi.eu/.
[21] https://www.eactda.eu/index.html.
[22] https://www.cyclopes-project.eu/.
[23] https://cordis.europa.eu/project/id/740685/en

Oibríonn Europol (go háirithe Saotharlann Nuálaíochta Europol, in éineacht le hIonad Cibearchoireachta na hEorpa) i gcomhar cheana féin leis na líonraí uile a liostaítear thuas agus tá léirithe aige gur féidir líon suntasach cleachtóirí a thabhairt le chéile, mar shampla faoi chuimsiú Croíghrúpaí an Bhoird Imréitigh Eorpaigh um Nuálaíocht, *Fóram na Saineolaithe Fóiréinsice*[24] a eagrú agus saineolaithe a chur i dteagmháil le comhpháirtithe ábhartha, mar shampla tríd an bh*Fóram um Chibearnuálaíocht*[25].

Cuireann Europol bonneagar réamhdhéanta ar fáil freisin – Ardán Europol do Shaineolaithe – trínar féidir comhar a dhéanamh agus eolais a chomhroinnt idir saineolaithe maidir le hábhair shonracha.

***Príomhghníomhaíocht: iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil go gcuirfí feabhas ar chumais Europol i dtaca le fóiréinsic dhigiteach***

| | | |
|---|---|---|
| *Gníomhaithe: Europol, an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit,* | *Am: 2028* | *Buiséad: le plé níos déanaí ag brath ar thoradh an phlé atá ar siúl faoi láthair maidir leis an gcéad CAI eile* |

- Ós rud é go ndéanfar Europol a athneartú go suntasach mar a fógraíodh sna Treoirlínte Polaitiúla do Choimisiún Eorpach 2024-2029, iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil go gcuirfí go mór le hacmhainneacht Europol cabhrú leis na Ballstáit **acmhainní, eolas agus saineolas a chomhthiomsú agus réitigh agus uirlisí fóiréinsice digití a chomhroinnt** i dtimpeallacht iontaoibhe. Níor cheart uirlisí ceannasacha agus na huirlisí sin a úsáidtear agus/nó a fhorbraítear go heisiach chun críocha slándála náisiúnta a chur san áireamh.

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar Europol **feidhmiú mar mhol** chun rochtain a thabhairt ar shaineolas oibríochtúil ábhartha sa réimse, agus b'fhéidir **tionscadal ar nós SIRIUS a bhunú i réimse na fóiréinsice digití** chun eolais agus saineolais a chomhroinnt agus dea-chleachtas a mhalartú.

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar Europol dlús a chur lena ról maidir le **comhordú a dhéanamh ar eagraíochtaí agus ar thionscadail** a chuidíonn le heolas a chruthú i réimse na fóiréinsice digití ar leibhéal an Aontais, faoi threoir an Bhoird Imréitigh Eorpaigh um Nuálaíocht agus ionchur ó ghníomhaireachtaí ábhartha eile á chur san áireamh.

[24] https://www.europol.europa.eu/publications-events/events/forensic-experts-forum-2024-conference
[25] https://www.europol.europa.eu/publications-events/events/ec3-cyber-innovation-forum-2024

Tá roinnt ionstraimí airgeadais ann chun tacú le taighde agus forbairt uirlisí i réimse na fóiréinsice digití.

- Faoin g*Ciste Slándála Inmheánaí (CSI)*, foilsíonn an Coimisiún Eorpach glaonna oscailte ar thograí go tréimhsiúil i réimse na cibearchoireachta agus na n-imscrúduithe digiteacha. D'ainneoin an bhuiséid measartha teoranta (faoin CAI reatha, tá thart ar EUR 15 mhilliún leithdháilte ar na gníomhaíochtaí sin), léiríodh go bhfuil na tionscadail a roghnaíodh faoi na glaonna sin spriocdhírithe agus rathúil.

  Leithdháiltear thart ar dhá thrian de bhuiséad CSI trí bhainistíocht chomhroinnte, agus is iad na Ballstáit a roghnaíonn na tionscadail a mhaoineofar agus a ghlacann freagracht as an mbainistiú laethúil. Dá bhrí sin, is féidir leis na Ballstáit tacú le tionscadail maidir leis an bhfóiréinsic dhigiteach faoi chuimsiú a gClár Náisiúnta faoi seach.

- Le buiséad iomlán EUR 1,596 bhilliún thar thréimhse 7 mbliana, tá sé d'aidhm ag *cnuasach Fís Eorpach maidir leis an tSlándáil Shibhialta don tSochaí* sochaithe Eorpacha slána a chothú i gcomhthéacs claochluithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus idirspleáchas agus bagairtí domhanda atá ag dul i méid, agus cultúr Eorpach na saoirse agus an cheartais á neartú ag an am céanna. Le blianta beaga anuas, thacaigh sé le roinnt tionscadail taighde ábhartha, mar shampla FORMOBILE[26] agus EXFILES,[27] a thacaigh le cleachtóirí ina ngníomhaíochtaí laethúla.

- Is é an *Clár don Eoraip Dhigiteach* príomhionstraim chistiúcháin an Aontais atá dírithe ar bhonneagar digiteach an Aontais a fheabhsú trí thionscnaimh éagsúla. Leis an gclár, a bhfuil buiséad iomlán EUR 7,5 billiún aige don tréimhse 2021 go 2027, leithdháiltear acmhainní suntasacha ar an gcibearshlándáil go sonrach, agus cumhdaítear fóiréinsic dhigiteach leis freisin.

[26] FORMOBILE – Ó fhóin phóca go dtí an chúirt – Slabhra imscrúdaithe fhóiréinsigh iomlán a dhíríonn ar ghairis mhóibíleacha: https://cordis.europa.eu/project/id/832800.

[27] EXFILES – Téann an Eoraip i ngleic leis an gcoireacht agus leis an sceimhlitheoireacht: https://exfiles.eu/.

Is tionscadal suaitheanta é Ardán Díchriptiúcháin Europol faoi CSI. Bhunaigh Europol an t-ardán seo in 2020, i ndlúthchomhar le hAirmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh (JRC), agus tacaíonn an t-ardán le húdaráis forfheidhmithe dlí náisiúnta trína bhfianaise dhigiteach a dhíchriptiú. Tá sé d'aidhm aige réiteach inbhuanaithe a sholáthar d'údaráis forfheidhmithe dlí chun rochtain a fháil ar na hacmhainní teicniúla agus TF a theastaíonn uathu. Le cúpla bliain anuas, úsáideadh an t-ardán in go leor cásanna móra agus, dá bharr sin, thángthas ar thorthaí ríthábhachtacha i mbeagnach leath de na cásanna sin ónar eascair roinnt scéalta ratha. In 2023, d'éirigh leis an ardán tacú le 37 n-imscrúdú (maidir le teacht i dtír gnéasach ar leanaí, sceimhlitheoireacht, cibearchoireacht, coireacht eagraithe, smuigleáil drugaí agus calaois, chomh maith le himscrúduithe airgeadais ardphróifíle), lena n-áirítear imscrúduithe ardtosaíochta mar shampla imscrúduithe ar SkyECC agus Encrochat. Tá an t-ardán anois ina uirlis riachtanach d'údaráis forfheidhmithe dlí, ach ní leor aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna go léir maidir le díchriptiú a bhíonn ag údaráis an Aontais.

***Príomhghníomhaíocht: iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil go ndéanfaí úsáid chumais díchriptiúcháin an Aontais a fhorbairt agus a chothú a thuilleadh***

| *Gníomhaithe: an Coimisiún Eorpach, Europol* | *Am: 2028* | *Buiséad: le cinneadh ag na Ballstáit (e.g. faoi chláir náisiúnta CSI)* |
|---|---|---|

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an gCoimisiún Eorpach tacú le cumas na n-údarás náisiúnta faisnéis chomhthéacsúil ardcháilíochta a bhailiú, agus inniúlacht eisiach na mBallstát i gcúrsaí slándála náisiúnta á hurramú ag an am céanna, trí chistiú tiomnaithe (mar shampla faoi Chláir Náisiúnta CSI) agus trí mhalartú dea-chleachtais, ionas gur féidir leo rannchuidiú le héifeachtúlacht Ardán Díchriptiúcháin Europol a threisiú.
- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an gCoimisiún Eorpach tacú le hinfheistíocht Europol chun cumais theicniúla a chothabháil agus cumais díchriptiúcháin a fheabhsú, coinneáil suas le forbairtí teicneolaíochta agus taighde ar an gcripteagrafaíocht chandamach a chur san áireamh.
- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an gCoimisiún Eorpach tacaíocht airgeadais a thabhairt do na Ballstáit chun **cumais díchriptiúcháin náisiúnta agus réigiúnacha** a fhorbairt, chun iarrachtaí Europol a chomhlánú.

Tugann cláir chistiúcháin an Aontais atá ann cheana tacaíocht shuntasach d'fhorfheidhmiú an dlí. Dá ndéanfaí na deiseanna sin a chuíchóiriú a thuilleadh, mhéadófaí a rannchuidiú le hacmhainneachtaí ranna na fóiréinsice digití a fheabhsú agus le gaibhniú díoltóirí agus spleáchas na n-údarás forfheidhmithe dlí ar uirlisí an 'bhosca dhuibh' a laghdú (i.e. uirlisí lena bpróiseáiltear sonraí gan údaráis iontaofa a bheith in ann a fhíorú conas a fheidhmíonn siad) a forbraíodh lasmuigh den Aontas.

Tacaíonn scéimeanna éagsúla leis na céimeanna i dtimthriall na ngníomhaíochtaí (taighde, forbairt, glacadh) ba cheart a ghlacadh chun breisluach follasach a sholáthar d'údaráis forfheidhmithe dlí. Chun leas iomlán a bhaint as na deiseanna atá ar fáil ar leibhéal an Aontais, ba cheart do riaracháin náisiúnta, údaráis forfheidhmithe dlí agus cleachtóirí a bheith ar an eolas faoi fheidhmeanna agus faoi chuspóirí gach cláir agus sásra shonraigh.




Thacaigh Fís Eorpach le tionscadail rathúla éagsúla, le rannpháirtíocht ghníomhach cleachtóirí forfheidhmithe dlí. Mar sin féin, is clár taighde é Fís Eorpach agus ba cheart ionchais a choigeartú maidir leis na huirlisí a forbraíodh, agus cé chomh gar agus atá siad le bheith réidh le húsáid go hoibríochtúil.

Is é is aidhm don tionscadal *Tools4LEAs*, arna gcistiú ag an gCiste Slándála Inmheánaí (CSI) agus arna reáchtáil ag EACTDA, glacadh torthaí tionscadal taighde slándála a éascú agus uirlisí bogearraí atá tástáilte go hiomlán agus réidh le hoibriú a sholáthar, gan aon chostais cheadúnais agus rochtain ar an gcód foinseach d'eagraíochtaí slándála poiblí an Aontais. *Tools4LEAs* is fearr atá in ann cur le torthaí na dtionscadal taighde chun cuidiú le huirlisí oibríochtúla a chur ar fáil. Tá baint ag Europol leis an tionscadal *Tools4LEAs* agus – in éineacht leis na húsáideoirí deiridh uile atá ina mbaill de EACTDA – stiúrann sé a chuid oibre.

Tá níos mó ná 15 Chroíghrúpa Ballstát cruthaithe ag an mBord Imréitigh Eorpach chun teicneolaíochtaí nua a shaothrú agus uirlisí nuálacha a chomhchruthú le chéile. Bhain na Ballstáit úsáid as Croíghrúpaí an Bhoird Imréitigh Eorpaigh chun comhordú a dhéanamh ar chuid d'fhorbairt na n-uirlisí nuálacha a mhaoinítear le deontais CSI, mar shampla MARIT-D, ProfID agus ransaitheoirí gréasáin. Is creat idéalach iad na Croíghrúpaí trínar féidir leis na Ballstáit comhordú a dhéanamh ar chomhchruthú uirlisí imscrúdaithe dhigitigh.

Trí *ghlaonna* spriocdhírithe *ar thograí faoi CSI*, leanann an Coimisiún Eorpach de chistiú a dhéanamh ar thionscadail a chuir go mór le rath na ngníomhaíochtaí oibríochtúla. Mar shampla, d'aimsigh tionscadal CERBERUS na leochaileachtaí i gcóras EncroChat, rud a d'fhág go raibh *Gendarmerie* na Fraince, le tacaíocht ó institiúid náisiúnta fóiréinseach na hÍsiltíre agus COBÁC, in ann é a dhíchóimeáil. Idir an dá linn, bhíothas in ann raon uirlisí imscrúdaithe cibearchoireachta saor in aisce a fhorbairt[28] leis an tionscadal FREETOOL[29], a bhí faoi stiúir Lárionad um Chibearshlándáil agus Imscrúdú Cibearchoireachta COBÁC, agus a cuireadh in oiriúint chun freastal ar riachtanais shonracha forfheidhmithe dlí in imscrúduithe agus anailís dhigiteach. Forbraíodh na huirlisí seo i gcomhpháirtíocht le húdaráis forfheidhmithe dlí agus tá siad ar fáil saor in aisce don phobal forfheidhmithe dlí. Chláraigh 3 000 úsáideoir ó níos mó ná 100 údarás forfheidhmithe dlí ar fud na scórtha dlínsí chun rochtain a fháil ar na huirlisí, ar ghlac roinnt údaráis forfheidhmithe dlí leo freisin ar leibhéal eagraíochtúil agus a úsáideadh in imscrúduithe ardphróifíle. Cumhdaítear leis an g*Clár um Cheartas* freisin comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus d'fhéadfadh sé comhar trasteorann maidir le húsáid uirlisí imscrúdaithe digiteacha a chur chun cinn.

---

[28] Cumhdaíonn na huirlisí na céimeanna éagsúla d'imscrúdú: bailiú faisnéise foinse oscailte réamhchuardaigh; fóiréinsic sonraí beo; anailís chuimhne; bailiú faisnéise foinse oscailte iarchuardaigh agus caomhnú acmhainní ar líne; aisghabháil uathoibrithe comhad/déantán; tuairisciú fóiréinseach; próiseáil meán; agus geoshuíomh déantán.

[29] https://www.ucd.ie/cci/projects/freetool/.

Ó cruthaíodh é, tá forbairt tagtha ar Stóras Uirlisí (Europol) chun breis agus 40 arduirlis a chuimsiú lena dtugtar rochtain dhíreach ar theicneolaíochtaí úrscothacha d'fhorfheidhmiú an dlí san Eoraip. Cuirtear uirlisí nua leis gach mí, agus tá an stóras anois ar an bpríomhfhoinse do chleachtóirí an Aontais atá ag lorg bogearraí chun cabhrú lena n-imscrúduithe. Faoi láthair tá níos mó ná 2 700 úsáideoir ag Stóras Uirlisí (Europol), agus íoslódáladh a uirlisí éagsúla níos mó ná 7 800 uair. D'úsáid aonaid náisiúnta imscrúdaitheacha na huirlisí go forleathan chun tacú le hoibríochtaí iomadúla, lena n-áirítear i réimsí éagsúla coireachta, mar shampla gáinneáil ar dhaoine, coireacht thromchúiseach agus eagraithe, an chibearchoireacht agus mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne. Cuireann Stóras Uirlisí (Europol) deis saothraithe dhírigh ar fáil do thionscadail arna maoiniú ag an Aontas as a dtagann torthaí praiticiúla aibí agus a bhfuil a gcruthaitheoirí toilteanach cead a thabhairt do Europol iad a scaipeadh ar gach údarás forfheidhmithe dlí Eorpach. Tá uirlisí comhroinnte cheana féin ag comhpháirtithe roghnaithe ó thionscadail INSPECTr, Tools4LEAs agus FORMOBILE in Stóras Uirlisí (Europol). Tá Europol ag comhordú le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) chun oiliúint maidir le huirlisí Stórais Uirlisí (Europol) a chur ar fáil d'úsáideoirí.

Thairis sin, ba cheart don chlár don Eoraip Dhigiteach sineirgí agus comhlántachtaí a chothú níos mó idir an chibearshlándáil agus comhrac na cibearchoireachta, a bhíonn ag brath go minic ar na huirlisí agus na teicnící fóiréinsice digití céanna.

Faoi láthair, níl aon sásra ann chun a áirithiú go gcomhlíonann uirlisí fóiréinsice digití caighdeáin chuntasachta agus fhóiréinseacha san Aontas. Le sásra mar sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le meastóireacht theicniúil lena n-áiritheofar go ndéanfar an méid seo a leanas a urramú go hiomlán: comhréireacht (i.e. cruthúnas a sholáthar go gceadaíonn an uirlis rochtain ar fhaisnéis spriocdhírithe, agus ar an gcaoi sin, an anailís a theorannú don mhéid is gá amháin), trédhearcacht agus cearta an chosantóra (i.e. a léiriú go n-aisghabhann an uirlis faisnéis atá barántúil agus cruinn, agus ar an gcaoi sin, dearbhú a thabhairt do dhlíodóirí cosanta agus do shaineolaithe fóiréinseacha neamhspleácha a thugann fianaise sa chúirt) agus ceanglais dhlíthiúla eile (e.g. comhlíonadh an Ghnímh um an Intleacht Shaorga). Chuirfeadh sé sin le hiontaofacht na fianaise sa chúirt, ar an leibhéal náisiúnta agus thar theorainneacha, rud a neartódh comhar trasteorann.

***Príomhghníomhaíocht: Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil go mbeadh cistiú spriocdhírithe ann do thionscadail le haghaidh taighde ar uirlisí fóiréinsice digití agus chun iad a fhorbairt agus a ghlacadh***

| | | |
|---|---|---|
| *Gníomhaithe: an Coimisiún Eorpach, Europol, na Ballstáit, EACTDA, ENFSI* | *Am: ó 2024 ar aghaidh* | *Buiséad:* |

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar na Ballstáit **tionscadail fóiréinsice digití arna gcistiú faoina gCláir Náisiúnta CSI faoi seach a chomhtháthú laistigh de shásraí atá ann cheana** (e.g. EMPACT) nó de líonraí (e.g. ECTEG, EACTDA), chun leas a bhaint as taithí cleachtóirí ó Bhallstáit eile agus, ag an am céanna, scaipeadh agus glacadh torthaí na n-údarás forfheidhmithe dlí eile a chur chun cinn.

- Is díol sásaimh do shaineolaithe an ghrúpa ardleibhéil na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach chun tacú le taighde, forbairt agus úsáid uirlisí fóiréinsice digití trí chistiú faoi chláir airgeadais ábhartha: **Fís Eorpach**, **an Eoraip Dhigiteach** agus **CSI**. Ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, foilseoidh an Coimisiún Eorpach **glaonna oscailte ar thograí** gach 2 bhliain i réimse na cibearchoireachta agus na n-imscrúduithe digiteacha, faoin gCiste Slándála Inmheánaí.

- Is díol sásaimh do shaineolaithe an ghrúpa ardleibhéil na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach chun **EACTDA** a chistiú faoi CSI, ionas gur féidir le EACTDA uirlisí bogearraí atá tástáilte go hiomlán agus réidh le hoibriú a sholáthar, gan aon chostais cheadúnais agus le rochtain ar an gcód foinseach d’eagraíochtaí slándála poiblí an Aontais.

- Is díol sásaimh do shaineolaithe an ghrúpa ardleibhéil na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach chun úsáid **Stóras Uirlisí (Europol)** a chur chun cinn, faoi chuimsiú deiseanna cistiúcháin, mar mhol lárnach chun uirlisí a scaipeadh; molann siad do **Saotharlann Nuálaíochta Europol** leanúint dá hiarrachtaí uirlisí imscrúdaitheacha iontaofa, slána, saor in aisce, atá éasca le suiteáil agus inscálaithe a chur ar fáil d’fhorfheidhmiú dlí an Aontais.

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil go ndéanfaí tuilleadh machnaimh ar **scéimeanna a bhunú chun** uirlisí fóiréinsice digití tráchtála **a mheas agus, i gcás inarb ábhartha, a dheimhniú** ar leibhéal an Aontais. Féadfar é sin a dhéanamh, mar shampla, **faoi chuimsiú Líonra Eorpach na nInstitiúidí um Eolaíocht Fhóiréinseach.**

Tá ceadúnais le haghaidh uirlisí fóiréinsice digití costasach agus, in amanna, ródhaor do roinnt údaráis forfheidhmithe dlí. Trí cheadúnais a fháil go comhpháirteach, ar féidir iad a roinnt ansin idir údaráis i mBallstáit éagsúla, féadfar praghsanna níos ísle a chaibidil.

Tá modheolaíocht forbartha ag an tionscadal *iProcureNet*[30], a chistítear faoin gclár Fís Eorpach, le haghaidh soláthar comhpháirteach i réimse na slándála, chomh maith le líonra d'údaráis soláthair sna Ballstáit. I bhfianaise chomhdhéanamh agus eagrú a chuid oibre, is maith a bheadh *Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh maidir leis an tslándáil inmheánach* in ann gabháil leis an sainmhíniú ó na Ballstáit ar riachtanais choiteanna agus na huirlisí is úsáidí a shainaithint, ar choinníoll gur cruthaíodh sruth oibre tiomnaithe maidir leis an bhfóiréinsic dhigiteach.

Is minic a chruthaíonn uirlisí fóiréinsice digití saincheisteanna breise cé is moite dá gcostas. Mar shampla, féadfar na sonraí a aisghabhtar leis na huirlisí sin a struchtúrú nó a chur i láthair i bhformáid nach gcomhlíonann na córais faisnéise intíre atá ann cheana agus a úsáidtear le haghaidh tuilleadh próiseála (e.g. anailís nó comhroinnt sonraí). Dá bhrí sin, is gá sraith de cheanglais chomhroinnte na mBallstát a fhoirmliú maidir le struchtúr agus formáid na sonraí a fhaightear trí uirlisí fóiréinsice digití. Ar an mbonn sin, bheadh údaráis na mBallstát in ann dul i mbun plé le soláthraithe uirlisí fóiréinsice digití ionas gur féidir a gceanglais a chur san áireamh go cuí, mar shampla faoi chuimsiú nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh, mar a leagtar amach thuas.

***Príomhghníomhaíocht: Leagann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil béim ar an ngá atá le luach níos fearr ar airgead agus uirlisí fóiréinsice digití á bhfáil acu***

| | | |
|---|---|---|
| *Gníomhaithe: na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach, Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach, Europol* | *Am: ó 2025 ar aghaidh (soláthar comhpháirteach)* | *Buiséad: Neamhbhainteach* |

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an gCoimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - tacú leis na Ballstáit **na huirlisí fóiréinsice digití** is mó a bhfuil gá leo le haghaidh imscrúduithe éifeachtacha **a shainaithint** (b'fhéidir faoi chuimsiú Mhol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach);
  - tacú le **comhar idir aonaid oibríochtúla agus na pointí teagmhála in údaráis soláthair**, arna dtabhairt le chéile ag iProcureNet;
  - **ceannacháin chomhpháirteacha de cheadúnais le haghaidh uirlisí fóiréinsice digití** a bhunú **ar bhonn phíolótach**.
- Creideann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil go bhfuil **Europol** in ann cabhrú leis na Ballstáit **ceanglais chomhchoiteanna** a shainiú **maidir le struchtúr agus formáid na sonraí a fhaightear** trí uirlisí fóiréinsice digití agus, ar an mbonn sin, comhar a chothú i measc na n-údarás agus na saineolaithe náisiúnta ábhartha chun go mbeidh siad in ann dul i dteagmháil le táirgeoirí agus forbróirí na n-uirlisí sin ionas gur féidir leo teacht ar chomhaontú maidir le caighdeáin agus gur féidir aird chuí a thabhairt ar riachtanais na mBallstát.

[30] https://www.iprocurenet.eu/.

## II. Acmhainneachtaí a mhalartú agus uirlisí íogaire a chomhroinnt

Faoi láthair, is é saothrú leochaileachtaí chun rochtain a fháil ar eochracha díchriptiúcháin ar ghléasanna an phríomhrogha a fhágtar faoi lucht forfheidhmithe dlí chun rochtain a fháil ar ábhar criptithe, i bhfianaise infhaighteacht theoranta na gcumas díchriptiúcháin (e.g. Ardán Díchriptithe Europol) agus easpa comhar éifeachtach leis an tionscal, nó easpa creat dlíthiúil tiomnaithe chun rochtain dhleathach ar fhaisnéis ar ghléasanna digiteacha a áirithiú.

Fiú má tá na coinníollacha sin (nó cuid acu) i bhfeidhm go pointe áirithe, is dócha go mbeidh coirpigh ag brath ar ghléasanna criptithe tiomnaithe chun faisnéis nó ábhar neamhdhleathach a cheilt. Dá bhrí sin, beidh gá go fóill amach anseo d'fhorfheidhmiú an dlí uirlisí agus acmhainneachtaí íogaire a úsáid, agus b'fhéidir iad a chomhroinnt[31].

| |
|---|
| ***Cnuasach moltaí 2***<br>*Chun uirlisí íogaire agus bainistiú freagrach na n-acmhainneachtaí gaolmhara a chomhroinnt, molann na saineolaithe an méid seo a leanas:*<br>*1. machnamh a dhéanamh ar shásraí a bhunú chun a áirithiú gur féidir uirlisí íogaire a chomhroinnt ar bhealach lena n-urramaítear rialacha náisiúnta go hiomlán [moladh 1];*<br>*2. próiseas a chur ar bun a bheidh tiomnaithe do mhalartú acmhainneachtaí a bhféadfadh úsáid leochaileachtaí a bheith i gceist leis, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí eolas agus acmhainní a chomhthiomsú, agus é á áirithiú ag an am céanna go n-urramófaí rúndacht agus íogaireacht na faisnéise [moladh 6];*<br>*3. féachaint, b'fhéidir, ar chur chuige Eorpach maidir le leochaileachtaí arna láimhseáil ag lucht forfheidhmithe dlí a bhainistiú agus a nochtadh [moladh 2].* |

Trí Fís Eorpach agus CSI, thacaigh an Coimisiún Eorpach le tionscadail (*EXFILES* agus *ForRES*[32]) atá tiomnaithe do shaothrú leochaileachta agus bogearraí, agus chuir sé uirlisí agus prótacail ar fáil do chleachtóirí forfheidhmithe dlí chun sonraí a asbhaint go tapa agus go comhsheasmhach, uirlisí agus prótacail a chomhlíonann na forálacha dlíthiúla ábhartha uile mar sin féin.

[31] Tagraíonn 'uirlisí íogaire' d'uirlisí fóiréinsice digití agus d'uirlisí idircheaptha oirbheartaíochta araon.

[32] https://forres.eu.

Trí uirlisí íogaire agus acmhainneachtaí gaolmhara a chomhroinnt i measc comhpháirtithe iontaofa Eorpacha, éascaítear an comhar oibríochtúil, is féidir eolas a fhrithpháirtiú agus cruthaítear barainneacht scála, rud a laghdaíonn na hacmhainní is gá.

Cé go bhfuil sé fós ríthábhachtach d'imscrúduithe uaireanta, ní mór dúshaothrú leochaileachtaí a láimhseáil go han-chúramach, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil intíre ábhartha, toisc go gcuireann sé isteach ar staid slándála crua-earraí agus bogearraí.

***Príomhghníomhaíocht: Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil go dtabharfaí tacaíocht chun uirlisí íogaire a chomhroinnt agus go ndéanfaí bainistiú freagrach ar acmhainneachtaí gaolmhara***

| | | |
|---|---|---|
| *Gníomhaithe: na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach* | *Am: ó 2024 ar aghaidh* | *Buiséad: Neamhbhainteach* |

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an gCoimisiún Eorpach leanúint de thacaíocht a thabhairt do thionscadail atá tiomanta d'uirlisí íogaire a chomhroinnt (uirlisí fóiréinsice digití agus uirlisí idircheaptha oirbheartaíochta araon) agus d'acmhainní a chomhthiomsú trí chláir chistiúcháin ábhartha; d'fhéadfadh an Coimisiún tacú freisin le **hardán trasnáisiúnta a chruthú chun eolas a struchtúrú agus a chomhroinnt.**

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh féachaint an bhféadfaí **cur chuige Eorpach** a leagan amach **chun leochaileachtaí a bhainistiú agus a nochtadh**, ar cur chuige é a láimhseálfadh údaráis forfheidhmithe dlí, bunaithe ar dhea-chleachtais atá ann cheana

## III. Infheistíochtaí comhchoiteanna chun scileanna a fhorbairt agus saineolas a fheabhsú i réimse na fóiréinsice digití

Ba cheart oiliúint a chur ar bhaill foirne ábhartha forfheidhmithe dlí chun úsáid a bhaint as uirlisí agus teicnící imscrúdaitheacha a chuirtear i bhfeidhm ina n-imscrúduithe, agus ba cheart a gcuid saineolais a dheimhniú. Ba cheart an ról atá acu a léiriú lena a n-inniúlachtaí riachtanacha agus doiciméadaithe agus ba cheart a áireamh leis na hinniúlachtaí sin ar a laghad fóiréinsic dhigiteach gléis iniompartha chineálaigh (uirlis-il-oiriúnach), topaicí líne chúraim/fianaise, agus buneilimintí maidir le cineálacha fála, anailíse, tuairiscithe agus láithreas os comhair cúirte. Ba cheart a léiriú sa doiciméadacht an bhfaightear na hinniúlachtaí sin trí oiliúint nó ar an láthair oibre.

***Cnuasach moltaí 3***

*Chun tacú le forbairt scileanna agus saineolais i réimse na fóiréinsice digití, lena n-áirítear díchriptiú agus caighdeánú, molann na saineolaithe an méid seo a leanas:*

1. *líon na ndeiseanna oiliúna do shaineolaithe a mhéadú [moladh 7];*
2. *scéim deimhniúcháin a chruthú ar leibhéal an Aontais do shaineolaithe fóiréinsice digití, chun cáilíocht agus aonfhoirmeacht na hoiliúna teicniúla a chuirtear ar fáil a ráthú [moladh 7];*
3. *infheistíocht a dhéanamh chun an bhearna sna scileanna teicniúla i ndáil le caighdeánú a líonadh agus feasacht a mhéadú trí chomhaontuithe a bhunú le lucht léinn agus le hinstitiúidí ábhartha eile [moladh 8].*

Cuireann CEPOL cúrsaí oiliúna ar fáil ar roinnt ábhar ábhartha[33]. Forbraíonn an Grúpa Eorpach Oiliúna agus Oideachais maidir leis an gCibearchoireacht (ECTEG)[34] cúrsaí ar an gcibearchoireacht agus ar an bhfóiréinsic dhigiteach agus cuireann sé ar fáil iad, saor in aisce, do CEPOL agus do na húdaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí.

D'fhorbair ECTEG *Decrypt*, acmhainn oiliúna chun feabhas a chur ar chumais díchriptiúcháin dhleathaigh údaráis forfheidhmithe dlí Bhallstáit an Aontais trí straitéisí sofaisticiúla chun fianaise chriptithe a láimhseáil ar bhealach dleathach. Is féidir le CEPOL, chomh maith le haonaid náisiúnta, *Decrypt* a úsáid, agus úsáid á baint as an mbonneagar a chuireann JRC ar fáil.

[33] Oiliúint d'imscrúdaitheoirí fóiréinsice digití, fóiréinsic mhóibíleach, fóiréinsic sonraí beo agus fóiréinsic a bhaineann le córais Mac.

[34] Is eagraíocht neamhbhrabúis é ECTEG a thugann 30 údarás forfheidhmithe dlí le chéile ó 20 tír Eorpach, comhlachtaí idirnáisiúnta agus lucht acadúil. Le tacaíocht ó CSI, déanann ECTEG acmhainní oiliúna, réitigh agus ábhair a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chomhroinnt. Féach https://www.ecteg.eu/.

Tá sé chomh tábhachtach céanna bunscileanna a bhaineann leis an bhfóiréinsic dhigiteach a chur ar fáil do chéadfhreagróirí. I measc tionscadal eile, chruthaigh ECTEG *eFirst* (‘Oideachas a chur ar chéadfhreagróirí um fhorfheidhmiú an dlí maidir le cibir-riachtanais’). Is modúl oiliúna féinluais ar líne é eFirst atá dírithe ar phóilíní sa réimse (patról, láthair na coireachta, cuardach tí) nó a bhfuil sé de chúram orthu gearán tosaigh íospartaigh a thógáil. Cuireann sé eolas bunúsach ar fáil faoin gcibearchoireacht agus faoin bhfóiréinsic dhigiteach. Is féidir é a úsáid freisin mar bhonn do chúrsaí ar an láthair ag acadaimh phóilíneachta.

Áirithítear le *deimhniú phróifílí na saineolaithe* go bhfuil an t-eolas agus na scileanna is gá ag gach duine. Spreagann sé gairmithe chun a gcuid scileanna a fhorbairt agus bheith cothrom le dáta maidir lena bhfuil ag titim amach ina réimse, agus tacaíonn sé freisin le dul chun cinn gairme agus aitheantas pearsanta. Mar thoradh air sin, déantar obair atá ar chaighdeán níos airde agus níos cruinne. Thairis sin, is féidir le deimhniú pearsanta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tuairisc shoiléir thrédhearcach a thabhairt ar scileanna agus inniúlachtaí na saineolaithe fóiréinsice digití, lena gcuirfear ar chumas cleachtóirí agus bainisteoirí aonad a shainaithint cé hiad na daoine nach mór dóibh na ceanglais is gá a chomhlíonadh chun cúraimí ábhartha a láimhseáil go héifeachtúil;

- forbairt cúrsaí oiliúna a éascú agus eagrú na gcúrsaí sin a stiúradh ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais; áirithítear le hoiliúint inchomparáide póilíní ar fud Bhallstáit uile an Aontais go mbeidh rochtain ag na póilíní uile ar leibhéal comhsheasmhach eolais agus scileanna, gan beann ar an tír arb as dóibh;

- rannchuidiú le himeachtaí breithiúnacha níos trédhearcaí;

- muinín a mhéadú idir imscrúdaitheoirí agus gníomhaithe eile, rud a neartóidh an comhar idirnáisiúnta idir údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí.

Tá tús curtha ag CEPOL le *Creat um Cháilíochtaí Earnála* a fhorbairt don phóilíneacht, ag díriú ar chomhar trasteorann. Is féidir an tsamhail sin a oibríochtú ag tógáil ar an obair atá déanta ag ECTEG ar dheimhniú saineolaithe fóiréinsice digití faoi chuimsiú a *Thionscadail Dhomhanda Deimhniúcháin Cibearchoireachta*[35].

Tá ECTEG agus EACTDA araon ag infheistiú cuid dá n-acmhainní chun tacú le *rannpháirtíocht* éifeachtach *cleachtóirí ábhartha forfheidhmithe dlí i bpróisis chaighdeánaithe*, mar shampla trí rochtain ar scileanna riachtanacha a éascú.

***Príomhghníomhaíocht: Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil go bhfeabhsófaí scileanna teicniúla agus go ndeimhneofaí próifílí***

| | | |
|---|---|---|
| *Gníomhaithe: CEPOL, ECTEG* | *Am: gníomhaíochtaí atá ar siúl; scéim deimhniúcháin le haghaidh saineolaithe fóiréinsice digití atá le cur ar fáil faoi 2026* | *Buiséad:* |

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar CEPOL leanúint de chúrsaí oiliúna a **chur ar fáil** (go háirithe cúrsaí oiliúna d'oiliúnóirí).
- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar ECTEG leanúint de chúrsaí oiliúna maidir leis an bhfóiréinsic dhigiteach **a fhorbairt, a thabhairt cothrom le dáta agus a phíolótú**, do shaineolaithe agus do chéadfhreagróirí, agus béim ar leith á leagan ar dhíchriptiú.
- Is díol sásaimh do shaineolaithe an ghrúpa ardleibhéil na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún (trí ghlaonna oscailte ar thograí faoin gCiste Slándála Inmheánaí) chun tacú le ECTEG, chomh maith le cúrsaí oiliúna a **imscaradh** ar an leibhéal réigiúnach.
- Iarrann an grúpa ardleibhéil ar ECTEG leanúint d'fhéachaint an bhféadfaí scéim deimhniúcháin a chur ar bun ar leibhéal an Aontais do shaineolaithe fóiréinsice digití, agus iarrann sé ar CEPOL rannchuidiú leis an iarracht sin a mhéid is féidir, ag tógáil ar a gcuid oibre ar **Chreat um Cháilíochtaí Earnála** don phóilíneacht agus ar **Dheimhniú Domhanda Cibearchoireachta**.
- Iarrann an grúpa ardleibhéil ar ECTEG leanúint de shealbhú **inniúlachtaí agus saineolais maidir le próisis chaighdeánaithe** ag cleachtóirí ábhartha a éascú.

[35] https://www.ecteg.eu/running/gcc/.

## IV. Rochtain dhleathach a éascú

Gan noirm lena rialaítear rochtain dhleathach trí dhearadh, ní mór d'údaráis forfheidhmithe dlí leochaileachtaí a shaothrú níos mó chun rochtain a fháil ar ghléasanna urghafa ar a bhfuil faisnéis faoi chosaint ag criptiú. Mar sin féin, cé gur féidir leis an modh seo imscrúduithe a chur chun cinn, bíonn costas ard airgeadais ag baint leis. Dá bhrí sin, is gá machnamh a dhéanamh ar roghanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

**_Cnuasach moltaí 4_**

*Chun sásraí a bhunú le haghaidh comhar le comhpháirtithe tionscail ábhartha agus féachaint an bhféadfaí caighdeáin cheangailteacha a fhorchur agus reachtaíocht a chomhfhogasú i réimse na rochtana dleathaí i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, molann na saineolaithe an méid seo a leanas:*

1. *ardán (SIRIUS nó a choibhéis) a fhorbairt chun uirlisí, dea-chleachtais agus eolas a chomhroinnt maidir leis an gcaoi ar féidir le húinéirí agus táirgeoirí táirgí agus monaróirí crua-earraí rochtain a fháil ar shonraí [moladh 11];*

2. *pointí teagmhála fhorfheidhmiú an dlí a mhapáil laistigh de mhonaróirí crua-earraí agus bogearraí digiteacha [moladh 11];*

3. *mapáil chuimsitheach agus forbairt a dhéanamh ar lámhleabhar AE maidir leis an reachtaíocht atá ann cheana sna Ballstáit, chun mionsonraí a thabhairt faoi fhreagrachtaí dlíthiúla monaróirí crua-earraí agus bogearraí digiteacha iarrataí ar shonraí ó fhorfheidhmiú an dlí a chomhlíonadh, agus cásanna sonracha agus ceanglais shonracha a chuireann iallach ar chuideachtaí rochtain a fháil ar ghléasanna á gcur san áireamh; [moladh 25];*

4. *grúpa taighde a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar indéantacht theicniúil na n-oibleagáidí ionsuite maidir le rochtain dhleathach (lena n-áirítear chun rochtain a fháil ar shonraí criptithe) i gcás gléasanna digiteacha, agus, ag an am céanna, slándáil gléasanna agus príobháideachas faisnéise do gach úsáideoir a chothabháil agus gan í a chur i mbaol agus gan slándáil na cumarsáide a lagú ná an bonn a bhaint di [moladh 26];*

5. *ag brath ar an mapáil thuasluaite, caighdeáin cheangailteacha tionscail a fhorbairt do ghléasanna a thugtar chun an mhargaidh san Aontas, d'fhonn rochtain dhleathach a chomhtháthú agus comhfhogasú reachtaíochta a chur chun cinn laistigh den réimse sin [moladh 25].*

Níl an rannpháirtíocht atá ag forfheidhmiú an dlí faoi láthair leis an tionscal fabhrach do thorthaí nithiúla; tá gá leis an gcomhar leis an tionscal a threisiú chun bealaí rochtana dleathacha ar ghléasanna agus ar fheidhmchláir a fhorbairt le haghaidh údaráis forfheidhmithe dlí. Mar shampla, i gcás taifeadtaí físfhaireachais, bíonn ar údaráis forfheidhmithe dlí aghaidh a thabhairt níos minice i gcónaí ar chomhaid chriptithe nach féidir le bogearraí uathoibríocha anailís a dhéanamh orthu, go háirithe nuair a bhíonn méideanna móra físeáin i gceist.

Go teoiriciúil, féadfaidh údaráis forfheidhmithe dlí tacaíocht a iarraidh ar mhonaróirí gléasanna, a fhéadfaidh cód foinse a mbogearraí a sholáthar ina dhiaidh sin chun rochtain ar shonraí inneachair neamhchriptithe a éascú nó chun doiciméadacht theicniúil an trealaimh a bhíonn in imscrúduithe coiriúla a sholáthar.

Bheadh Europol in áit mhaith chun dea-chleachtais (mar shampla pointí teagmhála a bhunú d'fhorfheidhmiú an dlí) agus eolas a bhailiú maidir leis an gcaoi a bhféadfadh úinéirí agus táirgeoirí táirgí agus monaróirí crua-earraí rochtain a éascú agus iad a chur ar fáil do gach údarás forfheidhmithe dlí trí SIRIUS (nó ardán coibhéiseach).

Ag an am céanna, ba cheart féachaint faoi réitigh níos trédhearcaí lena gcumasófar rochtain ar shonraí neamhchriptithe maidir le gléasanna urghafa, chun éifeachtacht imscrúduithe a mhéadú agus, ag an am céanna, cothrom iomaíochta a áirithiú i measc gníomhaithe tionscail, agus an chibearshlándáil á caomhnú agus príobháideachas á chosaint ag an am céanna.

Ar bhonn anailís mhionsonraithe ar cheanglais fhorfheidhmiú an dlí maidir le rochtain dhleathach, tathantaíonn na saineolaithe ar an gCoimisiún Eorpach *treochlár teicneolaíochta*[36] a tharraingt suas lena dtabharfar le chéile gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag saineolaithe teicneolaíochta, cibearshlándála, príobháideachais, caighdeánaithe agus slándála agus lena n-áiritheofar comhordú leordhóthanach.

Príomhghníomhaíocht a thiocfadh faoin treochlár teicneolaíochta sin is ea measúnú a dhéanamh ar *indéantacht theicniúil oibleagáidí maidir le rochtain dhleathach ionsuite* (lena n-áirítear chun rochtain a fháil ar shonraí criptithe agus taifeadtaí criptithe TCI) le haghaidh comhaid agus gléasanna digiteacha[37], agus coimircí láidre cibearshlándála á n-áirithiú ag an am céanna agus gan an tslándáil cumarsáide a lagú ná an bonn a bhaint di. Dhéanfaí an measúnú sin agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile rannpháirteach ann.

---

[36] Tagraítear sa tuarascáil do 'threochlár teicneolaíochta' uathúil i roinnt cásanna agus caibidlí.

[37] Féach 'Moving the Encryption Policy Conversation Forward' - Carnegie Endowment for International Peace - https://carnegieendowment.org/research/2019/09/moving-the-encryption-policy-conversation-forward?lang=en.

A mhéid a dearbhaíodh leis an measúnú sin infhaighteacht nó indéantacht na n-oibleagáidí maidir le rochtain dhleathach ionsuite lena gcomhlíontar na coinníollacha thuas, ba cheart an próiseas le haghaidh *rannpháirtíocht* mharthanach fhadtéarmach le *comhlachtaí um chaighdeánú* a shainiú sa treochlár teicneolaíochta freisin. D'fhéadfadh Europol rannpháirtíocht fhorfheidhmiú an dlí sa phróiseas caighdeánaithe sin a chomhordú, le tacaíocht ó EACTDA.

Ar bhonn mapáil a dhéanamh ar chreataí dlíthiúla na mBallstát atá ann cheana lena gcinntear freagrachtaí monaróirí crua-earraí agus bogearraí digiteacha maidir le hiarrataí ar shonraí ó fhorfheidhmiú an dlí a chomhlíonadh, d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le *reachtaíocht nó treoirlínte agus moltaí* [comhfhogasú na reachtaíochta laistigh den réimse sin a chur chun cinn].

***Príomhghníomhaíocht: Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil go gcuirfí dlús leis an gcomhar leis an tionscal, go ndéanfaí tagairt do chaighdeáin ábhartha i dtionscnaimh de chuid an Aontais atá ar na bacáin a chothú agus go ndéanfaí reachtaíocht i réimse na rochtana dleathaí a chomhfhogasú i gcomhréir le cásdlí CBAE agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine***

*Gníomhaithe: Europol; an Coimisiún Eorpach* — *Am: ó 2025 ar aghaidh* — *Buiséad: Neamhbhainteach*

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an g**Coimisiún Eorpach treochlár** tiomnaithe **teicneolaíochta** a fhorbairt chun féachaint ar roghanna maidir le rochtain dhleathach ar ghléasanna digiteacha.
- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar **Europol** dea-chleachtais agus eolas a bhailiú maidir leis an gcaoi a bhféadfadh úinéirí agus táirgeoirí táirgí agus monaróirí crua-earraí rochtain a éascú agus í a chur ar fáil do gach údarás forfheidhmithe dlí trí **SIRIUS** (nó ardán coibhéiseach).

# Caibidil II: Coinneáil sonraí

## CAD IAD NA SAINCHEISTEANNA?

San am a chuaigh thart, ba fhianaise fhisiciúil an phríomhfhoirm fianaise a bhailítí ach sa lá atá inniu ann, stórálann soláthraithe cumarsáide lear mór fianaise fhéideartha i bhfoirm meiteashonraí. Cé nach iad sonraí digiteacha an t-aon fhianaise amháin a theastaíonn i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla, tá an cineál sin fianaise ríthábhachtach — go háirithe chun céannacht daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine inspéise a bhféadfadh faisnéis ábhartha a bheith acu a shuí — i mbeagnach gach imscrúdú, cibé acu a bhaineann siad le coireanna a dhéantar sa saol fisiciúil nó sa saol digiteach. Go háirithe maidir leis an saol digiteach, is minic gurb iad meiteashonraí cumarsáide (go háirithe seoltaí IP agus uimhreacha poirt) an t-aon bhealach chun duine atá faoi dhrochamhras a shainaithint[38].

Le go mbeidh údaráis forfheidhmithe dlí in ann imscrúdú a dhéanamh ar choireanna sa ré dhigiteach, is gá, dá bhrí sin, fianaise dhigiteach a chur ar fáil i bhformáid inléite agus inrochtana, nuair is gá, agus urraim chuí á tabhairt do choimircí iomchuí le haghaidh imeachtaí coiriúla, cearta nós imeachta, agus príobháideachas agus cosaint sonraí. Féadfar sonraí a choinneáil chun críocha gnó (billeáil agus sonrascadh, cuir i gcás) nó chun críocha forfheidhmithe dlí. Féadfaidh coinneáil sonraí cuidiú lena áirithiú go bhfuil sonraí ar fáil go mbeidh na húdaráis inniúla in ann rochtain a fháil orthu i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla agus ionchúiseamh. D'fhéadfadh sonraí a choinníonn soláthraithe a bheith ríthábhachtach chun an choireacht a chomhrac go héifeachtach, agus is réamhchoinníoll é na sonraí sin a chaomhnú chun rochtain ar fhorfheidhmiú an dlí ina dhiaidh sin a chumasú agus chun a áirithiú go mbeidh údaráis forfheidhmithe dlí in ann imscrúduithe a dhéanamh[39]. San am céanna, sonraítear i bprionsabal an íoslaghdaithe sonraí a leagtar síos sa Treoir maidir le r-phríobháideachas[40] agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)[41] nár cheart do sholáthraithe sonraí tráchta a stóráil (nó a phróiseáil ar bhealach eile) ach amháin a fhad is gá chun críocha na cumarsáide féin, chun críoch billeála nó, i gcásanna sonracha, chun seirbhísí cumarsáide leictreonaí a mhargú. Ní mór aon stóráil eile a bheith faoi réir creat dlíthiúil lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15 den Treoir maidir le r-phríobháideachas. Léiríonn an córas sin an gá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosanta sonraí agus cuspóirí na mbeart forfheidhmithe dlí.

---

[38] Phléigh na saineolaithe roinnt samplaí d'ábharthacht na sonraí digiteacha in imscrúduithe agus líon na n-iarrataí ar shonraí. De réir saineolaí amháin, le 5 bliana anuas, bhain gach imscrúdú a bhain leis an sceimhlitheoireacht nó leis an gcoireacht eagraithe úsáid as sonraí a iarradh ar sholáthraithe. In 2023, i mBallstát amháin, iarradh níos mó ná 1 300 000 uimhir ar oibreoirí lena sainaithint in imeachtaí coiriúla, agus bhailíochtaigh an córas breithiúnach beagnach gach ceann acu níos déanaí.

[39] Chun críocha an doiciméid seo, tuigtear gurb ionann rochtain ar shonraí agus rochtain a thugtar ar fhorfheidhmiú an dlí, faoi réir údarú breithiúnach *ex ante* nuair is gá, chun críoch imscrúduithe coiriúla agus ar bhonn cás ar chás.

[40] Airteagal 6 de Threoir 2002/58/CE.

[41] Airteagal 5(1)(c) de Rialachán (AE) 2016/679

Faoi láthair, níl aon reachtaíocht de chuid an Aontais ann lena rialaítear coinneáil sonraí. Chuir CBAE Treoir an Aontais maidir le Sonraí a Choimeád[42] ar neamhní in 2014, agus leag sí béim ar an tslí ar chuir an Treoir isteach go suntasach ar na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí a bhaineann le sonraí a stóráil [go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach] a bhailíonn soláthraithe seirbhíse ar an gcéad dul síos, chun críocha forfheidhmithe dlí[43]. Mar thoradh air sin, tá athruithe déanta ar chreataí dlíthiúla náisiúnta as ar eascair difríochtaí suntasacha ar fud an Aontais[44]: cé go bhfuil rialacha fós i bhfeidhm ag roinnt Ballstát lena gcuirtear d'oibleagáid ar sholáthraithe cumarsáide catagóirí áirithe sonraí a choinneáil chun críocha forfheidhmithe dlí, tá athruithe curtha chun feidhme ag Ballstáit eile chun an critéar maidir le coinneáil spriocdhírithe sonraí tráchta a mholtar sa chásdlí a chomhlíonadh;[45] i gcásanna eile, mar gheall ar bhreithiúnais ó chúirteanna náisiúnta a tháinig ina dhiaidh sin freisin, níl aon rialacha sonracha i bhfeidhm acu maidir le sonraí a choinneáil chun críocha forfheidhmithe dlí, agus braitheann siad ar shonraí a bhíonn á gcoinneáil ag cuideachtaí chun críocha gnó amháin. Braitheann na coinníollacha chun rochtain a fháil ar na sonraí sin ar an gcreat dlíthiúil náisiúnta is infheidhme agus ar an gcineál sonraí atá i gceist (sonraí rannpháirtí, tráchta nó inneachair). Mar thoradh ar an easpa oibleagáidí comhleanúnacha comhchuibhithe sin maidir le coinneáil sonraí ar fud an Aontais, bíonn neamhréireachtaí ann idir na Ballstáit maidir leis na ceanglais lena rialaítear coinneáil na gcineálacha éagsúla meiteashonraí a bhíonn ag soláthraithe seirbhíse (agus fad na gceanglas sin).

[42] Treoir 2006/24/CE. Leis an Treoir, cuireadh d'oibleagáid ar Bhallstáit an Aontais bearta a ghlacadh chun a áirithiú go gcoinneodh soláthraithe seirbhísí agus líonraí cumarsáide leictreonaí sonraí tráchta agus suímh agus na sonraí gaolmhara is gá chun an rannpháirtí nó an t-úsáideoir cláraithe a shainaithint ar feadh tréimhse idir 6 mhí agus 2 bhliain, chun rochtain a thabhairt d'údaráis inniúla chun coireanna tromchúiseacha a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, mar a shainmhínítear sa reachtaíocht náisiúnta.

[43] Chun forléargas a fháil ar an dlí-eolaíocht ábhartha, féach: The future of national data retention obligations – How to apply Digital Rights Ireland at national level? – European Law Blog, V. Franssen; Recalibrating Data Retention in the EU - eucrim; Tuarascáil Eurojust/EJCN 2024. The effect of Court of Justice of the European Union case-law on national data retention regimes and judicial cooperation in the EU; Cybercrime Judicial Monitor - Issue 6; Cybercrime Judicial Monitor - Issue 9

[44] Bhí éagsúlachtaí ann idir freagairtí na mBallstát ar neamhniú Threoir an Aontais maidir le Sonraí a Choimeád, agus mhéadaigh gníomhaíochtaí a thionscnaítear ar an leibhéal náisiúnta éagsúlacht na gcóras náisiúnta coinneála sonraí. De réir Eurojust/EJCN data retention report of 2024, rinne 12 thír athruithe ar a reachtaíocht sa tréimhse 2018-2022. D'fhreagair freagróirí go raibh na hathruithe sin mar thoradh díreach ar chásanna CBAE C-746/18, *Prokuratuur* agus Cásanna Uamtha C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, *La Quadrature du Net agus Páirtithe Eile*. Tá rialacha maidir le coinneáil sonraí i bhfeidhm ag 23 as 27 mBallstát; tá rialacha spriocdhírithe maidir le coinneáil sonraí tugtha isteach cheana féin ag seacht mBallstát. Chun forléargas a fháil, féach Commission Study on the retention of electronic communications non-content data for law enforcement purposes, 2020, lch. 39.

[45] D'fhorbair an Chúirt an coincheap maidir le sonraí tráchta agus sonraí suímh a choinneáil ar bhonn spriocdhírithe i roinnt breithiúnas, agus chinn sí gur féidir coinneáil sonraí a bheith comhoiriúnach le dlí an Aontais má cheaptar iad bunaithe ar spriocanna sonracha agus chun críocha sonracha. Mar sin féin, mar thoradh ar chur i bhfeidhm praiticiúil na gcritéar a mhol an Chúirt chun na spriocanna sin a dhearadh, tá deacrachtaí agus dúshláin ann sna hardchúirteanna sna Ballstáit sin a rinne iarracht iad a bhaint amach.

Sna Ballstáit sin nach bhfuil oibleagáidí coinneála sonraí acu, tá sé deacair nó dodhéanta uaireanta duine atá faoi dhrochamhras nó duine a bhféadfadh faisnéis ábhartha a bheith aige ('duine inspéise') a shainaithint in imscrúdú coiriúil[46]. Chuirfí feabhas freisin ar bhreisluach na rialacha nua maidir le r-fhianaise, a luaithe a bheadh siad i bhfeidhm, dá ndéanfaí iad a fhorlíonadh le hoibleagáidí coinneála sonraí, murach sin níl aon ráthaíocht ann go mbeidh an fhaisnéis atá faoi réir orduithe caomhnaithe nó táirgthe Eorpacha (lena gcumhdaítear sonraí tráchta, sonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir agus sonraí rannpháirtí a shainaithint, agus chun na críche sin amháin) ar fáil.

Bíonn tionchar ag na cúinsí atá ann faoi láthair ar **údaráis forfheidhmithe dlí** agus ar **sholáthraithe cumarsáide** araon, ach níos tábhachtaí fós, bíonn **tionchar acu ar shaoránaigh agus ar íospartaigh**, nach féidir a gceart chun rochtain a fháil ar cheartas a áirithiú má thosaíonn imscrúduithe nuair a scriosadh sonraí cheana nó nuair nár coinníodh iad[47].

## I. Saincheisteanna laistigh de dhlínse na mBallstát

I mBallstáit **nach bhfuil aon oibleagáidí sonracha** i bhfeidhm iontu maidir le sonraí a choinneáil chun críocha forfheidhmithe dlí, braitheann imscrúduithe ar na sonraí a stórálann cuideachtaí chun a gcríoch gnó agus tráchtála seachas aon fhianaise eile atá ar fáil. Tá sonraí tráchtála faoi réir bheartais inmheánacha soláthraithe, agus sonraí tráchta á stóráil ag cuideachtaí ar feadh tréimhsí éagsúla (e.g. thart ar 6 mhí), agus is minic a stóráiltear sonraí suímh, nach mbíonn ábharthacht ghnó ag baint leo de ghnáth, ar feadh tréimhse níos giorra. Is minic nach stórálann cuideachtaí beaga meiteashonraí rannpháirtí ná cumarsáide ar chor ar bith, nó coinníonn siad ar feadh tréimhse an-ghearr iad. Mar thoradh air sin, is minic a bhíonn deabhadh ag baint le himscrúduithe, mar ní mór d'imscrúdaitheoirí soláthraí na sonraí a aithint agus an iarraidh a tharchur i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme sula scriostar na sonraí, tréimhse nach faide ná cúpla lá nó cúpla uair an chloig ar uairibh. I gcásanna áirithe, ní chuireann cuideachtaí faisnéis ar fáil maidir leis na sonraí sonracha a phróiseálann siad agus a bhíonn ina seilbh acu, rud a fhágann go mbíonn sé deacair ar údaráis inniúla iarrataí spriocdhírithe a chur isteach agus sonraí á lorg acu. Ligeann roinnt seirbhísí óstála d'úsáideoirí spás freastalaí a fháil ar cíos ag baint úsáid as sonraí bréige, rud a chiallaíonn nach mbíonn sé iontaofa fiú má stórálann siad sonraí úsáideora[48].

---

46 Féach an sampla a tuairiscíodh anseo Background document Operational challenges faced by law enforcement related to access to data Input to the first plenary meeting of the High-Level Group (HLG) on access to data for effective law enforcement, lch. 4

47 I gcomhthéacs an tionchair ar shaoránaigh agus ar íospartaigh, féach *Dwyer* v *Coimisinéir an Gharda Siochána* - [2020] IESC 4 (24/02/2020), go háirithe mír 9 de.

48 https://en.wikipedia.org/wiki/Bulletproof_hosting.

I bhformhór na mBallstát, tá reachtaíocht maidir le **coinneáil sonraí i bhfeidhm.** Mar sin féin, mar a thuairiscítear thuas, bhí roinnt reachtaíocht náisiúnta faoi réir athruithe tar éis rialuithe CBAE a d'eascair as neamhbhailíochtú Threoir an Aontais maidir le Sonraí a Choimeád. Tá tírdhreach anois ann mar thoradh air sin a bhfuil éagsúlacht ag baint leis agus bíonn na Ballstáit ag freagairt ar bhreithiúnais ar a mbealach féin. I roinnt Ballstát, rinneadh iarrachtaí chun cineál spriocdhírithe coinneála a chur chun feidhme, rud a mhol CBAE mar bhealach féideartha chun cinn maidir le coinneáil sonraí. Mar sin féin, chuir saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil i bhfios go láidir go raibh saincheisteanna dlíthiúla agus teicniúla ann maidir lena n-indéantacht mar thoradh ar chur chun feidhme na gcritéar sin[49], agus cháin soláthraithe na costais a bhaineann le cur chun feidhme teicniúil na coinneála spriocdhírithe agus, ar bhonn níos ginearálta, le reachtaíocht a bheith ag athrú go minic. Saincheist mhór dhlíthiúil eile a tháinig chun cinn ar an leibhéal náisiúnta nach gcumhdaítear seirbhísí (OTT) leis an reachtaíocht náisiúnta i bhformhór na gcásanna. Déanfar iniúchadh níos forleithne ar chás sonrach sheirbhísí OTT thíos i roinn 1.3.

### II. Saincheisteanna trasteorann san Aontas Eorpach

Bíonn saincheisteanna a bhaineann le coinneáil sonraí i ndáil le hiarrataí trasteorann freisin ann, i.e. nuair a iarrann údarás inniúil sonraí ó sholáthraí atá bunaithe i mBallstát eile. I gcásanna a bhaineann le hiarrataí trasteorann, d'fhéadfadh sé nach mbeadh údaráis sa tír is faighteoir in ann iarraidh a fhorghníomhú (mar gheall ar easpa sonraí nó rialacha dlíthiúla ábhartha) arna heisiúint ag tír eile.

Mar gheall ar an easpa oibleagáidí comhchuibhithe maidir le meiteashonraí a choinneáil ar fud an Aontais, bíonn constaicí i dtaobh fhorfheidhmiú an dlí ann i mBallstát amháin agus **sonraí á lorg** ó sholáthraithe atá lonnaithe i mBallstáit eile. Fiú nuair atá córais coinneála sonraí i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, níl aon chomhleanúnachas idir scéimeanna náisiúnta maidir le tréimhsí coinneála, agus tá éagsúlachtaí suntasacha eatarthu sin ó Bhallstát go Ballstát[50].

---

[49] Cé go gcuireann CBAE roinnt treoracha agus samplaí ar fáil maidir le **coinneáil spriocdhírith**e sonraí tráchta a fhorléiriú, ní féidir leis an gcásdlí ach tásca a thabhairt agus níl sé beacht go leor chun srianta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le coinneáil na gcatagóirí sonraí uile a mhionsonrú. Mar thoradh air sin, tugadh roinnt cásanna i gcoinne rialacha maidir le coinneáil sonraí os comhair na Cúirte le blianta beaga anuas agus níl na Ballstáit in ann deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.

[50] Ag brath ar na sonraí agus ar an gcineál coireachta, d'fhéadfaí na meiteashonraí a choinneáil ar feadh tréimhse idir 6 mhí agus 72 mhí. Sa tuarascáil Eurojust/EJCN data retention report of 2024, thug freagróirí le fios go raibh níos lú sonraí ar fáil mar thoradh ar easpa sonraí coinnithe, na teorainneacha a forchuireadh ar na catagóirí sonraí is féidir a choinneáil, agus tréimhsí coinneála níos giorra. I gcás nach mbíonn na sonraí ar fáil, is laige a bhíonn cumas na n-údarás Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha agus iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach a fhorghníomhú.

Ar an gcuma chéanna, níl aon chur chuige comhchuibhithe ann ar leibhéal an Aontais maidir leis an **sainmhíniú ar na sonraí** is gá a choinneáil[51]. D'fhéadfadh an reachtaíocht náisiúnta a chur d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse catagóirí éagsúla sonraí a choinneáil chun críoch éagsúil (cáin, iniúchtaí, forfheidhmiú an dlí). Tá difríochtaí eatarthu freisin maidir leis an leibhéal mionsonraí a sholáthraíonn siad i ndáil leis sin, agus soláthraítear i reachtaíocht áirithe liostaí mionsonraithe de shonraí nach inneachar iad atá le coinneáil, agus soláthraítear i gcuid eile sainmhínithe níos leithne ar shonraí nach inneachar iad[52]. Ag brath ar an tseirbhís a chuireann siad ar fáil agus ar a riachtanais ghnó agus tráchtála, coinníonn soláthraithe cineálacha éagsúla sonraí ar feadh tréimhsí ama éagsúla freisin. Tá tírdhreach an-éagsúil ann mar thoradh air sin, agus tá difríochtaí suntasacha ann ní hamháin idir na Ballstáit, ach idir seirbhísí freisin.

Tá na difríochtaí sin ábhartha freisin mar gheall orthu siúd atá ann idir na Ballstáit a mhéid a bhaineann le rochtain a fháil ar shonraí coinnithe freisin: tá údarú breithiúnach de dhíth i roinnt Ballstát chun rochtain a fháil ar chineálacha áirithe meiteashonraí, ach níl sé de dhíth i mBallstáit eile. Tuairiscíonn soláthraithe seirbhíse go bhfuil an éiginnteacht dhlíthiúil maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le sonraí a nochtadh ar cheann de na cúiseanna le moilleanna agus le neamhchomhlíonadh iarrataí forfheidhmithe dlí.

51 Mar a tuairiscíodh sa Staidéar ón gCoimisiún maidir le Coinneáil Sonraí, lch 48: 'Cé go ndéantar cineálacha áirithe faisnéise a aicmiú i gcónaí mar shonraí rannpháirtí nó mar shonraí tráchta ar fud na mBallstát uile, níl aon chomhthoil ann maidir le haicmiú na gcineálacha sonraí seo a leanas: Seoltaí IP, uimhreacha SIM, uimhreacha aitheantais feiste (e.g. IMSI, IMEI) agus uimhreacha poirt do sheoltaí IP dinimiciúla. I roinnt Ballstát (EE, FR, IE), aicmítear na cineálacha sonraí sin mar shonraí rannpháirtí agus aicmíonn Ballstáit eile (DE, ES, IT, PL, SI) mar shonraí tráchta iad.'

52 Féach an Staidéir ón gCoimisiún maidir le Coinneáil sonraí, Iarscríbhinn III, chun forléargas a fháil ar na sonraí a choinnítear i ngach Ballstát.

Ní mór do na húdaráis inniúla na rialacháin náisiúnta is infheidhme don soláthraí a bhfuil na sonraí atá á lorg ina seilbh aige a chomhlíonadh, chomh maith leis na ceanglais sonracha a leagann na soláthraithe síos iad féin. Mar a thuairiscítear i dTuarascáil Bhliantúil SIRIUS 2022[53], féadfaidh soláthraithe a cheangal go n-úsáidfear tairseacha tiomnaithe, nó go gcuirfear iarrataí isteach i dteimpléid shonracha nó i dteangacha sonracha. Féadfaidh siad faisnéis a éileamh freisin maidir le cineál an cháis, tagairt shoiléir don bhunús dlí náisiúnta don iarraidh nó sonrú na dtréimhsí ama cúnga do na sonraí atá á lorg. Cé go dtabharfar aghaidh ar roinnt de na saincheisteanna sin le cur chun feidhme an phacáiste r-fhianaise faoi 2026, leag saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil béim ar an ngá atá le comhleanúnachas idir na rialacha sin agus aon chreat comhchuibhithe a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le coinneáil sonraí. Cé gur fhorbair Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide caighdeáin maidir le formáid iarrataí ar mheiteashonraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta uimhirbhunaithe (teileachumarsáid thraidisiúnta), ní chuireann soláthraithe na caighdeáin sin i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na mBallstát. Is obair idir lámha atá sna caighdeáin maidir le tarchur sonraí ó sholáthraithe seirbhíse OTT[54] chuig údaráis forfheidhmithe dlí agus ní chuirtear chun feidhme go hiomlán iad. Thairis sin, tá saoirse ag soláthraithe seirbhíse a chinneadh cén fhoirm ina mbailíonn agus ina stórálann siad sonraí úsáideoirí, agus is é an toradh a bhíonn air sin go bhfaigheann cleachtóirí amhshonraí i bhfoirmeacha an-éagsúil; cruthaíonn sé sin ualach suntasach d'fhorfheidhmiú an dlí, a bhainfeadh tairbhe as próisis chuíchóirithe, as **córais agus formáidí cumarsáide** chun iarrataí a chur isteach agus chun freagraí ar iarrataí agus ar shonraí a sheoladh agus a fháil. Laghdódh córais agus formáidí cumarsáide caighdeánaithe na costais a bhaineann le hiarratais ar chuideachtaí a phróiseáil freisin.

A luaithe a bheidh rochtain dhleathach faighte ag údaráis forfheidhmithe dlí ar shonraí, ní mór dóibh a bheith in ann leas a bhaint astu; dá bhrí sin, ní mór na sonraí a bheith **inléite**. Mar sin féin, tá méadú ag teacht ar an méid seirbhísí atá á dtairiscint ag soláthraithe lenar féidir sonraí tráchta a chriptiú ó cheann go ceann, agus nuair a sholáthraíonn siad na sonraí sin d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha arna iarraidh sin dóibh, is minic a sholáthraíonn siad iad san fhoirm chriptithe sin.

53 sirius-eu-digital-evidence-situation-report-2022, lch. 14.

54 Sa tuarascáil seo, tagraíonn 'seirbhísí cumarsáide ar líne (OTT)' d'fheidhmchláir agus do sheirbhísí a sholáthraíonn seirbhísí cumarsáide agus meán (teachtaireachtaí, guthghlaonna agus físghlaonna) ar an idirlíon gan rannpháirtíocht ná rialú soláthraithe seirbhísí teileachumarsáide traidisiúnta (iompróirí teileachumarsáide). I measc na samplaí coitianta de sheirbhísí cumarsáide OTT tá aipeanna teachtaireachtaí mar shampla WhatsApp, Telegram, Facebook Messenger; seirbhísí glao gutha agus físghlao mar shampla Skype, Zoom, Google Meet, Viber; agus ardáin meán sóisialta mar shampla Instagram agus Snapchat (teachtaireachtaí agus comhroinnt meán).

Ar deireadh, baineann iarmhairt eile a mheastar a bheith ag an *status quo* sin leis an mbaol go ndéanfar **agóid i gcoinne fhianaise** na n-údarás forfheidhmithe dlí sa chúirt[55]. Shoiléirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur faoin dlí náisiúnta atá sé fianaise a fháil trí shonraí a choinneáil[56], faoi réir phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta[57]; Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag na difríochtaí idir córais náisiúnta coinneála sonraí ar inghlacthacht fianaise in imeachtaí trasteorann[58].

55 Féach caibidil 'Collection and admissibility of evidence' in Eurojust/EJCN data retention report of 2024.

56 CBAE, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus Páirtithe Eile*, Cás C-511/18, ECLI:EU:C:2020:791 míreanna 222-228; breithiúnas an 5 Aibreán 2022, *Coimisinéir an Gharda Síochána agus páirtithe eile*, Cás C-140/20, ECLI:EU:C:2022:258, mír 127.

57 Ibid, mír 223: '… ar choinníoll [...] nach bhfuil siad níos lú fabhair na rialacha sin ná na rialacha lena rialaítear cásanna comhchosúla faoi réir an dlí baile (prionsabal na coibhéise) agus nár cheart dóibh a fhágáil go mbeadh sé ródheacair nó dodhéanta sa chleachtas na cearta a thugtar le dlí an Aontais a fheidhmiú (prionsabal na héifeachtúlachta).'

58 Rinne roinnt cásanna cúirte agóid i gcoinne inghlacthacht sonraí nach inneachar iad mar fhianaise. Chun achoimre a fháil, féach Staidéar an Choimisiúin maidir le Coinneáil Sonraí, lch. 41.

## III. Saincheisteanna a bhaineann le OTT agus soláthraithe eile

Cé go mbaineann na saincheisteanna thuas le gach soláthraí ECS, i gcás soláthraithe OTT bíonn dúshláin bhreise ann d'údaráis forfheidhmithe dlí maidir le rochtain dhleathach a fháil ar shonraí. Ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, is minic nach measann soláthraithe OTT go bhfuil siad faoi cheangal ag na hoibleagáidí céanna atá ag soláthraithe cumarsáide traidisiúnta. Cé go dtagann soláthraithe OTT faoi raon feidhme an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, ós rud é gur minic a bhunaítear iad lasmuigh den Aontas agus nach bhfuil córais cheadúnúcháin ann (i.e. d'fhéadfaidís a bheith faoi réir údaruithe ginearálta amháin) agus go mbíonn éiginnteacht ann le smachtbhannaí maidir lena gcuid oibleagáidí sonraí a choinneáil, lena n-áirítear cineálacha sonracha sonraí, agus go mbíonn sé dúshlánach comhlíonadh a fhorfheidhmiú dá bharr. Ina theannta sin, cé go gcoinníonn soláthraithe cumarsáide traidisiúnta roinnt sonraí chun críoch gnó i bhformhór na gcásanna lenar féidir úsáideoirí a shainaithint (mar shampla uimhreacha IP le huimhir phoirt agus tráthchlár), ní hamhlaidh atá i gcás **soláthraithe seirbhíse OTT**, nach gcoinníonn ach sonraí nach inneachar iad atá ag teastáil chun críoch tráchtála, i gcásanna áirithe ar feadh tréimhse ghearr amháin[59]. Ní choinníonn soláthraithe OTT aon sonraí nach inneachar iad atá nasctha le seoladh IP dinimiciúil (uimhir phoirt agus tráthchlár). D'fhéadfadh sé sin a bheith deacair nó dodhéanta, fiú, meiteashonraí a aisghabháil as cumarsáid a dhéantar trí chórais, mar shampla WhatsApp nó Telegram, a úsáidtear níos minice ná riamh . Mar a luadh cheana, bíonn na cineálacha sonraí a choinnítear éagsúil freisin ag brath ar an tseirbhís a thairgtear. Cé go n-eisíonn na soláthraithe treoirlínte i gcásanna áirithe ina ndéantar cur síos ar na cineálacha sonraí a choinníonn siad[60], i gcásanna eile, ní nochtann soláthraithe OTT an fhaisnéis sin. I bhfianaise an mhéid sin uile, agus a laghad **oibleagáid trédhearcachta** a bhíonn ann maidir leis na cineálacha sonraí a ghineann, a phróiseálann agus a stórálann soláthraithe chun críoch gnó, bíonn fadhbanna ann go minic ag údaráis forfheidhmithe dlí nuair a dhéanann siad iarracht a aithint ar coimeádadh sonraí, cé aige a bhfuil na sonraí agus cé na cineálacha tacar sonraí is féidir a iarraidh, agus ar deireadh nuair a sheolann siad iarrataí chuig soláthraithe.

[59] Tá sé seo fíor go háirithe i gcás miondíoltóirí. De réir Staidéar an Choimisiúin ar Choinneáil Sonraí lch. 103, coinnítear seoltaí IP ar feadh 30 lá ar an meán.

[60] Féach mar shampla law-enforcement-guidelines-outside-us.pdf (apple.com).

Ag an am céanna, mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar líon na n-iarrataí a fhaigheann soláthraithe[61], in éineacht leis an ngá tacair sonraí mórmhéide a phróiseáil, cuirtear moill ar iarrataí nó diúltaítear dóibh[62]. Sa bhreis ar chúiseanna a eascraíonn as cinntí sonracha na soláthraithe maidir le samhlacha gnó, is é is cúis leis freisin **líon teoranta na sásraí le haghaidh comhar** idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha ar thaobh amháin agus cuideachtaí príobháideacha ar an taobh eile.

Ar deireadh, cé go bhféadfadh sé nach dtiocfaidís faoi shainmhíniú an Chóid um Chumarsáid Leictreonach Eorpach ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide, déanann roinnt teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus gníomhaithe digiteacha eile (mar shampla monaróirí gluaisteán agus córais intleachta saorga a bhaineann leis an tsamhail teanga mhór (LLM)) meiteashonraí cumarsáide a ghiniúint agus a láimhseáil a fhéadfaidh faisnéis a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí coiriúla. D'ainneoin go bhfuil méadú ag teacht ar an méid sonraí a láimhseálann na seirbhísí sin, níl siad faoi cheangal ag oibleagáidí coinneála sonraí faoi láthair.

## RÉITIGH FHÉIDEARTHA

### I. An comhar idir soláthraithe cumarsáide agus cleachtóirí cumarsáide a threisiú

I gcomhthéacs ina gcuirtear bac ar bhailiú fianaise digití i ngeall ar easpa rialacha comhchuibhithe, is minic a bhíonn ar údaráis forfheidhmithe dlí brath ar **chomhar deonach** le soláthraithe seirbhíse chun imscrúduithe a dhéanamh. Cé gur chuidigh an réiteach sin le himscrúduithe ardphróifíle áirithe[63], tá sé faoi réir éiginnteacht dhlíthiúil agus ní bhíonn sé inmharthana i gcónaí: braitheann an comhar deonach ar chineál agus ar mhéid an tsoláthraí seirbhíse, agus is minic a choinníonn cinn bheaga sonraí ar feadh tréimhse an-ghearr i gcomparáid le cinn níos mó nó nach bhfuil na hacmhainní acu chun freagairt ar iarrataí údarás forfheidhmithe dlí[64].

---

61 De réir Thuarascáil Bhliantúil SIRIUS 2023, tá líon na n-iarrataí ar shonraí chuig soláthraithe seirbhíse ag méadú go seasta gach bliain (féach lch. 66 et seq.).

62 I dTuarascáil Bhliantúil SIRIUS 2023 (fonóta 61) tugtar forléargas ar na príomhchúiseanna le moill a bheith curtha ar iarrataí ar fhianaise leictreonach/diúltú dóibh (féach lch. 68 et seq.).

63 Féach samplaí i dTuarascáil Bhliantúil SIRIUS 2023 (fonóta 61), lch. 19.

64 I dTuarascáil Bhliantúil SIRIUS 2023 (fonóta 61), lch. 79, tuairiscítear go bhfuil an líon ard iarrataí faoi chomhar deonach dúshlánach do sholáthraithe seirbhíse, agus moltar go nglacfaidh siad páirt in imeachtaí idirnáisiúnta SIRIUS ionas gur féidir 'soláthraithe seirbhísí ar líne níos lú leas a bhaint as saineolas Thionscadal SIRIUS i réimse an chomhair leis na húdaráis chun a dtuiscint ar an ábhar a mhéadú, chun a mbeartais a struchtúrú chun freagairt ar iarrataí na n-údarás agus chun a áirithiú go mbeidh siad ullamh d'fhorbairtí reachtacha atá ar na bacáin' [aistriúchán neamhoifigiúil].

Ní mór **creat dlíthiúil soiléir** a bheith mar bhonn taca le comhpháirtíochtaí agus comhar leis an tionscal, mar chuid riachtanach d'aon réiteach inmharthana lenar féidir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha deacrachtaí a bhaineann le rochtain dhleathach a fháil ar fhianaise dhigiteach a shárú. Sa bhreis ar a n-oibleagáidí dlíthiúla faoi seach a chomhlíonadh, tá sé tábhachtach go mbeidh caidreamh buan iontaofa ann idir cleachtóirí agus soláthraithe forfheidhmithe dlí, ionas go dtuigfidh siad riachtanais a chéile agus go bhféadfaidh siad réitigh inoibrithe a bhunú le chéile. Tá gá le **sásraí** cobhsaí **le haghaidh comhar** leis an earnáil phríobháideach chun an **trédhearcacht a mhéadú** maidir leis na sonraí a ghineann agus a stórálann soláthraithe agus cá fhad a choinnítear iad, chomh maith le **catagóiriú comhchuibhithe sonraí** atá le coinneáil agus le rochtain a áirithiú, chun **formáidí caighdeánaithe** a dhearadh maidir le sonraí a iarraidh agus **bealaí slána** a bhunú le haghaidh malartú díreach idir údaráis inniúla agus soláthraithe seirbhíse.

Is féidir féachaint ar roinnt roghanna chun an comhar sin a threisiú, cuid acu de chineál ceangailteach (dlí crua), cuid eile ina bhfuil réitigh dlí bhoig. Bheadh gá le measúnú a dhéanamh ar chuid de na réitigh a liostaítear sa roinn seo i gcomhthéacs an mheasúnaithe tionchair dá dtagraítear i roinn II agus a leagtar síos le dlí ina dhiaidh sin.

***Cnuasach moltaí 5***

*Chun a áirithiú go mbeidh na húdaráis inniúla in ann sonraí ábhartha a lorg trí na sealbhóirí sonraí cearta a shainaithint, go bhfaighidh soláthraithe seirbhíse na hiarrataí sin i bhformáidí caighdeánaithe, agus nach gcuirfidh coinbhleachtaí dlí isteach ar chomhar trasteorann, molann na saineolaithe an méid seo a leanas:*

1. *comhar idir cleachtóirí forfheidhmithe dlí agus soláthraithe seirbhíse a bhunú agus a threisiú chun tacú le malartú faisnéise, fothú acmhainneachta agus oiliúint, agus chun prionsabail agus módúlachtaí an chomhair a shainiú [moladh 13], mar shampla trí theach imréitigh a bhunú lena gcuirfear ar chumas na n-údarás inniúil soláthraithe seirbhíse ábhartha a shainaithint agus iarrataí dleathacha a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr [moladh 18]. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh tríd an méid a leanas:*

    a. *tógáil ar struchtúir atá ann cheana ar leibhéal an Aontais mar shampla SIRIUS, an Gréasán Breithiúnach Eorpach (EJN)/an Gréasán Breithiúnach Eorpach um Chibearchoireacht (EJCN), Fóram Idirlín an Aontais;*

    b. *Meabhráin Tuisceana, agus úsáid á baint as na dea-chleachtais atá bunaithe i mBallstáit áirithe ar an leibhéal náisiúnta [moladh 14];*

2. *rialacha trédhearcachta a chothú do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus seirbhísí cumarsáide eile maidir leis na sonraí a phróiseálann, a ghineann nó a stórálann siad le linn gnó, agus maidir le húdaráis forfheidhmithe dlí a chur ar an eolas faoi na sonraí atá ar fáil, agus teorainneacha a bhaineann le rúndacht imscrúduithe á gcur san áireamh trí chomhaontuithe comhair le soláthraithe seirbhíse nó, más gá, trí oibleagáidí éigeantacha a leagan síos [moladh 17, moladh 16];*

3. *próisis agus formáidí cuíchóirithe a fhorbairt bunaithe ar chaighdeáin chomhaontaithe maidir le hiarrataí a chur faoi bhráid soláthraithe agus freagraí a fháil ar bhealach struchtúrtha [moladh 15] agus ainmniú pointí teagmhála aonair a chur chun cinn laistigh d'ardáin chun iarrataí ó údaráis inniúla agus teagmhálacha leo a phróiseáil [moladh 36];*

4. *sásraí a bhunú chun a áirithiú go ndírítear iarrataí trasteorann ar sholáthraithe seirbhíse ar bhealach éifeachtúil agus go seachnaítear coinbhleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann, ina bhfaightear inspioráid ó shásraí r-fhianaise agus ina n-áirithítear comhleanúnachas na sásraí sin leis na rialacha arna mbunú leis an Rialachán maidir le r-fhianaise [moladh 19].*

Tá struchtúir de chuid an Aontais i bhfeidhm faoi láthair lena bhféadfaidh gníomhaithe ábhartha eolas a chur ar uirlisí agus ar dhea-chleachtais. Trí údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis bhreithiúnacha agus soláthraithe seirbhíse a thabhairt le chéile, d'fhéadfadh tionscadal SIRIUS malartú eolais agus uirlisí a bhaineann le hiarrataí ar shonraí úsáideoirí atá i seilbh soláthraithe a éascú[65] agus, go háirithe a bhuí le líonra phointí teagmhála aonair SIRIUS atá ann cheana, feidhmiú mar ardán le go mbeidh nasc díreach ann idir údaráis iarrthacha agus soláthraithe iarrthacha[66]. D'fhéadfadh SIRIUS feidhmiú mar **lárstóras** d'ionstraimí dlí, do chásdlí, d'fhormáidí, etc., mar is amhlaidh i gcás comhroinnt trasteorann r-fhianaise[67].

Mar thimpeallacht chomhoibríoch atá ann cheana do na Ballstáit, do thionscal an idirlín agus do chomhpháirtithe eile, d'fhéadfadh **Fóram Idirlín an Aontais**[68] fónamh mar spás ina bhféadfaí teagmhálacha díreacha agus muinín a bhunú ar leibhéal an Aontais i measc gníomhaithe ábhartha maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le rochtain ar shonraí digiteacha. D'fhéadfadh sé rannchuidiú le **catalóg oscailte** a bhunú agus a choinneáil cothrom le dáta de na cineálacha sonraí a bhailíonn agus a phróiseálann soláthraithe agus láimhseálaithe sonraí, a d'fhéadfadh SIRIUS a bhainistiú go lárnach. Leis san gcatalóg sin, mhaolófaí an easpa trédhearcachta atá ann faoi láthair agus bheadh tuilleadh soiléireachta ann d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha maidir leis na sonraí a fhéadfaidh siad a iarraidh, chomh maith le gníomhú mar theach imréitigh chun a shainaithint cé dó ar cheart iarraidh a sheoladh. Ina theannta sin, i gcás ina bhforchuirfí oibleagáidí dlíthiúla ar sholáthraithe, thabharfadh an chatalóg breisluach maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na n-oibleagáidí trédhearcachta i ndáil leis na cineálacha sonraí a stórálann soláthraithe nó a phróiseálann siad ar bhealach eile.

---

65 In iarrataí dleathacha ar shonraí, cuireann líonra phointí teagmhála aonair SIRIUS de shaineolaithe dea-chleachtais chun cinn agus spreagann sé tíortha chun a bpointe teagmhála aonair féin a bhunú. Is daoine, aonaid nó institiúidí ainmnithe iad pointí teagmhála aonair a dhéanann iarrataí ó údaráis rialtais a lárú, a athbhreithniú agus a chur faoi bhráid soláthraithe seirbhíse. Faoi láthair, tá 36 údarás forfheidhmithe dlí ó 25 thír mar chuid den líonra seo.

66 Feidhmíonn tionscadal SIRIUS mar phointe tosaigh chun sonraí leictreonacha a fháil ó sholáthraithe seirbhíse atá lonnaithe i ndlínsí eile. Cuireann SIRIUS ardán srianta ar fáil chun eolas agus dea-chleachtais a chomhroinnt idir pobail forfheidhmithe dlí agus pobail bhreithiúnacha. Coinníonn tionscadal SIRIUS stóras sonraí teagmhála cothrom le dáta de níos mó ná 1 000 cuideachta, atá dírithe ar sholáthraithe seirbhíse níos lú, ar deacair teacht orthu nó nach mbíonn inrochtana uaireanta. Dá bhrí sin, féadfaidh údaráis inniúla seoltaí iomadúla a aisghabháil in aon idirbheart amháin, rud a chuidíonn leo déileáil ar bhealach níos éifeachtúla le méideanna móra faisnéise casta. SIRIUS project | Europol (europa.eu).

67 Is tionscadal é SIRIUS a fhaigheann maoiniú ón Aontas agus a chuidíonn le húdaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha rochtain a fháil ar fhianaise leictreonach trasteorann i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla agus imeachtaí coiriúla. Arna chur chun feidhme ag Europol agus Eurojust, i ndlúthchomhar leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach, is pointe tagartha lárnach san Aontas é tionscadal SIRIUS chun eolas maidir le rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach a chomhroinnt. SIRIUS project | Europol (europa.eu).

68 European Union Internet Forum (EUIF) - an Coimisiún Eorpach (europa.eu).

Dá mbainfí leas as sineirgí leis an bpacáiste r-fhianaise, shábhálfaí costais agus acmhainní agus rannchuideofaí le cur chun feidhme iomlán na reachtaíochta r-fhianaise. Mar shampla, trí údaráis forfheidhmithe dlí a spreagadh chun acmhainneacht na n-aonad a chruthú nó a leathnú atá ag gníomhú mar phointí teagmhála aonair le haghaidh iarrataí (trasteorann) ar nochtadh sonraí, d’fhéadfaí iarrataí a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta a leathnú, nó an ceanglas cláir oiliúna a chur ar fáil d’imscrúdaitheoirí agus do chéad fhreagróirí. Ar an gcuma chéanna, d’fhéadfaí na hiarrachtaí atá ar siúl faoi láthair i gcomhthéacs chur chun feidhme an phacáiste r-fhianaise chun **ardán digiteach** a chur ar bun lenar féidir malartuithe díreacha a dhéanamh idir údaráis inniúla agus soláthraithe a mhacasamhlú chun críche meiteashonraí cumarsáide a choinnítear bunaithe ar an reachtaíocht náisiúnta.

D'fhéadfadh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar **Mheabhráin Tuisceana** a bhunú mar ionstraimí chun comhar a chur chun cinn agus comhthuiscint a fhorbairt idir soláthraithe seirbhíse, rialtais agus údaráis forfheidhmithe dlí, chun tacú le feidhmiú na ndlíthe náisiúnta. D'fhéadfadh samplaí dearfacha i roinnt Ballstát spreagadh a thabhairt maidir le conas meabhráin tuisceana a struchtúrú, ina mbeadh na gníomhaithe ábhartha uile rannpháirteach (cuideachtaí, gníomhaireachtaí, etc.) chun a áirithiú go gcumhdófar gach gné ábhartha den chomhar (ainmniú pointí teagmhála aonair do sholáthraithe seirbhíse agus údaráis forfheidhmithe dlí, riachtanais theicniúla, sainmhíniú coiteann ar chatagóirí sonraí atá le soláthar, nósanna imeachta comhroinnte, dréachtú samhlacha iarratais caighdeánaithe, bearta slándála sonraí agus íoslaghdaithe sonraí, etc.)[69]. Mar a leagtar amach, bheadh **prótacail chaighdeánaithe** maidir le sonraí a bhailiú ó sholáthraithe (lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse OTT) agus maidir le hiarrataí ar shonraí ó údaráis inniúla tairbheach d'fhorfheidhmiú an dlí agus do sholáthraithe seirbhíse araon, rud a d'fhéadfadh sásraí uathoibrithe a bhunú chun freagairtí a sholáthar, costais a laghdú agus am a shábháil. Cé go bhfuil difríochtaí ann idir iarrataí **náisiúnta** agus **iarrataí trasteorann** (faoin gcreat r-fhianaise) ó thaobh ceanglas de, d'fhéadfaí na sreabha oibre agus na bealaí trína n-iarrtar sonraí a fhorbairt mar sin féin, ós rud é go mbaineann caighdeánú le formáid na sonraí a iarrtar/a fhaightear. Is iad comhlachtaí um chaighdeánú mar shampla ETSI is fearr atá in ann na formáidí caighdeánaithe sin a fhorbairt. Mar sin féin, tá rannpháirtíocht shaineolaithe forfheidhmithe dlí na mBallstát sna próisis sin teoranta go dtí seo. Ar an gcúis sin, d'fhéadfadh **an Mheitheal Eorpach um Chaighdeánú maidir leis an tSlándáil Inmheánach** atá ann cheana, faoi stiúir Europol agus an Choimisiúin, rannpháirtíocht na mBallstát sna fóraim sin a chomhordú agus a chothú. D'fhéadfadh an obair tógáil ar na caighdeáin atá ann cheana arna bhforbairt ag ETSI, a d'fhéadfaí a leathnú chun catagóirí sonraí eile a chumhdach[70].

---

[69] Tá sé beartaithe le meabhrán tuisceana na hÉireann dar dáta an 6 Aibreán 2024 tacú le hoibriú an Achta Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011 (arna leasú). Tá cathaoirleach neamhspleách ceaptha ag an Roinn Dlí agus Cirt, tá téarmaí tagartha leagtha síos aici agus tá cuireadh tugtha aici d'ionadaíocht ó sholáthraithe forfheidhmithe dlí agus ó sholáthraithe seirbhíse.

[70] TS 102 657: Láimhseáil sonraí coinnithe; Comhéadan aistrithe chun sonraí coinnithe agus catagóirí na sonraí coinnithe a iarraidh agus a sheachadadh (sínitheoir, úsáid, trealamh, eilimint líonra agus sonraí billeála); TS 103 120: Comhéadan le haghaidh faisnéis bharántais (sainmhíníonn sé comhéadan leictreonach idir dhá chóras chun faisnéis a mhalartú go slán a bhaineann le gníomh dleathach riachtanach a bhunú agus a bhainistiú; a úsáidtear de ghnáth le haghaidh idircheapadh dleathach ach is féidir iad a úsáid le haghaidh sonraí coinnithe; a úsáidtear de ghnáth idir, ar thaobh amháin, soláthraí seirbhíse agus, ar an taobh eile, rialtas nó údarás forfheidhmithe dlí atá i dteideal caingean dhleathach a iarraidh); TS 103 705: Struchtúir Sonraí le haghaidh Nochtadh Dleathach (á bhforbairt; struchtúir sonraí amháin, gan aon chomhéadan aistrithe, gan aon struchtúr crainn réamhshainithe, cineálacha agus faisnéis sainithe ag soláthraí seirbhíse).

***Príomhghníomhaíocht: iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil go gcuirfí comhar chun cinn agus go bhforbrófaí comhthuiscint idir soláthraithe seirbhíse, rialtais agus údaráis forfheidhmithe dlí***

| | |
|---|---|
| *Gníomhaithe: an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit, Europol (SIRIUS), Eurojust, Fóram Idirlín an Aontais Eorpaigh* | *Am: le deimhniú* |

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an g**Coimisiún Eorpach**, **Europol** agus na **Ballstáit** meastóireacht a dhéanamh ar bhealaí chun comhar idir údaráis forfheidhmithe dlí agus cuideachtaí príobháideacha a chur chun cinn agus a fheabhsú, lena gcothófar idirphlé buan agus tuiscint fhrithpháirteach ar riachtanais oibríochtúla, theicniúla agus ghnó. I gcomhthéacs an mheasúnaithe tionchair dá dtagraítear i roinn II, iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar oibleagáidí sonracha a fhorbairt a bhaineann le trédhearcacht i mbailiú sonraí agus i struchtúir bhuana chomhair.

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar **an gCoimisiún Eorpach**, **Europol** agus **Eurojust** ardáin a chur ar bun nó ardáin atá ann cheana a chur chun cinn le haghaidh malartuithe idir údaráis forfheidhmithe dlí agus na breithiúna, ar thaobh amháin, agus soláthraithe cumarsáide, ar an taobh eile, chun catalóg a thiomsú de na sonraí a ghineann agus a stórálann soláthraithe cumarsáide agus láimhseálaithe sonraí le linn a ngníomhaíochtaí gnó, atá le bainistiú ag SIRIUS.

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar na **Ballstáit** féachaint an bhféadfaí comhaontuithe comhair agus/nó Meabhráin Tuisceana a bhunú lena dtabharfaí le chéile soláthraithe seirbhíse, rialtais agus údaráis forfheidhmithe dlí chun tacú le hoibriú dlíthe náisiúnta trí phrionsabail agus cleachtais chaighdeánacha a leagan síos le chéile.

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar **Europol** agus ar an g**Coimisiún Eorpach** úsáid a bhaint as an Meitheal um Chaighdeánú maidir leis an tSlándáil Inmheánach atá ann cheana chun rannpháirtíocht na mBallstát i bhfóraim um chaighdeánú a chothú, chun cur le sainiú na gcaighdeán ábhartha agus na bprótacal um dhearadh comhpháirteach lena mionsonraítear nósanna imeachta le haghaidh comhar le soláthraithe seirbhíse.

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an g**Coimisiún Eorpach, Europol, Eurojust/EJN** agus **na Ballstáit** úsáid a bhaint as sineirgí le hionstraimí cuir i gcás an pacáiste r-fhianaise chun uirlisí ábhartha a thógáil nó a fháil, mar shampla trí úsáid ardán digiteach atá á bhforbairt a leathnú chun fónamh mar thairseacha tíolactha iarrataí.

## II. Rialacha íosta maidir le soláthraithe cumarsáide a bheith ag coinneáil meiteashonraí agus rochtain ag údaráis inniúla ar na meiteashonraí sin a chomhchuibhiú

Aontaíonn na saineolaithe a bheag nó a mhór go bhfuil gá le creat comhchuibhithe de chuid an Aontais lena rialófar coinneáil meiteashonraí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Le creat mar sin, bheadh réitigh chaighdeánaithe ann, chomh maith le hoibleagáidí soiléire agus infhorfheidhmithe do sholáthraithe cumarsáide agus do láimhseálaithe sonraí maidir le cathain agus conas sonraí a choinneáil agus maidir leis na himthosca faoina dtabharfar rochtain ar na sonraí sin. Trí rialacha soiléire maidir le coinneáil agus rochtain a shainiú, chuirfeadh an creat sin le coimircí soiléire a áirithiú do chearta bunúsacha agus do leasanna fíor-riachtanacha, agus tásca an chásdlí is infheidhme á gcur san áireamh, chomh maith le soiléireacht maidir leis na rialacha is infheidhme i dtaca le soláthraithe cumarsáide chun sonraí a choinneáil agus a chomhroinnt chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Ina theannta sin, trína chinntiú go gcoinnítear sonraí, thacódh creat mar sin le cur chun feidhme an phacáiste r-fhianaise ina iomláine.

***Cnuasach moltaí 6***

*Chun a áirithiú go mbeidh an fhianaise dhigiteach is gá chun coireanna a imscrúdú agus a ionchúiseamh ar fáil, nach mbeidh aon ilroinnt ann idir na Ballstáit i dtaca leis na rialacha is infheidhme maidir le coinneáil agus maidir leis na coimircí a bhaineann le cearta bunúsacha, go háirithe príobháideachas agus cosaint sonraí, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus cearta an chosantóra, lena n-áirítear an ceart chun próise cuí, agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do na húdaráis inniúla araon, ar thaobh amháin, agus do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonacha agus eile, ar an taobh eile, molann na saineolaithe an méid seo a leanas:*

1. *catagóirí meiteashonraí a shainiú bunaithe ar chuspóir a n-úsáide (gníomhaíocht ar líne duine inspéise a shainaithint, a aimsiú, a bhunú nó measúnú a dhéanamh uirthi) [moladh 28], chun a áirithiú go gcoinneoidh seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide eile sonraí atá leordhóthanach ar a laghad chun duine inspéise a shainaithint [moladh 27, pointe (v)];*
2. *íostréimhsí coinneála a bhunú le haghaidh sonraí mar sin;*
3. *coinníollacha a dhearadh le haghaidh rochtain ar shonraí coinnithe [moladh 27, pointe (iv)] atá éagsúil bunaithe ar chatagóir na sonraí, catagóir na coireachta (e.g. coireanna nach dtarlaíonn ach ar an idirlíon) nó ar an mbagairt d'íospartaigh [moladh 29];*
4. *na forálacha dlíthiúla, rialála agus teicniúla sin a cheapadh ar bhealach lena n-áiritheofar go n-urramófar go hiomlán cearta agus saoirsí bunúsacha na ndaoine inspéise agus go mbeidh aon teorannú ar na cearta sin riachtanach agus comhréireach [moladh 27, pointe (vi)];*
5. *a áirithiú go mbeidh feidhm ag na rialacha, na hoibleagáidí agus na coimircí céanna maidir le soláthraithe cumarsáide traidisiúnta, seirbhísí OTT agus aon soláthraithe eile atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a ghineann agus a phróiseálann sonraí [moladh 27, pointí (i) agus (ii)];*
6. *a áirithiú go mbeidh rochtain éifeachtach ar shonraí úsáideoirí a choinnítear chun críocha tráchtála agus gnó ag údaráis forfheidhmithe dlí faoi choimircí ábhartha (moladh 31) agus go mbeidh údaráis inniúla in ann sonraí a fhaightear go dleathach ó sholáthraithe a léamh [moladh 27, pointe (iii)];*
7. *a áirithiú gur féidir leis na Ballstáit smachtbhannaí a fhorfheidhmiú i gcoinne soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide eile nach gcomhoibríonn maidir le coinneáil agus soláthar sonraí, mar shampla trí smachtbhannaí riaracháin a chur chun feidhme nó trí theorainneacha a chur ar a gcumas oibriú i margadh an Aontais [moladh 30].*

Agus **coinneáil meiteashonraí** á plé, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir catagóirí sonraí, trí idirdhealú á dhéanamh idir na sonraí is gá chun duine inspéise (sonraí rannpháirtí[71] agus seoltaí IP na cumarsáide foinse[72]) agus sonraí tráchta[73] agus suímh[74], agus foráil a dhéanamh maidir le tréimhsí coinneála agus coimircí éagsúla do gach catagóir. Ag céim na rochtana ar shonraí freisin, is é an aidhm atá ann cothromaíocht a áirithiú idir thromchúis na coire atá le himscrúdú agus méid na hionsáite i bpríobháideachas na mbeart atá le déanamh. I gcomhréir leis an gcásdlí[75] a bhí ann le déanaí, d’fhéadfaí iniúchadh a dhéanamh ar íoscheanglais maidir le coinneáil chineálach sonraí atá leordhóthanach chun a áirithiú gur féidir aon úsáideoir a shainaithint go soiléir. Maidir le sonraí tráchta agus suímh, ní mór critéir bhreise agus níos déine a scrúdú.

D’fhonn creat mar sin a dhearadh ar an mbealach is seasmhaí i bhfad na haimsire agus is **neodraí** ó thaobh na **teicneolaíochta** de is féidir, ba cheart catagóiriú na sonraí atá le coinneáil a chur le chéile bunaithe ar chur chuige réamhbhreathnaitheach, lena n-áirítear tacair sonraí chineálacha bunaithe, mar shampla, ar fheidhmeanna na sonraí (sonraí lenar féidir foinse nó ceann scríbe cumarsáide a shainaithint go huathúil, sonraí lenar féidir foinse cumarsáide a shainaithint, etc.), in éineacht le liosta de chineálacha sonraí atá ann cheana (seoladh IP, IMEI, etc.). D’fhágfadh an creat sin go bhféadfaí measúnú cuí a dhéanamh ar ionsáiteacht gach catagóire sonraí — agus, dá bhrí sin, ar na coimircí is gá.

---

71 Cé is moite de roinnt eisceachtaí i gcás soláthraithe beaga, de ghnáth coinnítear cheana féin sonraí úsáideoirí chun críocha gnó. I gcás inarb amhlaidh agus gan dochar do choimircí comhréireacha, ba cheart sonraí mar sin a chur ar fáil d’údaráis forfheidhmithe dlí.

72 Sa chásdlí ceadaítear sonraí a bhaineann le céannacht shibhialta úsáideoirí cumarsáide leictreonaí a choinneáil go ginearálta agus go neamhdhifreáilte chun leasanna an phobail a chosaint agus seoltaí IP a choinneáil go cineálach agus go neamhdhifreáilte chun an tslándáil náisiúnta a chosaint, coireacht thromchúiseach a chomhrac agus bagairtí tromchúiseacha ar shábháilteacht an phobail a chosc (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile*, Cásanna Uamtha C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, agus breithiúnas an 30 Aibreán 2024, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile*, Cás C-470/21 (‘Hadopi’), ECLI:EU:C:2024:370).

73 ‘ciallaíonn ‘sonraí tráchta’: aon sonraí a dhéantar a phróiseáil chun críche cumarsáid a iompar ar líonraí cumarsáide leictreonaí nó chun críche billeála de (Airteagal 2 de Threoir 2002/58/CE).

74 ciallaíonn ‘sonraí suímh’ aon sonraí a dhéantar a phróiseáil i líonra cumarsáide leictreonaí, a léiríonn suíomh geografach trealaimh teirminéil úsáideora seirbhíse cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí (Airteagal 2 de Threoir 2002/58/CE); ba cheart sonraí suímh threalamh an úsáideora a mheas mar shonraí suímh seachas sonraí tráchta, mar a shainmhínítear in Airteagal 9 de Threoir 2002/58/CE.

75 Breithiúnas Hadopi.

Mar a luaigh na saineolaithe agus an cásdlí a bhí ann le déanaí[76], dá ndéanfaí oibleagáidí coinneála a chomhcheangal le **ceanglais** dhiana **maidir le rochtain ar shonraí**, sholáthrófaí coimircí breise do chearta bunúsacha, go háirithe príobháideachas agus cosaint sonraí. Dá bhrí sin, phléigh saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil an gá atá le rialacha rochtana a cheapadh a bheidh éagsúil ag brath, mar shampla, ar chineál agus ar thromchúis na coire, ar mhéid na bagartha do na híospartaigh de bharr an chiona, ar chuspóir na rochtana agus ar na húdaráis atá inniúil chun rochtain a fháil ar na sonraí. Measadh freisin gur bealach úsáideach é cur chuige mar sin chun rialacha sonracha a leagan amach maidir le coireanna a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ar coireanna iad a bhfuil dúshlán ar leith ag baint leo a imscrúdú, cuir i gcás na coireanna sin a dhéantar go heisiach ar an idirlíon, áit arb í an fhianaise dhigiteach an t-aon fhianaise atá ar fáil.

A luaithe a bhíonn rochtain dhleathach ar na sonraí, ní mór do na húdaráis iarrthacha a bheith in ann iad a léamh. Dá bhrí sin, ní mór do sholáthraithe sonraí a sholáthar i bh**formáid intuigthe**. Go minic, cuireann soláthraithe seirbhísí criptithe ó cheann go ceann[77] ar fáil do shonraí tráchta agus rannpháirtí, agus ní dhéanann siad na sonraí sin a dhíchriptiú nuair a roinneann siad iad le húdaráis inniúla. Bhí saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil den tuairim gur cheart go n-áireofaí i gcóras coinneála sonraí oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhíse sonraí neamhchriptithe a sholáthar agus cibearshlándáil láidir agus comhlíonadh iomlán an dlí maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas á n-áirithiú, agus gan an bonn a bhaint den chriptiú.

Bheadh gá le híoscheanglais maidir le catagóirí sonracha sonraí a choinneáil a bheith infheidhme (agus infhorfheidhmithe) maidir le haon oibreoir eacnamaíoch (atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo) a sholáthraíonn seirbhísí cumarsáide leictreonaí, chun an creat coinneála sonraí a dhéanamh éifeachtach anois agus amach anseo. Chun forbairtí teicneolaíochta amach anseo a chur san áireamh, ba cheart go n-áireofaí ar eintitis atá faoi réir oibleagáidí coinneála sonraí soláthraithe teileachumarsáide, soláthraithe OTT agus oibreoirí eile a bhailíonn sonraí atá nasctha le duine aonair nó duine dlítheanach sonrach a úsáideann a seirbhís, monaróirí gluaisteán nó córais intleachta saorga shamhail teanga móire, mar shampla. Ní mór na hoibleagáidí sin a bheith infhorfheidhmithe, agus ní mór cuntasacht a bheith ann do sholáthraithe; d’fhéadfaí é sin a bhaint amach trí úsáid a bhaint as réitigh éagsúla, lena bhféadfaí bacainní margaidh (ceadúnais chun oibriú) agus smachtbhannaí riaracháin a áireamh.

[76] I gcás Hadopi le déanaí, thuig an Chúirt gur féidir príobháideachas a ráthú trí choinneáil agus rochtain a chomhcheangal.
[77] Féach roinn I.

Is gné bhunriachtanach d'aon chreat de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo é córas smachtbhannaí infhorfheidhmithe do sholáthraithe neamh-chomhoibríocha agus do sholáthraithe a óstálann seirbhísí neamhdhleathacha. I bhfianaise na hidirghníomhaíochta idir an ghné shonrach sin agus na réitigh fhéideartha a pléadh i gcomhthéacs idircheapadh dleathach, tá smachtbhannaí le plé ag an gcéad chruinniú eile maidir le hidircheapadh dleathach.

Cé go n-éileofaí cur chun feidhme teicniúil (i.e. sonraí a bhailítear nó a phróiseáiltear chun críoch gnó a chur ar fáil d'údaráis inniúla) den chuid is mó le hoibleagáidí chun sonraí a choinneáil agus a sholáthar i gcás fhormhór na soláthraithe, is éard a bheadh i gceist leis sin nósanna imeachta clárúcháin úsáideoirí a fhorchur mar réamhshocrú ar sholáthraithe nach gcláraíonn a n-úsáideoirí faoi láthair toisc nach bhfuil aon ghá gnó acu é sin a dhéanamh (cuir i gcás soláthraithe OTT). Mheas saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil go raibh oibleagáidí mar sin dearfach i gcomhthéacs an phlé maidir leis an ngá atá le **trédhearcacht agus cuntasacht** a mhéadú do sholáthraithe maidir leis na sonraí a bhailíonn siad agus a stórálann siad, agus maidir le fad na sonraí sin. Is féidir le hoibleagáidí atá ann cheana maidir le catagóiriú faoi ionstraimí eile (RGCS) léargas a thabhairt ar na sonraí a phróiseálann na soláthraithe sin.

***Príomhghníomhaíocht: Éilíonn saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil creat nua de chuid an Aontais maidir le coinneáil agus rochtain sonraí***

| | |
|---|---|
| *Gníomhaithe: an Coimisiún Eorpach, an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa* | *Am: 2025-2026* |

- Áitíonn saineolaithe an Ghrúpa Ardleibhéil ar an g**Coimisiún Eorpach** an próiseas a sheoladh le haghaidh measúnú tionchair chun meastóireacht a dhéanamh ar na roghanna éagsúla chun feabhas a chur ar chumas na n-údarás inniúil coireanna a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach trí rochtain a fháil ar mheiteashonraí stairiúla arna nginiúint agus arna stóráil ag soláthraithe cumarsáide. Ba cheart go gcumhdófaí sa mheasúnú tionchair freisin ceanglais choimhdeachta, an tionchar ar chearta bunúsacha agus ar an margadh inmheánach, agus an gaol le hionstraimí dlí eile atá ann cheana. Ba cheart go bhfeidhmeodh sé mar bhonn do thogra reachtach, a ghlacfar trí bhíthin an Ghnáthnós Imeachta Reachtaigh.

# Caibidil III: Idircheapadh dleathach

**CAD IAD NA SAINCHEISTEANNA?**

Tagraíonn ‘idircheapadh dleathach cumarsáide’ do thríú páirtí — údarás nó eintiteas eile arna chumhachtú ag dlí nó ar bhonn dlí — a fhaigheann rochtain cheilte ar shonraí ó chumarsáid amhrasach. Cé gur bhain idircheapadh dleathach le glaonna teileafóin den chuid is mó san am a chuaigh thart, tá dúshláin nua cruthaithe ag an aistriú méadaitheach ó ghlaonna gutha traidisiúnta go seirbhísí teachtaireachtaí agus cineálacha eile cumarsáide leictreonaí.

D’aithin an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach an t-athrú seo agus leathnaíodh an chuid den chreat dlí a bhaineann leis an teileachumarsáid thraidisiúnta chuig cuideachtaí a thairgeann seirbhísí idirlíon-bhunaithe thar bonneagar teileachumarsáide nach leo é ná nach ndéanann siad bainistiú air, lena n-áirítear seirbhísí cumarsáide idirphearsanta uimhir-neamhspleách. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin go bhféadfadh soláthraithe sheirbhísí cumarsáide idirphearsanta uimhir-neamhspleách a bheith faoi réir an chreata dhlíthiúil chéanna a bhí infheidhme maidir le hoibreoirí teileachumarsáide traidisiúnta, lena n-áirítear maidir le hidircheapadh dleathach. Is féidir leis na Ballstáit a cheangal go gceadóidh oibreoirí d’údaráis inniúla náisiúnta cumarsáid leictreonach a idircheapadh go dleathach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE, ina bhfuil na forálacha maidir le rúndacht na cumarsáide agus na heisceachtaí uirthi. Faoi chóras an údaraithe ghinearálta faoin gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, is féidir leis na Ballstáit an ceanglas sin a athshonrú.

Ní gá rochtain dhleathach a bheith ar leibhéal an líonra — mar a bhiodh i gceist i gcás glaonna teileafóin traidisiúnta agus teachtaireachtaí téacs (seirbhís gearrtheachtaireachtaí) — ach is féidir í a bheith ar ghaireas an úsáideora freisin (sula seoltar an fhaisnéis) nó ar leibhéal an chinn scríbe (e.g. nuair a stóráiltear teachtaireachtaí sa néal). I gcomhthéacs na tuarascála seo, clúdaíonn idircheapadh dleathach na trí chás úsáide seo agus baineann sé le sonraí a bhfuarthas rochtain orthu i bhfíor-am nó gan mórán moille.

Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir teicneolaíochtaí idircheaptha **arna gcur chun feidhme ag oibreoir cumarsáide** agus teicneolaíochtaí gur féidir le húdaráis forfheidhmithe dlí a chur in úsáid go neamhspleách. Ní áirítear sa sainmhíniú ar 'idircheapadh dleathach' ach an chéad cheann [dá ngairtear '**idircheapadh bunaithe ar oibreoir**' sa tuarascáil seo], lena gceanglaítear ar an oibreoir cumarsáide córais theicniúla a shuiteáil chun na sonraí idircheaptha a bhailiú agus a sheachadadh chuig na húdaráis iarrthacha. Tagraíonn an ceann deireanach [dá ngairtear **'idircheapadh oirbheartaíochta'** sa tuarascáil seo] d'uirlisí nach gá a shuiteáil go fisiciúil buan ar líonra, gabhdóirí aitheantas suibscríobhaí shoghluaiste idirnáisiúnta cuir i gcás [78] nó bogearraí chun sonraí a idircheapadh ar fhóin chliste. Tugann na cásanna úsáide sin le fios gur ann do leibhéil éagsúla ionsáite agus dúshlán de chineál difriúil agus ní thagann siad faoin gcóras dlí céanna.

Cé gur uirlis riachtanach fós é idircheapadh dleathach teileachumarsáide traidisiúnta i roinnt imscrúduithe[79], tá laghdú suntasach tagtha ar éifeachtacht an bhirt sin toisc gur gníomhaithe eile den chuid is mó a sholáthraíonn seirbhísí teileachumarsáide anois; seoltar thart ar 97 % de na teachtaireachtaí móibíleacha go léir trí aipeanna teachtaireachtaí ar nós WhatsApp, Facebook Messenger agus WeChat, agus ní chuimsíonn teachtaireachtaí SMS agus MMS traidisiúnta ach thart ar 3 % de na teachtaireachtaí. Ina theannta sin, in 2023 rinneadh níos mó ná 90 % de chumarsáid OTT trí sheirbhísí criptithe ó cheann go ceann[80].

Comhaontaíonn na saineolaithe ar na treochtaí seo a leanas: ar an gcéad dul síos, thosaigh coirpigh ag aistriú ó oibreoirí cumarsáide traidisiúnta go seirbhísí OTT príomhshrutha; ansin, de réir a chéile, thosaigh na príomhghníomhaithe coiriúla ag úsáid líonraí coiriúla tiomnaithe (Encrochat agus Sky ECC, mar shampla); agus ó 2020 i leith, tar éis cur isteach ar mhórlíonraí cumarsáide coiriúla criptithe, tá cinneadh déanta ag go leor acu bogadh ar ais go gnáthsheirbhísí OTT criptithe ó cheann go ceann.

---

[78] Is gléasanna faireachais iad gabhdóirí aitheantas suibscríobhaí shoghluaiste idirnáisiúnta (IMSI) a dhéanann aithris ar thúir chille chun comharthaí fón póca a idircheapadh, agus uimhreacha aitheantais suibscríobhaí soghluaiste idirnáisiúnta (IMSI) agus sonraí cumarsáide á ngabháil acu.

[79] Tá méadú suntasach agus seasta tagtha ar iarrataí ar idircheapadh dleathach san Eoraip le blianta beaga anuas. Tá líon an-ard iarratas den chineál sin le feiceáil i dtíortha mar an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe, agus ardú suntasach tugtha faoi deara sa Ghearmáin amháin. Mar shampla, in 2023, thuairiscigh Deutsche Telekom breis agus 31 000 iarraidh ar idircheapadh, suas ó thart ar 26 000 in 2022 (https://www.telekom.com/en/company/data-privacy-and- security/news/germany-363566).

[80] Foinsí: Comparitech agus Statista.

Sa chomhthéacs sin, bíonn an oiread dúshláin roimh sholáthraithe cumarsáide agus iad ag freagairt d'iarrataí dleathacha ar idircheapadh gur ar éigean is féidir leo na ceanglais fhíor-riachtanacha a bhaineann le hidircheapadh dleathach mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht a chomhlíonadh[81]. Dá bhrí sin, is minic a bhíonn luach oibríochtúil an idircheaptha dhlíthiúil thraidisiúnta teoranta do léargais oirbheartaíochta, cuir i gcás a chinneadh an bhfuil feiste ar nó as, suíomh aeróige an líonra nó cé atá nasctha le cén duine; mar sin féin, is minic nach féidir sonraí inneachair a tharchuirtear thar sholáthraithe seirbhíse OTT a idircheapadh go dleathach.

Mar thoradh air sin, is minic nach mbíonn údaráis forfheidhmithe dlí in ann rochtain a fháil ar ábhar cumarsáide spriocdhírithe agus é a léamh[82], nó fiú a dhéanamh amach cé atá ag úsáid seirbhís idirlín ar leith i bhfíor-am agus faisnéis ábhartha a scagadh. Téann an caillteanas suntasach rochtana sin ar shonraí faoi bhealach i bhfeidhm ar imscrúduithe ar roinnt bealaí:

- mórdheacrachtaí maidir le coireanna a chosc, eagraíochtaí coiriúla a mhapáil agus gníomhaíochtaí coiriúla a dhéantar ar líne nó as líne a shannadh;
- úsáid mhéadaithe na n-údarás forfheidhmithe dlí as teicnící speisialta, mar a thugtar orthu[83], ar teicnící iad a bhíonn níos ionsáití agus i bhfad níos contúirtí d'oifigigh, mar shampla nuair a fhorordaíonn an t-údarás breithiúnach ceamaraí nó micreafóin a shuiteáil gar don sprioc;
- úsáid mhéadaithe ag údaráis forfheidhmithe dlí ar theicnící imscrúdaithe nach bhfuil chomh spriocdhírithe céanna: gan rochtain ar ábhar cumarsáide ná ar shonraí geoshuímh beachta, is minic a bhíonn ar imscrúdaitheoirí imscrúdú a dhéanamh ar **gach** duine a bhfuil baint aige le duine aonair a bhfuil amhras ann go ndearna sé gníomhaíochtaí coiriúla.

I bhfianaise an mhéid sin, luaigh saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ceithre phríomhchatagóir dúshlán.

---

81 https://rm.coe.int/1680081561 [Airt. 20 & 21]

82 Thug saineolaí amháin le fios nach bhfuil sonraí ábhair ar fáil trí idircheapadh dlíthiúil traidisiúnta i 99 % de chásanna.

83 Cumhdaítear le teicnící speisialta mar a thugtar orthu raon modhanna oirbheartaíochta chun faisnéis a fháil faoin sprioc spéise, trí cheamaraí, micreafóin, cianrochtain ar ghléasanna, lorgairí GPS srl

## I. Idircheapadh dleathach cumarsáide a dhéantar trí sholáthraithe cumarsáide neamhthraidisiúnta

Tá rialachán de chineál éigin curtha chun feidhme ag formhór na mBallstát lena rialaítear idircheapadh dleathach, lena leagtar síos oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide cumais idircheaptha a chur in úsáid[84]. Cé go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir na coinníollacha maidir le horduithe dleathacha idircheaptha a eisiúint ó thír go tír, is minic a bhíonn na hoibleagáidí a bhaineann le hoibreoirí cosúil lena chéile[85]: ní mór dóibh a bheith in ann gach cumarsáid ábhartha a idircheapadh ó sprioc shonraithe ar ithir náisiúnta gan aon bhearnaí, agus ní mór dóibh an bonneagar is gá a sholáthar chun na sonraí idircheaptha a bhailiú agus a tharchur chuig na húdaráis forfheidhmithe dlí.

I gcásanna ina soláthraíonn oibreoirí líonra iompróra (soláthraithe cumarsáide ar leo an líonra agus ar féidir leo rochtain a fháil ar a bhonneagar) na seirbhísí cumarsáide freisin (glaonna teileafóin, SMS, etc.), is minice is féidir leo oibleagáidí idircheaptha dhleathaigh a chomhlíonadh[86]. I bhformhór na gcásanna, tógann siad ar chaighdeáin ETSI agus braitheann siad ar sholáthraithe teicneolaíochta speisialaithe chun a srianta féin a bhainistiú, lena n-áirítear costéifeachtúlacht, tionchar íosta ar bhonneagar líonra, idir-inoibritheacht, iontaofacht agus slándáil.

I gcás seirbhísí OTT, tá an cás níos casta: is féidir le hoibreoirí líonra iompróra nó leis an soláthraí OTT a chuireann an tseirbhís ar fáil idircheapadh dleathach a dhéanamh.

**Nuair a chuirtear idircheapadh cumarsáide trí sheirbhísí OTT chun feidhme ar leibhéal an líonra iompróra, is minic a bhíonn teorainn lena éifeachtacht.** Ar an gcéad dul síos, d’fhéadfadh sé nach mbeadh an t-oibreoir iompróra in ann cumarsáid na sprice a shainaithint (e.g. agus é ag nascadh trí Wi-Fi poiblí). Ina theannta sin, is minic a úsáideann seirbhísí OTT prótacail dílseánaigh nach mór a dhíchódú trí chórais idircheaptha dhleathacha, rud a chuireann costas, am agus castacht leis an bpróiseas. Ar deireadh, fágann an úsáid a bhaineann soláthraithe OTT as criptiú ó cheann go ceann go bhfuil fadhbanna móra ag baint le rochtain ar shonraí ábhair agus cuireann sé cosc níos mó agus níos mó ar rochtain ar mheiteashonraí, ós rud é go measann formhór mór na dtíortha go bhfuil sé d’oibleagáid ar oibreoirí líonraí iompróirí faisnéis neamhchriptithe a sholáthar nuair a chuireann tríú páirtí criptiú chun feidhme, i gcomhréir le Coinbhinsiún Bhúdaipeist.

---

84 Féach *Lawful interception – A market access barrier in the European Union*, Vadim Doronin in *Computer Law & Security Review 51* (2023) 105867

85 Cé go bhfuil difríochtaí ann maidir le hoibleagáidí a bhaineann le sonraí ábhair nó sonraí nach ábhar iad.

86 Cé go bhféadfadh gnéithe áirithe, mar shampla, ródú baile, slisniú nó seirbhísí breischumarsáide bac a chur ar chumas oibreoirí líonraí iompróra a n-oibleagáidí a chomhlíonadh (féach an roinn maidir le dúshláin theicneolaíocha).

Úsáidtear sainmhíniú CCLE ar ‘sheirbhísí cumarsáide leictreonaí’, lenar áiríodh NI-ICS ó 2018 i leith, mar thagairt in Airteagal 5(1) den Treoir maidir le ríomh-phríobháideachas. Ciallaíonn sé sin, dá réir sin, go bhfágann coincheap ECS atá níos leithne anois (i gcomparáid leis an uair a glacadh an Treoir maidir le ríomh-phríobháideachas) gur féidir leis na Ballstáit brath go díreach ar sholáthraithe OTT chun idircheapadh dleathach a dhéanamh[87]. Go dtí seo, bhain na Ballstáit úsáid mhíchothrom as an bhféidearthacht sin; bhunaigh cuid acu oibleagáidí comhchosúla do gach cineál soláthraí ECS, lena n-áirítear soláthraithe OTT, agus eisiann cuid eile acu soláthraithe OTT[88]. **Sa chleachtas, gan beann ar na hoibleagáidí atá ann cheana, níl sásraí teicniúla forbartha ag seirbhísí príomhshrutha OTT chun freagairt ar iarrataí dleathacha idircheaptha ó údaráis Bhallstáit an Aontais,** ar chúiseanna dlíthiúla go príomha[89].

Os a choinne sin, tá creat curtha ar bun ag an Ríocht Aontaithe, faoin Acht um Chumhachtaí Imscrúdaithe, chun cumarsáidí OTT a idircheapadh go dleathach, creat a bhfuil feidhm aige freisin, a bhuí le glacadh chomhaontú rochtana sonraí na Ríochta Aontaithe-SAM, maidir le seirbhísí OTT atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe. De réir údaráis ábhartha na Ríochta Aontaithe, déanann sé sin difríocht shuntasach i gcosc agus in imscrúduithe coireachta.

Ar deireadh, chuir saineolaithe ó údaráis náisiúnta in iúl go soiléir nach rogha éifeachtach ná inmhianaithe é idircheapadh oirbheartaíoch, agus é bunaithe ar leochaileachtaí a shaothrú, ar rialacha idircheaptha dleathacha in-fhorfheidhmithe is infheidhme maidir le soláthraithe OTT agus gur cheart é a theorannú do chásanna sonracha agus ráthaíochtaí láidre i bhfeidhm, arna sainiú i ndlíthe náisiúnta, chun comhréireacht a áirithiú.

---

87 Cé go bhfuil plé fós ar siúl maidir le raon feidhme beacht na hinfheidhmeachta, agus go bhfuil difríochtaí idir léirmhínithe éagsúla i na mBallstát.

88 Féach *Lawful interception – A market access barrier in the European Union*, Vadim Doronin in *Computer Law & Security Review 51* (2023) 105867.

89 Ní thacaítear leis sin le staitisticí toisc gur fíorannamh a sheolann údaráis náisiúnta iarrataí maidir le hidircheapadh dlíthiúil chuig seirbhísí OTT, ós rud é go bhfuil a fhios acu go maith nach dócha go mbeidh torthaí ann dá ndéanfaí amhlaidh.

## II. Iarrataí trasteorann

Tá roinnt dúshlán ag baint le hiarrataí idircheaptha dleathacha trasteorann a dhírítear ar sholáthraithe seirbhíse OTT agus — ar bhonn níos lú — ar sholáthraithe seirbhíse cumarsáide traidisiúnta d'údaráis forfheidhmithe dlí.

I gcás soláthraithe seirbhíse cumarsáide traidisiúnta, bíonn dúshláin eagraíochtúla roimh na húdaráis go príomha. Ar an gcéad dul síos, is féidir le hionstraimí comhair idirnáisiúnta – go háirithe sásraí cúnaimh fhrithpháirtigh dlí – a bheith neamhphraiticiúil le haghaidh idircheapadh práinneach lena n-éilítear údarú agus cur chun feidhme laistigh d'uaireanta an chloig seachas laethanta ná seachtainí[90]. Is é is cúis leis sin líon na gcéimeanna is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na dlíthe sa Bhallstát iarrthach agus sa Bhallstát is faighteoir araon. Is é an dearcadh foriomlán go bhfuil próiseas an chúnaimh fhrithpháirtigh dlí neamhéifeachtúil agus trom nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar idircheapadh dleathach. Tháinig an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach (OIE), a tháinig i bhfeidhm in 2017, in ionad na bpróiseas traidisiúnta cúnaimh fhrithpháirtigh dlí laistigh den Aontas[91], trí spriocdhátaí dochta a leagan síos[92] chun an fhianaise a iarradh a bhailiú, teorainn a chur leis na forais chun iarrataí den sórt sin a dhiúltú agus foirm chaighdeánach aonair a thabhairt isteach do na húdaráis lena húsáid chun cabhair a iarraidh agus fianaise á lorg acu. Ina theannta sin, i gcás nach bhfuil gá le cúnamh teicniúil ón mBallstát ina bhfuil an duine is ábhar don idircheapadh lonnaithe chun an t-idircheapadh a dhéanamh, tugtar fógra don Bhallstát sin maidir leis an idircheapadh trí fhoirm chaighdeánach agus tugtar an deis dó agóid a dhéanamh ina choinne laistigh de 96 uair an chloig. I gcás cinniúnach C-670/22, ghlac CBAE le coincheap leathan 'idircheapadh teileachumarsáide', agus é ag áitiú gurbh ionann insíothlú gléasanna teirminéil chun sonraí tráchta, suímh agus cumarsáide a bhailiú ó sheirbhís cumarsáide bunaithe ar an idirlíon agus 'idircheapadh teileachumarsáide'. Mar sin féin, measann na saineolaithe nach leor na feabhsuithe suntasacha a tháinig as OIE chun freastal ar an ngá atá le rochtain thapa agus chomhchuibhithe trasteorann ar shonraí atá ag gluaiseacht.

Ina theannta sin, thuairiscigh údaráis na mBallstát gur minic nach mbíonn an ailtireacht theicniúil atá ann cheana oiriúnach dá feidhm chun idircheapadh dleathach a chur chun feidhme i mBallstát amháin agus na sonraí a aistriú gar d'fhíor-am chuig Ballstát eile. I gcásanna áirithe, nuair atá prótacail eagraíochtúla ábhartha i bhfeidhm, níl an méid sonraí atá le haistriú comhoiriúnach leis an mbandaleithead atá ar fáil trí bhealaí cumarsáide slána.

---

90 Luaigh saineolaithe cásanna ina raibh an cás thart sular cuireadh an t-idicheapadh dleathach trasteorann chun feidhme go héifeachtach nó cásanna ina raibh riaráiste an chúnaimh fhrithpháirtigh dlí os cionn 8 mí i gceist.

91 Cé is moite de DK agus IE, áiteanna nach bhfuil feidhm ag an OIE.

92 30 lá chun OIE a aithint agus 90 lá breise chun é a fhorghníomhú.

Baineann saincheisteanna dlínse casta le cumarsáid OTT a idircheapadh i gcomparáid le hidircheapadh cumarsáide teileafóin, i gcás ina dtairgeann soláthraithe a gcuid seirbhísí i gcríoch dhea-shainithe. Tá seirbhísí teileachumarsáide traidisiúnta ceangailte le bonneagar líonra fisiciúil ar leith, lena n-áirithítear go bhfuil áiseanna agus láithreacht dhlíthiúil ag an soláthraí seirbhíse sa tír ina dtarlaíonn an t-idircheapadh. Laghdaíonn an socrú logánta sin an baol go mbeidh coinbhleachtaí dlíthiúla laistigh den Aontas agus déanann sé an comhlíonadh níos simplí.

I gcodarsnacht leis sin, i gcás sheirbhísí OTT, féadfaidh roinnt dlínsí éagsúla a bheith i gceist leis an údarás iarrthach, an sprioc idircheaptha, an cur chun feidhme fisiciúil agus áit bhunaithe na cuideachta. D’fhéadfadh coinbhleachtaí dlí a bheith mar thoradh ar an idirghníomhú idir creataí dlíthiúla sna dlínsí sin[93].

Níl aon amhras ar shaineolaithe na bpóilíní ná ar na húdaráis bhreithiúnacha: ní réiteach inmharthana é iarrataí ar idircheapadh dleathach a dhéanamh trí ionstraimí idirnáisiúnta. Má sheachnaíonn údaráis forfheidhmithe dlí an próiseas cúnaimh fhrithpháirtigh dlí agus ina ionad sin go ndéanann siad orduithe a sheirbheáil go díreach ar sholáthraithe seirbhíse faoina ndlíthe náisiúnta, d’fhéadfadh sé go mbeadh ceanglais dhlíthiúla chontrártha ar soláthraithe OTT ar nós Microsoft, META nó Google. Mar shampla, in go leor cásanna, bheadh rialacha ag an mBallstát iarrthach lena rialófaí rochtain dhleathach a bheadh ar neamhréir le dlí na hÉireann[94], lena rialaítear roinnt mórsholáthraithe OTT ós rud é go bhfuil siad lonnaithe in Éirinn, ach d’fhéadfaidís a bheith á rialú freisin ag an dlí náisiúnta sna Ballstáit ina soláthraíonn siad a gcuid seirbhísí.

Féadfar dul i ngleic go héifeachtach leis na dúshláin sin trí bhíthin comhbheart agus méid áirithe comhchuibhithe ar rialacha idircheaptha dhleathaigh ar leibhéal an Aontais chun iarrataí trasteorann maidir le hidircheapadh dleathach a éascú agus a luathú. Ba réamhriachtanas é sin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eile de chineál eagraíochtúil agus teicniúil, ar féidir teacht ar réitigh ina leith nuair a bheidh rialacha bunaithe go soiléir agus inoibrithe.

93 Féach ‘LE interception concerns under the EECC’ [Ábhair imní maidir le hidircheapadh LE faoi CCLE], Microsoft, Eanáir 2020.
94 Cuireann dlí na hÉireann cosc ar sholáthraithe OTT dul i mbun idircheapadh beo.

## III. Teicneolaíocht

Gan beann ar bhreithnithe dlíthiúla, bíonn tionchar ag éabhlóid na dteicneolaíochtaí cumarsáide ar chumas teicniúil údaráis forfheidhmithe dlí cumarsáid a idircheapadh trí sheirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse cumarsáide nó soláthraithe seirbhíse OTT go díreach.

I gcás soláthraithe cumarsáide traidisiúnta, is iondúil go bhforbraíonn soláthraithe teicneolaíochta cumais idircheaptha dhleathacha atá bunaithe ar chaighdeáin ETSI agus go n-ionchorpraítear iad i 3GPP[95]. Mar thoradh air sin, is féidir le seirbhísí póilíneachta dea-fheistithe idircheapadh na cumarsáide traidisiúnta — teachtaireachtaí gutha agus gearrtheachtaireachtaí — a láimhseáil go sásúil agus is féidir leo cumarsáid atá bunaithe ar an idirlíon a idircheapadh trí sheirbhísí a sholáthraítear ar a líonraí.

Mar sin féin, cruthaíonn castacht mhéadaitheach na mbonneagar agus na bprótacal cumarsáide in 5G, mar shampla, fíorúlú, slisniú líonra, imeall-ríomhaireacht agus gnéithe feabhsaithe príobháideachais, dúshláin theicneolaíocha nua d'oibreoirí traidisiúnta[96]. D'áitigh saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil go háirithe go mbainfeadh dúshláin le Ródú Baile[97] agus le seirbhísí breischumarsáide (RCS)[98].

Ó dhearcadh réamhbhreathnaitheach, agus bunaithe ar thaithí 5G, tá saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ag súil leis na dúshláin a bhaineann le 6G a chur in úsáid amach anseo (atá beartaithe le haghaidh na tréimhse tar éis 2030) — rud a rachaidh céim níos faide i dtéarmaí gnéithe feabhsaithe príobháideachais[99], a bhféadfadh criptiú ó cheann go ceann a bheith i gceist leo mar chaighdeán — rud a d'fhéadfadh, nuair a chuirtear le chéile iad, idircheapadh a dhéanamh deacair. Ag an am céanna, mar thoradh ar theicneolaíochtaí cumarsáide nua atá ann, mar shampla, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, cumarsáid satailíte agus forbairt na ríomhaireachta candamaí[100] tá sraith dúshlán eile ag teacht chun cinn nach mór a thuar.

---

95 Tionscadal Comhpháirtíochta an Tríú Glúin, lena soláthraítear an bunús d'fhorbairt teicneolaíochtaí cumarsáide ar nós 5G, Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus leathanbhanda soghluaiste.

96 Féach 'Law enforcement and judicial aspects related to 5G', EU Counter-Terrorism coordinator, 2019. https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-8983-2019-INIT/en/pdf.

97 Europol - Position paper on Home routing.pdf (europa.eu).

98 Ceadaítear comhráite grúpa, íomhánna físe, fuaime agus ardtaifigh a mhalartú le prótacal RCS; Is minic a úsáidtear é in ionad seirbhís gearrtheachtaireachtaí. Ag brath ar a chur chun feidhme, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé dodhéanta teachtaireachtaí RCS a idircheapadh go dleathach, agus go mbeadh tionchar suntasach aige sin ar fhorfheidhmiú an dlí (níos mó ná 1 bhilliún úsáideoir gníomhach RCS in 2023).

99 Féach treochlár 6G:https://5g-ppp.eu/wp-content/uploads/2021/06/WhitePaper-6G-Europe.pdf.

100 The Second Quantum Revolution: the impact of quantum computing and quantum technologies on law enforcement | Europol (europa.eu).

Ar deireadh, leag saineolaithe an Ghrúpa Ardleibhéil béim ar cheann de na príomhdhúshláin theicniúla a bhaineann le húdaráis forfheidhmithe dlí a eascraíonn as criptiú ó cheann go ceann, go háirithe maidir le cumarsáid OTT, agus níos mó ná 80 % den chumarsáid á reáchtáil trí sheirbhísí atá criptithe ó cheann go ceann (cumarsáid bheo agus stóráil chúltaca), rud a chuireann cosc ar imscrúdaitheoirí rochtain a fháil ar ábhar cumarsáide. Ag an am céanna, aontaíonn na saineolaithe freisin go meastar gur beart láidir slándála é criptiú ó cheann go ceann lena gcosnaítear saoránaigh go héifeachtach ar chineálacha éagsúla coireachta. Trína chinntiú nach féidir ach leis na húsáideoirí cumarsáide rochtain a fháil ar ábhar a dteachtaireachtaí, tá an criptiú ó cheann go ceann ina chosaint éifeachtach ar chúléisteacht neamhdhleathach, goid sonraí, spiaireacht atá urraithe ag an stát agus cineálacha eile rochtana neamhúdaraithe ag haiceálaithe, cibearchoirpigh, nó fiú ag na soláthraithe seirbhíse féin.

Is deacair na dúshláin atá os comhair na n-údarás forfheidhmithe dlí a chainníochtú maidir le faireachán a dhéanamh ar chumarsáid coirpeach agus sceimhlitheoirí trí chriptiú ó cheann go ceann a úsáid. Is amhlaidh atá toisc gur minic a roghnaíonn údaráis forfheidhmithe dlí gan am ná acmhainní a chaitheamh chun orduithe cúirte a fháil le haghaidh faireachas leictreonach ar ardáin is eol dóibh a bheith criptithe ó cheann go ceann mar réamhshocrú[101]; dá bhrí sin, tá líon na n-iarrataí éifeachtacha ar idircheapadh dleathach le haghaidh sonraí ábhair nach féidir a chur i gcrích mar gheall ar chriptiú ó cheann go ceann an-íseal agus is beag fiúntas atá iontu. Feictear do na húdaráis forfheidhmithe dlí gur caochspota suntasach agus leochaileacht shuntasach é an easpa cumais faireachais sin, ar caochspota é a bhfuil coirpigh agus sceimhlitheoirí go hiomlán ar an eolas faoi agus a mbaineann siad leas gníomhach as, mar a léiríodh i gcásanna EncroChat[102] agus Sky ECC ar gabhadh na mílte duine ar fud na hEorpa mar gheall orthu, lenar airíodh go leor coirpigh ardphróifíle. Léiríodh an imní sin i roinnt ráiteas ó Cheannairí Póilíneachta Eorpacha[103] agus ó G7[104], i measc grúpaí eile. Chun an tionchar a bheadh ag cailliúint rochtana ar shonraí ábhair a léiriú, thagair na saineolaithe do roinnt samplaí poiblí a bhaineann le cásanna sceimhlitheoireachta[105], gáinneála ar dhrugaí[106] agus éignithe[107], i measc nithe eile, i gcás inar chuir criptiú bac suntasach ar chumas na n-údarás forfheidhmithe dlí coireacht thromchúiseach agus eagraithe a chosc agus a chomhrac.

B'fhearr le hionadaithe forfheidhmithe dlí cur chuige lena gceanglaítear ar chuideachtaí rochtain ar shonraí neamhchriptithe a chur ar fáil do na húdaráis forfheidhmithe dlí faoi choinníollacha dochta. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur chuir saineolaithe cibearshlándála in iúl mar ábhar imní go mbainfeadh na réitigh sin an bonn den chibearshlándáil. Thug roinnt saineolaithe forfheidhmithe dlí le fios gur cuireadh criptiú chun feidhme i gcásanna áirithe ar bhealach atá i gcomhréir leis an gcibearshlándáil agus leis an ngá atá le roinnt seirbhísí a choinneáil ar bun, mar shampla, nuashonruithe ar an gcóras oibriúcháin, scanadh ábhair (e.g. ríomhphoist nó seisiúin ghréasáin) chun críoch cibearshlándála, nó príomhshásraí téarnaimh nuair a roghnaíonn an t-úsáideoir an ghné sin.

---

101 Manpearl, 2017.

102 Chun tuilleadh eolais a fháil faoi EncroChat agus Sky ECC, féach Europol agus Eurojust, '*Third Report of the Observatory Function on Encryption*', Meitheamh 2021.

103 https://www.europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/EDOC-%231384205-v1-Joint_Declaration_of_the_European_Police_Chiefs.PDF.

104 https://www.gov.uk/government/publications/g7-interior-and-security-ministers-meeting-september-2021/g7-london-interior-commitments-accessible-version .

105 I mí an Mhárta 2017, rinne Khalid Masood, fear 52 bhliain d'aois, ionsaí sceimhlitheoireachta a raibh an tIoslamachas mar spreagadh aige i lár Londan, inar maraíodh seisear agus inar gortaíodh 29 nduine. Cé gur tugadh le fios i dtuarascálacha teagmhais gur phleanáil agus go ndearna Masood an t-ionsaí ina aonar, fuarthas amach gur sheol sé, roinnt nóiméad sula ndearna sé an t-ionsaí, doiciméad PDF dar teideal 'Jihad' chuig líon mór dá theagmhálacha ar WhatsApp agus ar iMessage, a raibh an dá cheann acu – agus atá fós – criptithe ó cheann go ceann mar réamhshocrú. Foinsí: Max Hill, 'The Westminster Bridge Terrorist Attack' (Londain: The Stationery Office, 2018); BBC News, 'WhatsApp Must Not Be a "Place for Terrorists to Hide"', an 26 Márta 2017.

106 Luaigh na saineolaithe cásanna móra gáinneála ar dhrugaí, nach rabhthas in ann dul chun cinn a dhéanamh iontu go dtí go bhfuarthas rochtain ar chumarsáid chriptithe trí Encrochat agus Sky ECC.

107 I gcás cáiliúil sa Ríocht Aontaithe, cuireadh bac ar imscrúduithe póilíní ar chás éignithe toisc gur bhain daoine faoi dhrochamhras úsáid as WhatsApp chun cumarsáid a dhéanamh, agus bhí sé deacair rochtain a fháil ar fhianaise ríthábhachtach mar gheall ar an gcriptiú ó cheann go ceann. Chuir neamhábaltacht na n-údarás áitiúil teachtaireachtaí WhatsApp a dhíchriptiú gan toiliú an úsáideora bac ar an imscrúdú.

Ar an mbonn sin, d'aontaigh na saineolaithe forfheidhmithe dlí go n-éilíonn na dúshláin a bhaineann leis an gcriptiú cur chuige ilghnéitheach lena aimsítear an chothromaíocht idir cearta príobháideachais, an tslándáil agus an gá atá le húdaráis forfheidhmithe dlí a bheith in ann rochtain a fháil ar shonraí chun an choireacht a chomhrac agus saol na ndaoine, mar aon lena sláine fhisiciúil agus airíonna, a chosaint. Cé nach dócha go dtabharfadh réiteach aonair aghaidh ar na hábhair ábhartha imní go léir, d'fhéadfadh meascán cur chuige cabhrú leis an tsaincheist a mhaolú.

## IV. Soláthraithe cumarsáide de chineál coiriúil

Baineann coirpigh úsáid as ardáin phríomhshrutha atá criptithe ó cheann go ceann chun an chumarsáid a dhéanann siad a cheilt; is féidir leo a chinneadh freisin, áfach, úsáid a bhaint as bealaí slána cumarsáide, bealaí a dearadh go sonrach don ghníomhaíocht choiriúil (dá ngairtear 'CCCanna', le haghaidh 'bealaí cumarsáide coiriúla')[108]. Is CCCanna aitheanta iad EncroChat agus Sky ECC a dhíol fóin ar a bhfuil seirbhís chomhtháite teachtaireachtaí criptithe ó cheann go ceann a dearadh chun gníomhaíochtaí coiriúla a cheilt, seirbhísí a chuirtear chun cinn ar an ngréasán dorcha. Díchóimeáladh an dá ardán in 2020 agus 2021 tar éis oibríochtaí comhpháirteacha idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí, a thug a fhorleithne a bhí a rannpháirtíocht sa choireacht eagraithe chun solais. Díchóimeáladh roinnt ardán comhchosúil, cuir i gcás Phantom Secure[109] agus Exclu[110], freisin, agus tá go leor ardán fós ag feidhmiú, ardáin a sholáthraíonn moil shábháilte le haghaidh malartú faisnéise coiriúla. Sa tírdhreach ilroinnte seo, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis forfheidhmithe dlí in ann CCCanna a shainaithint, faireachán a dhéanamh ar an ngníomhaíocht a dhéanann siad agus bac a chur uirthi, iad a dhíchóimeáil agus coirpigh a thabhairt os comhair na cúirte.

---

108 https://www.eurojust.europa.eu/sites/default/files/Documents/pdf/joint_ep_ej_third_report_of_the_observatory_function_on_encryption_en.pdf

109 https://www.fbi.gov/news/stories/phantom-secure-takedown-031618

110 New strike against encrypted criminal communications with dismantling of Exclu tool | Eurojust | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (europa.eu)

In ainneoin nach rogha é an t-idircheapadh oibreoir-bhunaithe don chineál sin soláthraí cumarsáide bradaí, tá cumais idircheaptha oirbheartaíochta ábhartha de dhíth ar údaráis forfheidhmithe dlí — is é sin, uirlisí agus saineolas — chun faireachán a dhéanamh ar a n-úsáideoirí ar bhealach spriocdhírithe, in ainneoin criptiúcháin. Leag na saineolaithe forfheidhmithe dlí béim ar na dúshláin, na rioscaí agus na teorainneacha suntasacha a bhaineann le forbairt agus úsáid na dteicnící sin nach bhfuil inscálaithe, go ndúirt gur cheart iad a úsáid sna cásanna is tábhachtaí agus sna cásanna sin amháin. Ag brath ar a n-acmhainneachtaí agus ar a gcreat dlíthiúil, baineann na húdaráis náisiúnta úsáid as cineálacha éagsúla cur chuige, lena n-áirítear uirlisí a fhorbraítear go hinmheánach, uirlisí a cheannaítear ó thríú páirtithe nó uirlisí a oibrítear mar sheirbhís; is cuma cé acu ceann a n-úsáideann siad, tá na saineolaithe ar aon intinn gur gá ráthaíochtaí agus coimircí a bheith i bhfeidhm agus na huirlisí sin á n-úsáid. D’fhéadfaí a áireamh leis sin machnamh a dhéanamh ar mhaoirseacht, ar mheastóireacht agus ar dheimhniú feabhsaithe na n-uirlisí, chomh maith le creat láidir maidir le bainistiú leochaileachta, agus neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát in ábhair choiriúla agus a n-inniúlacht eisiach maidir leis an tslándáil náisiúnta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.

Tá dúshláin dhlíthiúla roimh na húdaráis imscrúdúcháin freisin, mar shampla deacrachtaí maidir le soláthraithe cumarsáide agus seirbhísí óstála a chuireann seirbhísí coiriúla ar fáil go príomha (toisc go bhfuil an trácht go léir criptithe) a choiriúlú, rud atá ina chéad chéim riachtanach sula ndéanfar gníomhaíocht bhreithiúnach nó riaracháin. Thairis sin, ní mór do na Ballstáit a bheith in ann smachtbhannaí a fhorchur ar CCCanna d'fhonn rochtain ar na seirbhísí sin san Aontas a theorannú nó a bhlocáil agus ar an gcaoi sin a samhail, agus an lámh is fearr a fháil ar a samhail ghnó choiriúil. Beidh gá leis sin san am amach anseo nuair a bheidh feidhm ag na hoibleagáidí maidir leis an idircheapadh dleathach i leith seirbhísí OTT, agus má tá feidhm acu, chun cosc a chur ar choirpigh dul ar ais go soláthraithe cumarsáide bradaí.

Ar deireadh, déantar agóid sna cúirteanna i gcoinne gnéithe éagsúla de chásanna, cuir i gcás na cásanna i gcoinne EncroChat agus Sky ECC. Is éagsúil iad na ceanglais maidir le sonraí a idircheaptar i mBallstát eile a úsáid mar fhianaise ar fud an Aontais, agus dá réir sin tá éiginnteacht dhlíthiúil ann d’oibríochtaí comhchosúla arna ndéanamh ag Ballstát amháin a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar go leor daoine.

## RÉITIGH FHÉIDEARTHA

### I. Iarrataí dleathacha idircheaptha a dhéanamh infhorfheidhmithe do gach cineál soláthraí seirbhísí cumarsáide leictreonaí

San Aontas, is ag na soláthraithe cumarsáide traidisiúnta, agus acusan amháin, atá na cumais idircheaptha dleathacha, agus déantar formhór na cumarsáide faoi láthair trí sholáthraithe cumarsáide neamhthraidisiúnta[111]. Cibé acu an soláthraíonn úinéir an bhonneagair seirbhís cumarsáide nó nach soláthraíonn, ba cheart gurb ionann cumas na n-údarás forfheidhmithe dlí idircheapadh dleathach a dhéanamh ar dhuine inspéise. Maidir le réitigh mhalartacha, mar shampla idircheapadh dleathach a dhéanamh ar NI-ICS agus seirbhísí cumarsáide eile go heisiach ar leibhéal an líonra iompróirí, ag brath ar ionstraimí comhair idirnáisiúnta chun idircheapadh dleathach a dhéanamh ar sholáthraithe NI-ICS nó úsáid fhorleathan a bhaint as idircheapadh oirbheartaíochta, níl na réitigh sin inoibrithe[112].

**Dá thoradh sin, measann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil gur tosaíocht é a áirithiú gurb ionann an chaoi a mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí maidir le hidircheapadh dleathach sonraí atá ar fáil agus soláthraithe cumarsáide traidisiúnta agus neamhthraidisiúnta. Le comhchuibhiú na n-oibleagáidí sin, ba cheart go sárófaí na dúshláin a bhaineann le hiarrataí trasteorann a fhorghníomhú.**

Chun an cuspóir sin a shaothrú agus chun bogadh de réir a chéile i dtreo rialacha dleathacha idircheaptha san Aontas a chomhfhogasú agus a chomhchuibhiú, molann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil cur chuige incriminteach: ar an gcéad dul síos, ba cheart prionsabail struchtúraithe a chomhaontú ar leibhéal an Aontais (céim 1); ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún tacú le cur chun feidhme na bprionsabal sin (céim 2); agus ar deireadh, bunaithe ar mheasúnú breise, féadfar na prionsabail a chódú in ionstraim dlí (céim 3).

---

[111] Sa Ríocht Aontaithe in 2022, seoladh 36 bhilliún teachtaireacht SMS, agus seoladh 1,3 trilliún teachtaireacht ar líne (WhatsAppening in the world of online communications? - Ofcom).

[112] Féach an roinn maidir le dúshláin.

Céim 1: Bunlíne choiteann a chomhaontú

Ar an gcéad dul síos, is gá comhthuiscint a fhorbairt maidir leis na catagóirí ECS is féidir a bheith faoi réir oibleagáidí intíre maidir le hidircheapadh dleathach de réir rialacha r-Phríobháideachais agus RGCS.

Ar an dara dul síos, is gá teacht ar chomhaontú maidir leis na ceanglais oibríochtúla ardleibhéil ina luaitear go soiléir an méid a bhfuil na húdaráis náisiúnta ag súil leis ó thaobh idircheapadh dleathach de, agus cad iad na coimircí gaolmhara ba cheart a bheith ann. Sainaithníodh an doiciméad dar teideal *Law Enforcement – Operational Needs for Lawful Access to Communications* **[113]** mar bhonn maith chun na ceanglais forfheidhmithe dlí a shainiú. Ba cheart ceanglais, e.g. maidir leis an gcomhréireacht, an mhaoirseacht agus an trédhearcacht a bheith ag gabháil leis an doiciméad sin, lena bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir na rialacha is infheidhme maidir le sonraí inneachair agus sonraí nach inneachar iad, agus lánurraim á tabhairt don chibearshlándáil agus don chosaint sonraí agus don phríobháideachas agus gan an bonn a bhaint den chriptiú. Dá bhféadfaí grúpa *ad hoc* saineolaithe a bhunú, lena n-áirítear saineolaithe cibearshlándála, príobháideachais agus forfheidhmithe dlí, d'fhéadfaí a áirithiú go ndéanfaí na ceanglais a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá, rud a d'fhéadfadh cur le hobair Mheitheal Europol um Chaighdeánú maidir leis an tSlándáil Inmheánach, obair ar cheart leanúint di.

Ar an tríú dul síos, ní mór coincheap na dlínse críochaí a shoiléiriú i dtéarmaí a infheidhmeachta maidir le seirbhísí OTT, agus na léirmhínithe éagsúla i measc údaráis náisiúnta agus, níos tábhachtaí fós, idir údaráis náisiúnta agus soláthraithe seirbhísí OTT á gcur san áireamh. Mar shampla, ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha is infheidhme maidir le cásanna ina bhfuil suíomh na sprice neamhchinnte. Tá gá le treoir freisin maidir le cé atá in ann measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht iarrata, mar shampla maidir le ról na soláthraithe seirbhíse sa chomhthéacs sin. Ar deireadh, cé gur dheimhnigh formhór mór na rialuithe cúirte go dtí seo dlíthiúlacht na ngníomhartha nós imeachta i gcoinne EncroChat agus Sky ECC, tá roinnt cásanna cúirte fós ar feitheamh**[114]**, agus d'fhéadfadh tionchar mór a bheith acu ar chiontú coirpeach ardphróifíle. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gur ghá inghlacthacht fianaise a fhaightear ó bhearta idircheaptha oirbheartaíochta idir na Ballstáit, aitheantas frithpháirteach breithiúnas agus cinntí breithiúnacha, agus comhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla a éascú.

---

[113] Is é an doiciméad *Law Enforcement – Operational Needs for Lawful Access to Communications* [Forfheidhmiú an Dlí – Riachtanais Oibríochtúla le haghaidh Rochtain Dhleathach ar Chumarsáid] an toradh ar an obair a rinne údaráis forfheidhmithe dlí na Sualainne, i ndlúthchomhar le hionadaithe forfheidhmithe dlí i mBallstáit an Aontais, i Meiriceá Thuaidh agus san Astráil. Is é is aidhm dó na riachtanais forfheidhmithe dlí le haghaidh rochtain dhleathach ar inneachar cumarsáide, ar shonraí a bhaineann le hinneachar agus ar fhaisnéis rannpháirtí a shainaithint agus tuairisc a thabhairt orthu. Féach C*ommunication from the Council Presidency on Law Enforcement Operational Needs for Lawful Access to Communications* (LEON) [Teachtaireacht ó Uachtaránacht na Comhairle maidir le Forfheidhmiú an Dlí – Riachtanais Oibríochtúla le haghaidh Rochtain Dhleathach ar Chumarsáid], 6050/23 an 16 Feabhra 2023.

[114] Féach Cásanna T-1180/23, T-148/24, T-167/24, T-484/24 agus T-560/24.

***Cnuasach moltaí 7***

*Chun teacht ar chomhaontú ar leibhéal an Aontais maidir le prionsabail choiteanna chun sonraí atá ar fáil a idircheapadh go dleathach, prionsabail is infheidhme maidir le gach cineál soláthraí ECS, molann na saineolaithe an méid seo a leanas:*

1. *sainmhíniú agus raon feidhme an idircheaptha dhleathaigh a shoiléiriú i gcomhréir le gníomhartha an Aontais atá ann cheana agus le hionstraimí ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta eile, mar shampla Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht [moladh 38];*
2. *inspioráid a fháil ón doiciméad Law Enforcement – Operational Needs for Lawful Access to Communications chun comhcheanglais oibríochtúla a shainiú [moladh 21];*
3. *na coimircí riachtanacha a shainaithint [moladh 17, moladh 41];*
4. *aghaidh a thabhairt ar an bpeirspictíocht chibearshlándála ionas nár cheart oibleagáid a chur ar sholáthraithe le haon bheart a gcórais TFC a choigeartú ar bhealach a mbeadh tionchar diúltach aige ar chibearshlándáil a n-úsáideoirí [moladh 41];*
5. *coincheap na dlínse críche maidir le sonraí a shoiléiriú chun aghaidh a thabhairt ar easaontachtaí dlí a d'fhéadfadh a bheith ann [moladh 39] agus glacadh rialacha íosta a chothú ar leibhéal an Aontais lena gceadófar inghlacthacht fianaise a fhaightear ó bhearta idircheaptha oirbheartaíochta idir na Ballstáit nuair is ábhartha, a mhéid is gá chun aitheantas frithpháirteach do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha agus don chomhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla a éascú [moladh 42].*

Ní mór aird a thabhairt ar an gcur chuige is fearr chun na prionsabail choiteanna a chur le chéile agus a chomhaontú, mar a luaitear i gCnuasach moltaí 7, agus chun an ionstraim is ábhartha a shainaithint chun na prionsabail sin a roinnt. Ag breathnú siar, bhí ról lárnach ag an Rún ón gComhairle maidir le hIdircheapadh Dleathach ón 17 Eanáir 1995[115] maidir le comhchuibhiú réiteach dleathach idircheaptha a éascú toisc gur chuir sé tagairt ar fáil do chaighdeáin arna bhforbairt ag ETSI maidir le hidircheapadh dleathach. D'fhéadfadh cur chuige comhchosúil, trí mholadh ón gCoimisiún nó ón gComhairle b'fhéidir, a bheith chomh tairbheach céanna.

[115] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A31996G1104

***Príomhghníomhaíocht: iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an Aontais Moladh a eisiúint maidir le rochtain fíor-ama ar shonraí in 2025***

*Am: 2025* *Buiséad: Le cinneadh*

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an gCoimisiún Eorpach Moladh a eisiúint lena soiléirítear coincheap an idircheaptha dhleathaigh[116] do sholáthraithe ECS agus lena sonraítear na ceanglais éagsúla a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm maidir le hidircheapadh dleathach sonraí neamhábhair agus inneachair atá ar fáil, agus lánurraim á tabhairt don chibearshlándáil, do chosaint sonraí agus don phríobháideachas, gan an bonn a bhaint den chriptiú agus tógáil ar cheanglais choiteanna oibríochtúla mar a shainmhínítear sa doiciméad *Law Enforcement – Operational Needs for Lawful Access to Communications*.

Céim 2: Tacaíocht ón Aontas a chur ar fáil chun cothroime iomaíochta a áirithiú agus chun feabhas a chur ar an gcomhar trasteorann

Bheadh na prionsabail choiteanna a leagtar amach i gCéim 1 mar bhonn le comhchuibhiú teicniúil, dlíthiúil agus eagraíochtúil ar leibhéal an Aontais. Tá gá le comhordú agus tacaíocht airgeadais ón gCoimisiún chun iad a aistriú go spriocanna insoláthartha nithiúla. Is éard a bheadh i gceist leis sin próiseas tiomnaithe a chur ar bun, ag tógáil ar mheithleacha atá ann cheana agus, i gcás inar gá, meithleacha nua a chruthú, comhordú a áirithiú leis na geallsealbhóirí ábhartha lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí OTT agus ionadaithe tionscail, tuairisciú do chomhlachtaí ábhartha, go háirithe an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, agus trédhearcacht i leith an phobail a áirithiú. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis freisin staidéir spriocdhírithe a mhaoiniú go díreach nó trí chomhpháirtíochtaí ábhartha e.g. le gníomhaireachtaí nó comhpháirtithe acadúla ábhartha.

[116] Teoranta d'idircheapachán oibreoir-bhunaithe mar a shainmhínítear thuas.

Ina theannta sin, leag saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil béim ar an ngéarghá atá le feabhas a chur ar éifeachtúlacht na n-iarrataí trasteorann ar idircheapadh dleathach faoin gcreat reatha, agus an obair a leagtar amach thuas á déanamh acu ag an am céanna. Is éard a bheadh i gceist leis an gcuspóir sin:

- measúnú a dhéanamh ar theorainneacha reatha an OIE[117] agus obair a dhéanamh chun an éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú;
- aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha teicniúla agus eagraíochtúla a bhaineann le malartú trasteorann fianaise arna bailiú trí idircheapadh dleathach, rud a d'éileodh tuilleadh oibre ar an méid seo a leanas:
    - an fhadhb a mhapáil (cad iad na teorainneacha, cé na Ballstáit a bhfuil taithí acu orthu, etc.),
    - struchtúir sonraí, sásraí iontaoibhe agus scagadh sonraí a chaighdeánú, tarchur sonraí neamhábhartha a sheachaint agus seasamh le prionsabail na cosanta sonraí maidir le teorannú de réir cuspóra, comhréireacht agus íoslaghdú sonraí,
    - dearadh agus acmhainn na modhanna tarchurtha trasteorann,
    - scéimeanna cistiúcháin gaolmhara a shainaithint;
- iarrataí trasteorann ar idircheapadh dleathach a éascú trí SPoCanna a ainmniú agus oiliúint a chur orthu, i gcomhar leis an obair níos leithne ar phointí teagmhála aonair agus rochtain ar fhianaise dhigiteach, agus ról tábhachtach ag an tionscadal SIRIUS;
- i gcás inarb ábhartha, comhaontuithe déthaobhacha a chothú idir na Ballstáit agus na Stáit Aontaithe mar réamhriachtanas chun iarrataí díreacha ó údaráis náisiúnta a éascú chun soláthraithe seirbhíse OTT a phríomhshruthú, ós rud é nach gcumhdaítear idircheapadh dleathach faoi raon feidhme an chomhaontaithe idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach atá á chaibidliú faoi láthair, rud a chiallaíonn go bhfuil gá le comhaontuithe sonracha chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí dlí.

---

117 Tagraíonn Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (OIE) don 'teileachumarsáid'. de bhrí gur léirmhínigh formhór na mBallstát ar bhonn níos forleithne é, i gcomhréir le nuashonrú CCLE, d'fhéadfaí an gá a d'fhéadfadh a bheith ann OIE a leasú i ndáil leis sin a mheas agus a mheasúnú tuilleadh.

Ar deireadh, d'iarr na saineolaithe go ndéanfaí machnamh ar bhearta a d'fhéadfadh feabhas a chur ar bhearta díspreagthacha arna ndéanamh ag údaráis náisiúnta i gcoinne seirbhísí cumarsáide leictreonaí neamh-chomhoibríocha. D'iarr na saineolaithe, go háirithe, go ndéanfaí measúnú ar indéantacht agus comhréireacht na réiteach teicniúil a d'fhéadfadh a bheith ann.

***Cnuasach moltaí 8***

*Chun a áirithiú go bhfreagróidh raon leathan soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear soláthraithe OTT, ar iarrataí dleathacha ar idircheapadh mar a leagtar amach i ndlíthe náisiúnta, molann na saineolaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:*

1. *tacú le cur chun feidhme na bprionsabal a shainítear i moladh 1.1 trí chomhordú agus cistiú;*
2. *iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an OIE tacú níos fearr le hiarrataí éifeachtúla trasteorann ar idircheapadh dleathach e.g. trí dheimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, spriocdhátaí a ghiorrú maidir le freagairt ar orduithe agus úsáid aonfhoirmeach an OIE a chothú [moladh 40];*
3. *sásraí (idir-inoibritheachta agus cibearshlándála) agus bonneagair (bandaleithid agus inscálaitheachta) a thógáil atá comhoiriúnach d'aistriú trasteorann tacar sonraí mór i bhfíor-am [moladh 9];*
4. *ainmniú pointí teagmhála aonair san Aontas a chothú chun iarrataí ó údaráis phoiblí agus teagmhálacha leo a láimhseáil, d'fhonn forfheidhmiú na n-oibleagáidí maidir le hidircheapadh dleathach a éascú agus sásraí a bhunú chun iarrataí trasteorann a spriocdhíriú go héifeachtúil [moltaí 19 agus 36];*
5. *forbairt comhaontuithe déthaobhacha maidir le rochtain fíor-ama ar shonraí le tríú tíortha a chothú, go háirithe leis na Stáit Aontaithe [moladh 38.4].*

D'fhéadfadh roinnt gníomhaíochtaí tacú le cur chun feidhme éifeachtach Molta ón Aontas maidir le hidircheapadh dleathach.

***Príomhghníomhaíocht: Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an gCoimisiún comhordú agus cistiú iomchuí a chur ag gabháil le cur chun feidhme Molta ón Aontas maidir le hidircheapadh dleathach***

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an gCoimisiún plean soiléir a mholadh chun tacú le cur chun feidhme Molta ón Aontas maidir le hidircheapadh dleathach, lena n-áirítear ó thaobh na pleanála airgeadais de.

Céim 3: Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh ionstraim dlí ann maidir le hidircheapadh dleathach

D'fhéadfadh sé nár leor comhordú amháin chun an leibhéal comhchuibhithe is gá a bhaint amach, fiú má chomhlánaítear an comhordú le bearta chun ionstraimí dlí atá ann cheana a dhéanamh níos éifeachtúla. D'fhéadfadh gá a bheith le sraith nua rialacha chun in-fhorfheidhmitheacht iarrataí agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, chun coinbhleachtaí dlí a bhaint agus chun an t-ualach riaracháin a ghabhann le seiceálacha comhlíontachta agus dlíthiúlachta a laghdú. Ina theannta sin, cuireann na difríochtaí idir rialacha maidir le hidircheapadh dleathach ar fud an Aontais ceanglais throma ar eintitis rialáilte ar nós soláthraithe seirbhísí ar líne, rud a d'fhéadfadh bacainní ar rochtain ar an margadh a chruthú do sholáthraithe cumarsáide[118]. I ndáil leis sin, chuideodh rialacha comhchuibhithe an Aontais maidir le hidircheapadh dleathach na sonraí atá ar fáil le bonneagar digiteach na hEorpa a thógáil amach anseo, agus thabharfaí tús áite do shamhail a thairgfeadh bonneagar teileachumarsáide a d'fhéadfadh cumhdach a thabhairt ar fud na mór-roinne[119].

Is dreasacht láidir é an t-aistriú chuig cumarsáid idirlín chun rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain a leagan síos ar leibhéal an Aontais; mar sin féin, ba cheart inghlacthacht ionstraime dlí, a hindéantacht agus an tionchar atá aici ar an tionscal, ar an gcibearshlándáil agus ar an tslándáil a mheasúnú go cúramach, agus na difríochtaí faoi láthair idir córais dlí na mBallstát maidir le hidircheapadh dleathach á gcur san áireamh. Dúirt saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil gur cheart an méid seo a leanas a dhéanamh le hionstraim fhéideartha: (i) na prionsabail a leagtar amach i moladh 1.1 a chomhlíonadh; (ii) peirspictíocht na gceart bunúsach agus ceannasacht na stát in ábhair choiriúla agus sa tslándáil náisiúnta a chur san áireamh go hiomlán; agus (iii) inspioráid a fháil ón obair a rinneadh ar an bpacáiste r-fhianaise.

**D'aontaigh saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil gur cheart creat soiléir in-fhorfheidhmithe a bheith ag gabháil le haon tionscnamh chun rialacha maidir le hidircheapadh dleathach a chothú nó a fhorchur ar gach cineál seirbhíse cumarsáide leictreonaí chun gníomhú i gcoinne soláthraithe cumarsáide a oibríonn go neamhdhleathach** agus/nó a dhiúltaíonn aon chineál comhair le forfheidhmiú an dlí. In éagmais creat mar sin, bhainfí an bonn de na rialacha, agus dhéanfadh gníomhaithe coiriúla, *en masse*, a gcumarsáidí a aistriú chuig soláthraithe neamhchomhlíontacha. Ba cheart a chur san áireamh in aon tionscnamh de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo an difríocht idir soláthraithe seirbhísí OTT nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí dlíthiúla agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a mholann d'aon ghnó seirbhísí atá saincheaptha do ghníomhaíochtaí coiriúla. Ina theannta sin, ba cheart *acquis* an Aontais a chur san áireamh in aon tionscnamh, go háirithe an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

---

118 Féach *Lawful interception – A market access barrier in the European Union*, Vadim Doronin in *Computer Law & Security Review 51* (2023) 105867

119 Páipéar Bán – Conas is féidir máistreacht a fháil ar riachtanais na hEorpa maidir le bonneagar digiteach? | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú (europa.eu)

D'fhéadfadh bearta riaracháin nó breithiúnacha a bheith i gceist leis an tionscnamh sin. D'iarr saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil go ndéanfaí dianmhachnamh ar an ábhar lena dtabharfaí aghaidh ar chearta bunúsacha agus ar ábhair imní chibearshlándála araon agus ar na dúshláin chasta teicneolaíocha atá i gceist.

**_Cnuasach moltaí 9_**

*Bunaithe ar anailís bhreise agus ar mheasúnú tionchair, molann na saineolaithe* ***ionstraim de chuid an Aontais a cheapadh maidir le hidircheapadh dleathach (arbh é a bheadh inti dlí bog nó ionstraimí dlíthiúla ceangailteacha) chun críocha fhorfheidhmiú an dlí*** *lena mbunófaí oibleagáidí in-fhorfheidhmithe do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí san Aontas. Molann siad go ndéanfaí an méid seo a leanas leis an ionstraim fhéideartha sin: [moladh 38]*

1. *cloí leis na prionsabail a comhaontaíodh i gCnuasach moltaí 7;*
2. *a bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de [moladh 21];*
3. *comhchuibhiú beart dlí choiriúil a chothú ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear príosúnacht, i gcoinne seirbhísí cumarsáide leictreonaí neamh-chomhoibríocha chun comhar a fhorfheidhmiú [moladh 34];*
4. *peirspictíocht na gceart bunúsach agus ceannasacht na stát in ábhair choiriúla agus sa tslándáil náisiúnta a mheas go hiomlán [moladh 38];*
5. *inspioráid a thógáil ón obair a rinneadh i gcomhthéacs ghlacadh na rialacha maidir le r-fhianaise [moladh 38, pointe (iv)];*
6. *oibleagáidí a chur ar sholáthraithe seirbhíse feidhmeanna áirithe ina gcuid seirbhísí a chasadh air nó a mhúchadh chun faisnéis a fháil tar éis barántas a fháil (mar shampla geoshuíomh úsáideora shonraigh a stóráil tar éis iarraidh dhleathach a bheith dírithe air) [moladh 32];*
7. *sásraí a chur san áireamh chun a áirithiú gur féidir leis na Ballstáit smachtbhannaí a fhorfheidhmiú i gcoinne seirbhísí cumarsáide leictreonaí neamh-chomhoibríocha (bearta riaracháin nó bearta dlí choiriúil, ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil soláthraí neamh-chomhoibríoch nó an bhfuil seirbhís de chineál coiriúil á tairiscint aige), i gcomhréir le rialacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha agus b'fhéidir ag cur leo, agus go ngníomhóidh na smachtbhannaí sin mar dhíspreagadh i gcoinne na n-eintiteas sin [moladh 33].*

Céim thábhachtach i dtreo rialacha níos comhchuibhithe agus níos infhorfheidhmithe maidir le hidircheapadh dleathach a bheadh i bhforfheidhmiú na bprionsabal a leagfaí amach i Moladh ón Aontas maidir le hidircheapadh dleathach. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá fós le hionstraim dlí chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, chun a áirithiú go mbeidh na coimircí is gá i bhfeidhm do gach seirbhís cumarsáide leictreonaí ábhartha agus idircheapadh dleathach á chur chun feidhme agus chun a áirithiú go gcuirfear iallach ar sheirbhís cumarsáide leictreonaí nach bhfuil toilteanach rialacha arna leagan síos ag na Ballstáit a fhorfheidhmiú déanamh amhlaidh.

***Príomhghníomhaíocht: Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar fhorbairt bhreise an chreata reachtaigh maidir le hidircheapadh dleathach chun críocha fhorfheidhmiú an dlí***

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an gCoimisiún Eorpach measúnú a dhéanamh, roimh aon mheasúnú tionchair a d'fhéadfaí a dhéanamh, ar an bhféidearthacht go mbeadh ionstraim dlí de chuid an Aontais ann maidir le hidircheapadh dleathach, ag tógáil ar an obair a rinneadh mar ullmhúchán do Rialachán agus do Threoir an Aontais maidir le r-fhianaise agus ag díriú ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a shainaithint.

## II. Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin theicneolaíocha

Is iomaí dúshlán ann do na húdaráis forfheidhmithe dlí maidir le rochtain ar shonraí, dúshláin a eascraíonn as a dheacra atá sé dóibh forbairtí teicneolaíochta a réamh-mheas agus iad féin a chur in oiriúint dóibh. Tá sé sin amhlaidh toisc, murab ionann is gníomhaithe in earnálacha eile ar nós na hearnála cosanta nó spáis, nach bhfuil na hacmhainní ná an caidreamh láidir leis an tionscal is gá chun é sin a dhéanamh, agus nach gá dóibh déanamh amhlaidh. In a lán cásanna, déanann gníomhaithe slándála inmheánaí iarracht bearnaí teicneolaíochta a líonadh ar bhealach frithghníomhach nó, níos minice, déanann siad iarracht a riachtanais a chumhdach le teicneolaíocht réamhdhéanta atá ar fáil agus ar phraghas réasúnta. Chun aistriú ó chur chuige frithghníomhach go cur chuige níos réamhghníomhaí a chothú, ní mór aghaidh a thabhairt ar dhúshláin theicneolaíocha ar bhealach struchtúrtha, réamhbhreathnaitheach agus ildisciplíneach, ina mbeidh dhá phríomhthosaíocht: ó thaobh na n-údarás náisiúnta de, tá sé fíor-riachtanach a áirithiú go mbeidh rochtain ag údaráis forfheidhmithe dlí ar na hacmhainneachtaí ábhartha chun sonraí atá ar fáil agus iad faoi bhealach a fháil agus a phróiseáil; cé go bhfuil sé ríthábhachtach d'oibreoirí agus do sholáthraithe teicneolaíochta go mbeidís in ann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le rochtain ar shonraí, príobháideachas agus cibearshlándáil, agus go gcaomhnófaí a leasanna.

Dá bhrí sin, molann saineolaithe go ndéanfaí dúshláin theicneolaíocha a réamh-mheas trí bheartas cuimsitheach réamhbhreathnaitheach, bunaithe ar **threochlár teicneolaíochta le haghaidh rochtain dhleathach** lena leagfar síos cuspóirí agus lena leagfar amach gníomhaíochtaí le cistiú gaolmhar chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Maidir le fothú acmhainneachta, cé go bhfuil na dúshláin éagsúil, is minic a bhíonn an cur chuige a mhol na saineolaithe comhchosúil maidir le fóiréinsic dhigiteach, coinneáil sonraí agus idircheapadh dleathach[120] agus cuireann sé leis na moltaí céanna, le héileamh láidir ar phleanáil atá dírithe ar chuspóirí chun deiseanna cistiúcháin a stiúradh, le rannpháirtíocht níos dlúithe ó ghníomhaithe tionsclaíocha agus ó phríomhpháirtithe leasmhara, mar shampla Mol Nuálaíochta maidir leis an tslándáil inmheánach.

Mar sin féin, d'áitigh saineolaithe forfheidhmithe dlí go raibh gá le dhá ghné a bhaineann go sonrach le hidircheapadh dleathach.

- Trí úsáid mhéadaithe a bhaint as meiteashonraí — e.g. sonraí suímh, taifid glaonna agus ceanntásca ríomhphoist — is féidir leideanna breise imscrúdúdúcháin a chur ar fáil. **De réir mar a nasctar níos mó agus níos mó gléasanna leis an idirlíon, tiocfaidh méadú ar an méid sonraí a ghintear, rud a thabharfaidh níos mó deiseanna chun patrúin iompraíochta a shainaithint.** D'iarr na saineolaithe go ndéanfaí níos mó taighde agus nuálaíochta maidir le **húsáid leathnaithe meiteashonraí** agus go nglacfaí níos mó leis an úsáid sin, mar shampla tríd an intleacht shaorga, mar bhealach chun an easpa rochtana ar shonraí inneachair a mhaolú. Ag an am céanna, thagair siad do na rioscaí don phríobháideachas a ghabhann le próiseáil fhairsing IS ar bhulc-mheiteashonraí pearsanta, ar gá iad a chothromú le saothrú spriocdhírithe ar shonraí inneachair. Mar sin féin, is léir do shaineolaithe forfheidhmithe dlí nach leor meiteashonraí amháin le cur in ionad luach fianaiseach an ábhair cumarsáide chun intinn a chruthú.

- Nuair a bhíonn coirpigh ag baint úsáid as ardáin chumarsáide chriptithe thiomnaithe ó cheann go ceann, ní mór do na húdaráis forfheidhmithe dlí úsáid a bhaint as réitigh oirbheartaíochta bunaithe ar shaothrú **leochaileachtaí** chun rochtain a fháil ar chumarsáid na n-amhrastach. Tá roinnt údaráis forfheidhmithe dlí ag feidhmiú cheana féin faoi chreat dlíthiúil lena gceadaítear idircheapadh ag críochphointí cumarsáide agus tá an teicneolaíocht acu chun déanamh amhlaidh, agus is féidir tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis sin. Chuige sin d'fhéadfaí tacú le forbairt a dhéanamh ar uirlisí a dhéantar san Aontas agus a cheadú do na húdaráis forfheidhmithe dlí iad a fháil agus a úsáid faoin gcreat dlíthiúil atá ann cheana.

  Mar sin féin, thug saineolaithe forfheidhmithe dlí dá n-aire nár cheart an modh seo a leathnú mar phríomhbhealach chun fianaise a bhailiú toisc nach bhfuil idircheapadh oirbheartaíochta inscálaithe ná gan fadhbanna. Mar shampla, d'fhéadfadh saincheisteanna dlínse teacht chun cinn bunaithe ar shuíomh na sprice. Thairis sin, tagann úsáid leochaileachtaí nach féidir a nochtadh salach i gcónaí ar chroíphrionsabail chibearshlándála.

[120] Mionsonraí sa chaibidil maidir leis an bhfóiréinsic dhigiteach.

Maidir le rochtain dhleathach trí dhearadh, mhol saineolaithe forfheidhmithe dlí cur chuige faichilleach, ós rud é nár cheart a iarraidh ar ghníomhaithe tionscail aon chóras a chomhtháthú ar dócha go lagóidh sé criptiú ar bhealach ginearálaithe nó sistéamach d'úsáideoirí uile seirbhíse; ba cheart rochtain dhleathach leanúint de bheith spriocdhírithe, ar bhonn cumarsáid ar chumarsáid. D'aontaigh siad maidir le hábharthacht an chuspóra fhoriomláin, ach d'áitigh siad gur gá dul chun cinn a dhéanamh de réir a chéile agus go gcaithfidh gach catagóir ábhartha de pháirtithe leasmhara a bheith páirteach, lena n-áirítear saineolaithe teicneolaíochta, cibearshlándála agus príobháideachais, agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus íogaireacht na díospóireachta poiblí á gcur san áireamh. Go háirithe, mhol siad go láidir cur chuige fianaisebhunaithe a ghlacadh agus measúnú cúramach a dhéanamh ar infhaighteacht réiteach teicniúil nach lagaíonn cibearshlándáil na cumarsáide ná nach n-imríonn tionchar diúltach ar chibearshlándáil oibreoirí.

***Cnuasach moltaí 10***

*Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin teicneolaíocha a ghabhann le hidircheapadh dleathach, molann na saineolaithe* ***treochlár teicneolaíochta le haghaidh rochtain dhleathach a fhorbairt***[121] *lena ndéanfar an méid seo a leanas go háirithe:*

1. *saineolaithe teicneolaíochta, cibearshlándála, príobháideachais, caighdeánúcháin agus slándála a thabhairt le chéile agus comhordú leordhóthanach a áirithiú, trí struchtúr buan b'fhéidir [moladh 22];*
2. *taighde agus forbairt agus glacadh uirlisí a chothú chun sonraí a fháil agus chun rochtain a fháil ar shonraí, lena n-áirítear cumais díchriptiúcháin, chomh maith le hacmhainneachtaí IS-bhunaithe chun anailís a dhéanamh ar shonraí*[122] *[moladh 4];*
3. *cur chuige comhordaithe a chothú maidir le caighdeánú ina gcuirfí san áireamh, de réir mar is iomchuí, an gá le rochtain dhleathach ar shonraí agus lena ndéanfaí an méid seo a leanas freisin [moltaí 15, 16 agus 20]:*
   a. *rannpháirtíocht cleachtóirí ó na pobail ábhartha uile i ngrúpaí ábhartha caighdeánúcháin a chothú;*
   b. *bearta leordhóthanacha caighdeánúcháin a chur le tionscnaimh amach anseo (chun cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a chothú);*
   c. *teicneolaíochtaí cumarsáide i gcoitinne, Idirlíon na Rudaí Nithiúla (lena n-áirítear, mar shampla, carranna nasctha) agus aon chineál nascachta (lena n-áirítear, mar shampla, cumarsáid satailíte) a chumhdach;*
4. *feabhas a chur ar chomhordú an Aontais leis an tionscal chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfuil réitigh theicneolaíocha ann ach nach gcuirtear chun feidhme iad; i gcásanna mar sin*[123]*, tá gá le treoraíocht shoiléir agus idirphlé soiléir a éascaítear ar leibhéal an Aontais [moladh 24];*
5. *rochtain dhleathach trí dhearadh a chur chun feidhme maidir leis na teicneolaíochtaí ábhartha uile i gcomhréir leis na riachtanais arna gcur in iúl ag lucht forfheidhmithe dlí, lena n-áiritheofar ag an am céanna slándáil agus cibearshlándáil láidir agus go gcomhlíonfar oibleagáidí dlíthiúla maidir le rochtain dhleathach [moladh 22];*
6. *aghaidh a thabhairt, ar bhealach críochnúil, ar na dúshláin a ghabhann le criptiú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:*
   a. *a áirithiú nach mbeidh oibleagáidí agus/nó caighdeáin nua a d'fhéadfadh a bheith ann, ina gcúis, go díreach nó go hindíreach, le hoibleagáidí a bheith ar na soláthraithe slándáil na cumarsáide a lagú tríd an mbonn a bhaint de chriptiú ó cheann go ceann nó é a lagú go ginearálta [moladh 23];*
   b. *a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach ag rochtain dhleathach trí dhearadh ar staid slándála na n-ailtireachtaí crua-earraí nó bogearraí lena mbaineann [moladh 23];*
   c. *Oibriú ar bhealach comhordaithe agus le tacaíocht ó chistiú an Aontais ar mhodheolaíocht chun rochtain dhleathach spriocdhírithe a fhorbairt, a láimhseáil agus a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach féidir rochtain a fháil ar shonraí trí chomhar le seirbhísí cumarsáide leictreonaí [moladh 10].*

[121] Ba cheart na trí shruth oibre a chumhdach sa treochlár teicneolaíochta: fóiréinsic dhigiteach, coinneáil sonraí agus idircheapadh dleathach.

[122] Tá feidhm ag an moladh seo freisin maidir le rochtain a fháil ar shonraí ar ghléas (féach an roinn maidir leis an bhfóiréinsic dhigiteach), ach tá na cásanna úsáide beagán difriúil.

[123] Mar shampla, nuair nach gceadaítear idircheapadh dleathach le comhaontuithe um ródú baile nó le cineál sonrach cur chun feidhme an Chórais Shaibhir Cumarsáide.

Cé go bhfuil roinnt tionscnamh a mhol saineolaithe an Ghrúpa Ardleibhéil ann cheana féin i bpáirt, tá géarghá le struchtúr níos fearr a chur ar an mbeartas teicneolaíoch meántéarmach agus fadtéarmach maidir le rochtain dhleathach sa treochlár teicneolaíochta, le cuspóirí spriocdhírithe agus ionstraim faireacháin ghaolmhar. Ní hamháin gur cheart rochtain ar shonraí faoi bhealach a chumhdach leis an gcur chuige sin, ach ba cheart fóiréinsic dhigiteach agus coinneáil sonraí a chumhdach leis freisin.

Ba cheart don treochlár teicneolaíochta a bheith réamhbhreathnaitheach, infhorfheidhmithe, dírithe ar ábhair thosaíochta agus a bheith fréamhaithe i straitéis dhigiteach an Aontais. Ba cheart do gach catagóir ábhartha de pháirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach ann, go háirithe institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, údaráis náisiúnta, acadóirí ar fud na réimsí ábhartha uile, an tionscal agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, i ndlúthchomhar le chéile, agus ba cheart rialachas soiléir a bheith aige.

***Príomhghníomhaíocht: Áitíonn saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an gCoimisiún treochlár teicneolaíochta maidir le rochtain ar shonraí a chur ar aghaidh agus a chur chun feidhme***

- Iarrann saineolaithe an ghrúpa ardleibhéil ar an gCoimisiún Eorpach treochlár teicneolaíochta a tharraingt suas agus a chur chun feidhme lena ndíreofar ar dhúshláin chriptiúcháin, lena dtabharfar aghaidh ar na gnéithe ábhartha uile, lena n-áirítear na gnéithe teicneolaíochta, margaidh, cibearshlándála, ceart bunúsach, caighdeánúcháin, forfheidhmithe dlí agus taighde. Ba cheart an treochlár teicneolaíochta sin a bheith ar fáil in 2025 agus ba cheart dó cur leis an saineolas ábhartha uile ó na Ballstáit agus ó chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí institiúidí an Aontais, lena n-áirítear maidir leis an gcibearshlándáil, cosaint sonraí agus príobháideachas.